National Treasury Management Agency

Ghníomhaireacht Bainistíochta An Chisteáin Náisiúnta

TUARASCÁIL & CUNTAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH

**31 NOLLAIG 2006**




JAZZ
J NOLAN

**National Treasury Management Agency**

28 Meitheamh 2007

An tUasal Brian Cowen T.D.
Tánaiste agus Aire Airgeadais
Foirgnimh an Rialtais
Sráid Mhuirfean Uacht.
Baile Átha Cliath 2.

A Thánaiste, a chara,

Tá sé mar onóir agam Tuarascáil agus Cuntais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta a chur faoi do bhráid don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006.

Le meas,

Michael J Somers
Príomhfheidhmeannach

Treasury Building, Grand Canal Street, Dublin 2, Ireland. Telephone: (353 1) 664 0800 Fax: (353 1) 664 0890 e-mail: info@ntma.ie Swift: NTMAIE2D

## Príomhfheidhmeannach & Stiúrthóirí



**MICHAEL J. SOMERS**
Príomhfheidhmeannach



**CIARÁN BREEN**
An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát




**JOHN C. CORRIGAN**
An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean




**ANNE COUNIHAN**
Gnóthaí Dlí & Corparáideacha
*(ar chead saoire speisialta ar bhord an Bhainc Eorpaigh um Athfhoirgníocht agus Forbairt)*



**EILEEN FITZPATRICK**
Sócmhainní Malartacha, An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean



**ADRIAN J. KEARNS**
An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta agus Acmhainní Daonna




**BRENDAN MCDONAGH**
Airgeadas, Teicneoláiocht & Riosca




**OLIVER WHELAN**
Bainistíocht Maoinithe & Féich

**FOIREANN**
Is mór ag an bPríomhfheidhmeannach agus na Stiúrthóirí an díograis agus an dianobair ag an bhfoireann ar fad le linn na bliana.


## Coiste Comhairleach




**JOHN F. DALY**
Cathaoirleach, IIMC Limited



**GEROLD W. BRANDT**
Comhairleoir Airgeadais




**DAVID DOYLE**
Rúnaí Ginearálta,
An Roinn Airgeadais



**LEWIS L. GLUCKSMAN**
Infheisteoir Príobháideach



**TYTTI NORAS**
Comhairleoir Dlí, An Roinn
Airgeadais, An Fhionlainn



**DONALD C. ROTH**
Comhpháirtí Bainistíochta,
Emerging Markets Partnership,
Washington D.C.

Tháinig an Coiste Comhairlach le chéile ceithre huaire le linn 2006. Bhí cruinnithe eile ann le baill an Choiste ar bhonn rialta. Chomh maith leis sin, tháinig Coiste Iniúchta an GBCN le chéile ceithre huaire in 2006.

Is cúis mhór bróin dúinn é bás Lew Glucksman i mí Iúil 2006. Is mór againn a sheirbhís mar bhall den Choiste Comhairleach.

Gabhann an GBCN buíochas le baill an Choiste as ucht a gcomhairle agus a gcabhair i gcaitheamh na bliana agus as ucht a gcuid ama agus a gcuid saothair a thugadar le dúthracht.

Is mian leis an GBCN fáilte a chur roimh Shane O'Neill, Príomh-Oifigeach Straitéise, Liberty Global, a ndearnadh ball den Choiste de an 1 Bealtaine 2007.

Is saothar de chuid John Nolan, Ealaíontóir Éireannach, na péintéireachtaí sa tuarascáil seo

Clúdach Tosaigh: *Spring Meadow*

Clúdach Cuíl: *Still Life with Violin*



# Clár Na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Frámaíocht Dhlíthiúil | 2 |
| Forbhreathnú | 3 |
| Achoimre ar Ghníomhaíocht in 2006 | 5 |
| Bainistíocht Maoinithe & Féich | 9 |
| Coigiltis Mhiondíola | 17 |
| Trádáil Astuithe | 18 |
| Ciste an Bhoird Airgeadais Oideachais | 19 |
| An Ciste Árachais Shóisialta | 19 |
| Lárseirbhísí Cisteáin | 19 |
| Cuntais Dhíomhaoine | 19 |
| Ulysses Securitisation p.l.c. | 20 |
| Rátálacha Creidmheasa | 20 |
| Urrúis faoi Chumhdach Sócmhainne | 20 |
| An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean | 22 |
| An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta | 24 |
| Airgeadas, Teicneolaíocht agus Riosca | 25 |
| Comhairleacht agus Caidrimh Idirnáisiúnta | 30 |
| Cúrsaí Dlí & Corparáideacha | 32 |
| Acmhainní Daonna | 32 |

## Frámaíocht Dhlíthiúil

Forálann an tAcht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990 do bhunú Gníomhaireachta Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) “le hairgead a fháil ar iasacht don Státchiste agus leis an bhFiachas Náisiúnta a bhainistiú thar ceann an Aire Airgeadais agus faoi réir rialú agus mhaoirseacht ghinearálta an Aire Airgeadais agus le feidhmeanna gaolmhara áirithe a chomhlíonadh agus do dhéanamh socrú le haghaidh nithe comhghaolmhara”. Tá an chumhacht agus an éifeacht chéanna ag dualgais nó dliteanais a thógann an GBCN uirthi féin is a bheadh dá mba an tAire féin a thóg air iad.

Tá an Príomhfheidmeannach freagrach go díreach don Aire Airgeadais, agus é ceaptha aige, agus tá sé ina Oifigeach Cuntasaíochta chomh fada agus a bhaineann leis an gCoiste Dála um Chuntais Phoiblí. Tá Coiste Comhairliúcháin ag an GBCN chun cúnamh agus comhairle a thabhairt ar na hábhair a chuireann an GBCN ar aghaidh chuige.

Tugadh feidhmeanna breise don GBCN faoi na reachtanna seo a leanas:

- An tAcht um Urrú (Fáltais ó Mhorgáistí Áirithe) 1995
- An tAcht um Chúlchiste Náisiúnta Pinsean 2000
- An tAcht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2000
- An tAcht um Urrúis faoi Chumhdach Sócmhainne 2001
- An tAcht um Chuntais Dhíomhaoine 2001
- An tAcht um Ghníomhaireacht Airgeadais d’Fhorbairt Náisiúnta 2002
- Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2002
- An tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2002
- An tAcht um Polasaithe Árachais Saoil Neamhéilithe 2003
- An tAcht um Choimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú (Leasú) 2005
- An tOrdú um Ghníomhaireacht Náisiúnta an Chisteáin Náisiúnta (Feidhmeanna Bainistíocht Éileamh a Tharmligean) 2005
- An tAcht um an gCiste Carbóin 2007
- An tAcht Sláinte 2007
- An tAcht um Ghníomhaireacht Airgeadais d’Fhorbairt Náisiúnta 2007
- Achtanna Airgeadais éagsúla.

## Forbhreathnú

Bunaíodh an GBCN ag deireadh 1990 chun airgead a fháil ar iasacht don Státchiste agus chun bainistiú a dhéanamh ar an bhFiachas Náisiúnta. Tá trí mhórfheidhm bhreise aici anois – an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát, bainistiú a dhéanamh ar an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean; agus an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta. I dtéarmaí airgeadais déanann sí bainistiú ar chomhphunann sócmhainne agus dliteanais arb ionann é agus €60 billiún agus b'ionann a shreabhadh airgid anuraidh agus €576 billiún.

Is iad na príomhchuspóirí atá ag gníomhaíochtaí bainistíochta maoinithe agus fiachais an GBCN ná – an t-ualach úis atá ar an Státchiste a laghdú chomh mór agus is féidir sa mheántéarma, a chinntiú go bhfuil dóthain airgid ar fáil i gcónaí chun riachtanais an Státchiste a chomhlíonadh, ceansú a dhéanamh ar luaineacht bhliain-ar-bhliain i gcostais agus rátaí úis ísle a dhaingniú nuair is caoi.

In 2006, bhí an barrachas ag €2.264 billiún – cé gur ceapadh go mbeadh easnamh beagnach €3 bhilliún ann. Bhí na rátaí úis níos fabhraí ná mar a measadh a bheadh agus mar thoradh air seo go léir bhíothas in ann airgead a choigilt ar an mbille úis.

Nuair a bunaíodh an GBCN i mí na Nollag 1990, bhí fiachas na hÉireann ar cheann de na fiachais ba mhó san Eoraip, ag breis is 100 faoin gcéad den OTN. Tá sé anois ar cheann de na fiachais is ísle ar bhonn comhréireach. Toisc gur fheidhmigh an Státchiste go tréan in 2006, thit an dearbhluach fiachais don chéad uair ó 2001 i leith. De bhreis air sin, tá an t-ualach úis a chuireann sé sin ar an Stát tar éis titim go géar a bhuíochas le fás gasta sa gheilleagar agus rátaí úis a bheidh ag dul i laghad. Shlog an t-ús ar fhiacha i 1991, an chéad bhliain iomlán ag an GBCN ag feidhmiú, beagnach 26 faoin gcéad den ioncam cánach; faoin mbliain 2006, bhí sin tite go 4.1 faoin gcéad.

In ainneoin gur laghdaigh an Fiachas Náisiúnta in 2006 – go díreach faoi bhun €36 billiún – ní mór stoc an fhiachais a athmhaoiniú go rialta de réir mar a thagann an t-am le haisíoc a dhéanamh ar bhannaí agus ionstraimí fiachais eile, go príomha táirgí fiachais miondíola. Caithfear dóthain airgid a bheith ar fáil i gcónaí ar eagla go mbeadh gá leis ar chúis ar bith, agus caithfear gach barrachas airgid a chur i gcuntas a thuilleann ús gach tráthnóna. Dá bhrí sin is gá margadh gníomhach agus leachtach a choinneáil i mbannaí Rialtais, a bhfuil seilbh ag infheisteoirí lasmuigh den Stát ar a bhformhór, lena chinntiú gur féidir teacht ar airgead úr de réir mar atá gá leis agus ag na rátaí úis is fearr sa eurozón. Cuidíonn teagmháil leantach le príomhdhéileálaithe, le forais infheistíochta agus le gníomhaireachtaí rátála creidmheasa measúnú a dhéanamh ar an bpróiseas seo. Feidhm shuntasach laethúil amháin ná airgead a fháil ar iasacht le cur isteach sa Bhanc Ceannais le go gcuirfí i dtaiscí é sa mhargadh, ionas go gcoimeádfaí na leibhéil leachtachta atá riachtanach dar le Banc Ceannais na hEorpa.

Chomh maith leis na chéad feidhmeanna a bhí aici, chuir reachtaíocht a tháinig ó shin freagrachtaí breise ar an GBCN:

Tugadh freagracht bhainistíochta an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean don GBCN ó Aibreán 2001 ar feadh tréimhse deich mbliana. Cé go bhfuil an Ciste rialaithe ag an gCoimisiún um Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, tá feidhmeanna éagsúla ag an GBCN mar Bhainisteoir Ciste. I measc na bhfeidhmeanna sin cuireann sí comhairle maidir le polasaí ar fáil don Choimisiún, cuireann sí straitéis infheistíochta an Chiste i bhfeidhm, chomh maith le roghnú agus athbhreithniú feidhmíochta ar bhainisteoirí infheistíochta an Chiste agus feithiclí infheistíochta áirithe. Déanann an GBCN bainistíocht dhíreach ar phunann bannaí neamhghníomhacha an Chiste, a airgead tirim neamhinfheistithe agus a oibríochtaí fálaithe ar airgeadra coigríche.

Ó Nollaig 2001 i leith, tá feidhm ag an GBCN mar an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (GÉS), ag láimhseáil éilimh, go háirithe ar Airí Rialtais agus an tArd-Aighne, de bharr gortuithe pearsanta agus damáiste do mhaoin. Cuireadh freagrachtaí eile dá leithéid uirthi ina dhiaidh sin maidir le héilimh ar fhoirne cliniciúla agus fiontair cúraim shláinte. I Meán Fómhair 2005, cuireadh cineálacha éilimh eile faoi chúram an GÉS, go háirithe iad siúd a bhain le mí-úsáid ghnéasach leanaí, chomh maith le héilimh ina raibh cailliúint éisteachta á chur i leith. Tá tuairim is 3,900 éileamh idir lámha faoi láthair. Maidir leis na cineálacha éileamh a bhí faoi chúram an GÉS an chéad lá in 2001, tá a líon siúd maolaithe go suntasach. Tá forbairt á dhéanamh i gcónaí ag an GÉS ar an fheidhm atá aici comhairle a thabhairt ar conas líon na n-éileamh a ísliú amach anseo. Tá athbhreithnithe riosca córasach déanta aici ar phríomh-Údaráis Stáit agus comhthionscnaimh sláinte agus sábháilteachta curtha le chéile aige. Tá a foireann comhairliúcháin riosca neartaithe ag an GÉS freisin san earnáil sláinte.

Tá cúram ar an nGníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (GAFN), a bunaíodh ar an gcéad lá Eanáir 2003, comhairle a chur ar fáil maidir leis na bealaí is éifeachtaí le maoiniú a dhéanamh ar thionscadail infheistíochta poiblí, ina measc seo tionscadail a bhfuil soláthar á dhéanamh orthu trí Chomhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha (CPP). I mí Iúil 2005, d'fhógair an Rialtas go gcuifrí leis an GAFN chun go gcuimseodh seo "Lárionad Saineolais" a bheadh

freagrach as an soláthar féin a dhéanfaí do thionscadail CPP áirithe. Achtaíodh An tAcht um Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (Leasú) 2007 ar an 10 Aibreán 2007, a chuireann ról soláthair an GAFN ar bhonn reachtúil.

Forálann Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 le go n-infheisteofaí €76 billiún i gcaiteachas caipitil poiblí. I gcás gach tionscadail os cionn €20 milliún, caithfear comairle a fháil ón GAFN. Go dtí seo, chuir an GAFN a comhairle i gcrích ar 35 tionscadal, as iomlán de 107 tionscadal a atreoraíodh chun na gníomhaireachta. Ina measc, tá an GAFN ag soláthar do sheacht thionscadal bhonneagair thar ceann Údaráis Stáit.

Tá bainistiú á dhéanamh ag an GBCN ar nach mór €2.7 billiún de shócmhainní an Chiste Árachais Shóisialta. In 2003, cuireadh freagracht ar an GBCN i dtaca le bainistíocht Chiste na gCuntas Díomhaoin, a chlúdaíonn suimeanna neamhéilithe ó chuntais bhainc, agus cuireadh lena raon le déanaí chun polasaithe árachais neamhéilithe a chlúdach chomh maith. Thug reachtaíocht eile feidhmeanna áirithe don GBCN maidir le hurrúis faoi chumhdach sócmhainne eisithe ag forais airgeadais in Éirinn.

Mar fhoras airgeadais lasmuigh den státseirbhís, feidhmíonn an GBCN le sainchúram tráchtála, rud a chuidíon léi pearsanra gairmiúil a earcú ón earnáil phríobháideach ag rátaí an mhargaidh. Dá réir sin, tá an cumas agus an tsolúbthacht aici déileáil le raon leathan saincheisteanna airgeadais thar ceann an Stáit. Chuidigh dáileadh na bhfeidhmeanna breise seo ar an GBCN le húsáid níos fearr a bhaint as na cumais rialaithe láidir airgeadais, bainistíochta riosca agus próiseála idirbhearta, a córais comhtháite TF agus a feidhm iniúchta inmheánaigh. Cé go bhfuil a príomhghaol tuairiscithe aici leis an Aire Airgeadais, feidhmíonn sí i gcomhar le ceithre bhord – Coiste Comhairliúcháin an GBCN, An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean, Coiste Polasaí na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát agus Bord na Gníomhaireachta Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta – chomh maith le dhá choiste iniúchta. Chabhraigh socraithe eagraíochtúla atá réidh agus solúbtha i dteannta le pacáistí luacha saothair atá bunaithe ar fheidhmíocht leis an GBCN feidhmiú le meitheal réasúnta beag oibrithe – 135 faoi láthair – gan trácht ar an réimse freagrachtaí atá méadaithe go mór.

Mar an chéad oifig fiachais a bunaíodh le tamall anuas, tagann tíortha eile chuig an GBCN go rialta ag iarraidh aithris a dhéanamh ar chur chuige na hÉireann le feabhas a chur ar a suíomh airgeadais. Tharraing na freagrachtaí breise a cuireadh ar an GBCN aird úr ó thar lear.

Tá an chuid is mó den eolas sa tuarascáil seo ann chun cuidiú le hinfheisteoirí a bheadh ag machnamh ar infheistiú i bpáipéar Rialtais na hÉireann agus é dírithe freisin ar eagraíochtaí atá ag déanamh measúnaithe ar acmhainneacht chreidmheasa an Stáit. Tugann an suíomh gréasáin – www.ntma.ie – eolas breise, mar a thugann an foilseachán *Irish Information Memorandum*, a fhoilsítear gach Márta agus atá ar fáil freisin ar an suíomh gréasáin. Tarlaíonn an tuairisciú is déanaí ag an GBCN gach bliain ar Oíche Chinn Bhliana i bpreasráiteas cuimsitheach dheireadh na bliana.

Foilsíonn an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean agus an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta a dTuarascálacha Bliantúla féin.

# Achoimre ar Ghníomhaíocht in 2006

## Ar an Iomlán

- Le barrachas buiséid de €2.3 billiún in 2006 – seachas an t-easnamh de €3 bhilliún a réamh-mheasadh a bhedh ann- chomh maith le gnóthachain láidre sa Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, bhí an Stát tuairim is €7 mbilliún níos saibhre ná mar a bhí súil aige a bheith ag tús na bliana; mar sin is ionann an gnóthachan comhlán don dá bhliain dheireanacha agus €12 billiún.
- Tháinig ardú ar an iomlán sna punanna sócmhainní agus dliteanais a ndéanann an GBCN bainistiú orthu, agus is fiú iad anois agus beagnach €60 billiún.
- B'fhiú beagnach €580 billiún an t-ollsreabhadh airgid tríd an GBCN in 2006, atá cothrom le tuairim is ceithre oiread OTN na hÉireann.

## An Fiachas Náisiúnta

- Laghdaigh an Fiachas Náisiúnta €2.3 billiún agus b'ionann é agus €35.9 billiún ag deireadh 2006.
- Níl san Fhiachas Náisiúnta, lúide an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean agus cistí eile atá faoi bhainistíocht an GBCN, ach luach sé mhí ioncaim cánach (agus laghdú tagtha air ó dheireadh 2005, nuair ab ionann é agus sé mhí go leith). Nuair a cuireadh an GBCN ar bun in 1990, b'éigean breis is luach trí mhí d'ioncam cánach a úsáid chun an t-ús ar na fiacha a íoc.
- Tá an cóimheas Fiachas Ginearálta an Rialtais/OTN ag titim i gcónraí – go 24.9 faoin gcéad ag deireadh 2006 (ó 27.4 faoin gcéad ag deireadh 2005) agus tá sé fós ar cheann de na cóimheasa is ísle san AE.
- Dá mbainfí luach an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean bheadh cóimheas Fiachas Náisiúnta an Rialtais/OTN níos lú ag tuairim 12.7 faoin gcéad ag deireadh 2006 (16.3 faoin gcéad ag deireadh 2005).
- Íocadh ús de €1,859 milliún ar an bhFiachas. Glacann costais úis 4.1 faoin gcéad den ioncam cánach, níos lú ná an séú cuid den fhigiúr 25.7 faoin gcéad a bhí ann cúig bliana déag ó shin. Toisc an laghdú seo ar ualach úis atá le híoc tá acmhainní suntasacha fágtha ag an Rialtas anois le húsáid ar bhealaí eile. Chosain sé €271 milliún faoi bhun an bhuiséid chun fónamh a dhéanamh don fhiachas náisiúnta.
- Tá seilbh ag infheisteoirí eachtrannacha ar 86 faoin gcéad de bhannaí Rialtas na hÉireann, méadú géar ó 22 faoin gcéad ag deireadh 1998, díreach sular tugadh an euro isteach.
- Déantar bannaí tagarmharcála na hÉireann a thrádáil ag beagnach an costas céanna le cinn na Gearmáine agus na Fraince, a fheictear mar an dá iasachtaí thagarmharcála. Mar thoradh ar a láidre is atá cúrsaí an airgeadais phoiblí, ní raibh gá le haon aon cheann de na bannaí reatha a eisiúint ná a chur ar ceant le linn 2006.

- Seo na torthaí a bhí ar bhannaí:

| | Amhail 31 Nollaig '06 | Amhail 26 Meith '07 |
|---|---|---|
| Banna Cisteáin 3¼% 2009 | 3.90% | 4.44% |
| Banna Cisteáin 5% 2013 | 3.92% | 4.53% |
| Banna Cisteáin 4.6% 2016 | 3.95% | 4.58% |
| Banna Cisteáin 4½% 2020 | 4.03% | 4.65% |

- Ag deireadh 2006, bhí rátaí úis seasta ag 88 faoin gcéad den Fhiachas Náisiúnta. Baineann an t-iarmhéid le scéimeanna coigiltis miondíola. Tá an leibhéal ard fiachais ag ús seasta ann mar thoradh ar an bpolasaí iasachtaí fadtéarmacha a cheangal isteach ag rátaí úis nach bhfacthas chomh híseal riamh cheana, agus sa chaoi sin tá cosaint á dhéanamh ar an Státchiste ó na tionchair a bhíonn ag rátaí úis atá ag ardú.
- Tá deireadh curtha le riosca rátaí malairte ar an bhFiachas Náisiúnta, toisc go bhfuil gach fiachas ainmnithe nó malartaithe ina euro.
- Chruinnigh scéimeanna coigiltis miondíola Rialtais €219 milliún in 2006, ach nuair a chuirtear an t-ús a fabhraíodh san áireamh, thit an tsuim le híoc. Aisíocadh €142 milliún le sealbhóirí Cuntas Speisialta Coigiltis leis An Post a tháinig chun aibíochta.
- D'athdhearbhaigh na gníomhaireachtaí rátála creidmheasa go léir, i dtreo dheireadh 2006, go raibh fiachas Rialtas na hÉireann mar cheann de na fiachais is fearr ar domhan. Tá an rátáil chreidmheasa fhadtéarmach is airde AAA fós á shannadh d'Éirinn ag Moody's, Standard & Poor's, Fitch and Rating & Investment Information Inc., le todhchaí chobhsaí.

## Gníomhaíochtaí Airgeadais eile an GBCN

- Tá an GBCN ag fáil iasachtaí thar ceann na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe ó mhí Feabhra 2003. B'ionann na meániasachtaí gan íoc thar ceann na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe agus €1.57 billiún in 2006. B'ionann an láimhdeachas in 2006 agus €31.2 billiún.
- Cuireann an Lárhseirbhís Cisteáin d'údaráis sláinte agus oideachais agus don rialtas áitiúil rogha iomaíoch eile ar fáil i gcónaí maidir le hiasachtaí airgid do na comhlachtaí seo seachas an earnáil bhaincéireachta. Bhí iasachtaí le meánluach €50 milliún agus airgead i dtaisce le meánluach €55 milliún amuigh le linn 2006.
- Déanann an GBCN bainistíocht ar shócmhainní an Chiste Árachais Shóisialta thar ceann na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. Bhí sócmhainní iomlána le luach €2.7 billiún faoi bhainistíocht an GBCN ag deireadh 2006, méadú faoi €600 milliún ó dheireadh 2005.
- Déanann an GBCN bainistíocht ar shócmhainní Chiste na gCuntas Díomhaoin, ina raibh €211.5 milliún ag deireadh mhí na Nollag 2006 (€204.4 milliún ag deireadh 2005). Seasann an Ciste ag tuairim €259 milliún anois.
- Déanann an GBCN bainistiú ar chúram banna neamhghníomhach don Chúlchiste Náisiúnta Pinsean. D'éirigh leis an bpunann bannaí seo €500 milliún a ghnóthú ó bunaodh é agus faoi láthair tá €1.8 billiún sa phunann. Déanann an GBCN bainistiú chomh maith ar iarmhéideanna airgid tirim an Chiste, atá ag €340 milliún faoi láthair.

- Is é an GBCN a thugann faoi na hidirbhearta malairte eachtraí a lorgaíonn an NPRF dá infheistíochtaí i sócmhainní neamh-euro agus do chur i ngníomh straitéis fálaithe fhadtéarmach an Chiste (ach amháin na cinn sin a úsáidtear chun bainistiú gníomhadh a dhéanamh ar an nochtadh ar airgeadra eachtrach). B'ionann láimhdeachas ar na gníomhaíochtaí seo in 2006 agus os cionn €32 billiún.
- Déanann an GBCN bainistiú ar an iarmhéid i gCuntas an Státchiste sa Bhanc Ceannais chun tacú leis na hoibríochtaí foriomlána bainistíochta a bhíonn ar bun ag Banc Ceannais na hEorpa. B'ionann láimhdeachas oibríochtaí bainistíochta leachtachta an ECB in 2006 agus €229 billiún, agus is ionann méid na meánidirbheart laethúil agus €620 milliún. Bhí €3.6 billiún i dtaisce ag an Státchiste leis an mBanc Ceannais ag deireadh 2006.

## An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

- Tá an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (GÉS) ag déanamh bainistíochta faoi láthair ar tuairim is 3,900 éileamh, agus as an méid sin baineann 1,430 le faillí chliniciúil i gcoinne ospidéal agus fiontar sláinte. Cuimsíonn an cúl-luach iomlán gan íoc de thuairim is €314 milliún:
  - » Dliteanas Fostóra, Dliteanas Poiblí agus Damáiste do Mhaoin €116 milliún (37%)
  - » Éilimh Chliniciúla €198 milliún (63%)
- Go deireadh Mheitheamh 2007, réitigh an GÉS 3,100 den líon iomlán éileamh a fuair sé ó cuireadh an ghníomhaireacht ar bun in 2001 – rud a chosain tuairim is €42 milliún. As an méid sin b'éilimh DF/DP/DM iad 2,800 díobh agus b'éilimh chlinicúla iad 300 eile.
- Réitiódh 27 faoin gcéad de gach éileamh DF/DP/DM atá dúnta, gan aon chostas ar an Stát. Réitíodh 43 faoin gcéad de gach éileamh cliniciúil atá dúnta gan aon chostas ar an Stát.
- Ba é 2006 an chéad bhliain iomlán ina ndearna an GÉS bainistiú ar na cineálacha breise éileamh a sannadh don Ghníomhaireacht i Meán Fómhair 2005, go háirithe éilimh a bhaineann le mí-úsáid leanaí agus an chuid eile de na héilimh a bhain le cailliúint éisteachta, ar éilimh iad a rinne baill de na Fórsaí Cosanta.
- Baineann 71 faoin gcéad de gach éileamh leis an tSeirbhís Phríosúin, an Garda Síochána agus na Fórsaí Cosanta.
- Tríd is tríd, níl athrú tagtha ar leibhéal na n-éileamh um fhaillí chliniciúil – tá líon na n-éileamh a bhfuil deireadh déanta leo agus líon na n-éileamh nua beagnach cothrom lena chéile.
- Chuathas i mbun clár cuimsitheach tionscnamh riosca ar fud na n-údarás Stáit go léir, in 2006. Áiríodh ar an gclár seo, go háirithe:
  - » iniúchadh ar an gcóras sláinte agus sábháilteachta sna Fórsaí Cosanta;
  - » cur i bhfeidhm na moltaí i dtuarascail de chuid na GÉS maidir le bainistiú a dhéanamh ar riosca sa tSeirbhís Phríosúin in Éirinn;
  - » Grúpaí Idirchaidrimh Bainistíochta Riosca a chur ar bun leis An Garda Síochána, leis an Roinn Talmhaíochta agus Bia agus le hOifig na nOibreacha Poiblí; agus
  - » sraith cúrsaí oiliúna agus seimineáir do scoileanna agus Ranna Rialtais.
- I measc na bpríomhfhorbairtí a d'eascair as Plean Seirbhíse Bainistíochta Riosca CIS 2006 bhí tionscnaimh um dhearbhú cáilíochta chun tacú leis an gcóras STARSweb, fóraim mhaithe maidir le cúrsaí cnámhseachais agus péidiatraiceacha a chur ar bun, maille le comhthionscnaimh le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus leis an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte.

## An Ghníomhaireacht Airgeadais D'fhorbairt Náisiúnta

- Bunaíodh an GAFN ar an 1 Eanáir 2003 chun comhairle airgeadais a chur ar fáil d'údaráis Stáit a bhfuil tionscadail mhóra bhonneagair ar bun acu, bíodh sé sin trí mheán na Comhpháitíochta Príobháidí Poiblí (CPP) nó trí mheán an tsoláthair thraidisiúnta.
- Go dtí seo, atreoraíodh 107 tionscadal go dtí an GAFN, agus tá comhairle na gníomhaireachta curtha i gcrích ar 35 tionscadal. Astu seo, is CPPanna 20 dóibh seo, a bhfuil gá acu maoiniú suntasacha a fháil ón earnáil phríobháideach.
- In 2006 chuir an GAFN i gcrích a comhairle maidir leis na sé thionscadal seo a leanas:

| Conradh | Costas Iomlán €m | Conradh a Bronnadh | Spriocdháta don Chur i gCrích | CPP/ Neamh-CPP |
|---|---|---|---|---|
| Seachród N25 Phort Láirge | 360 | Aibreán 2006 | 2010 | CPP |
| Tollán Luimnigh | 330 | Lúnasa 2006 | 2010 | CPP |
| Cuan na gClocha Liatha | 210 | Ag feitheamh le Pleanáil | 2012 | CPP |
| Athnuathan ar Bhóthar Bhaile Shéamais | 45 | Feabhra 2007 | 2010 | CPP |
| Iasacht Athmhaoiniúcháin do Phríosún Lár na Tíre | 37 | Nollaig 2006 | I gCrích | Neamh-CPP |
| Maoiniú Caipitil do Horse Racing Ireland | 15 | Nollaig 2006 | I gCrích | Neamh-CPP |


- Faigheann an GAFN comhairle airgeadais i gcónraí maidr le cúpla tionscadal ardphróifíle. Mar shampla, Príosún Thornton Hall agus tionscadail iompair dála an Tionscadal CPP Metro Thuaidh, síneadh leis an LUAS agus le bóithre. Go dtí seo in 2007, chuir an GAFN i gcrích a comhairle maidir le coimpléasc na gCúirteanna Coisiúla, maidir le hIonad Comhdhála Náisiúnta, Staid Bhóthar Lansdúin agus roinnt scéimeanna tionscadal tithíochta sóisialta agus inacmhainne.
- I mí Iúil 2005, chuir an Rialtas le sainchúram an GAFN, ag soláthar do "Lárionad Saineolais" a bheadh freagrach as soláthar le haghaidh tionscadal, ar túd báire thar ceann na Roinne Sláinte agus Leanaí, na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus na Roinne Oideachais agus Eolaíochta. Faoi láthair tá an GAFN ag soláthar don chéad agus don dara grúpa de chláir le haghiadh 27 scoil thar ceann na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.

- Cuireadh níos mó le sainchúram an GAFN le déanaí chun go gcuimseofaí raon leathan de Ranna Rialtais: chuir an GAFN tús le hobair réamhsholáthair thar ceann na Roinne Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta don Cheoláras Náisiúnta agus d'Amharclann na Mainistreach.
- Achtaíodh an tAcht um Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (Leasú) 2007 i mí Aibreáin 2007, agus seo í an reachtaíocht a thugann éifeacht do ról soláthair an GAFN.

## An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean

- D'fhás an Ciste faoi €3.481 billiún ó €18.9 billiún amhail 31 Nollaig 2006 go €15.419 milliún amhail deireadh 2005. Chuir torthaí infheistíochta €2.035 billiún sa bhreis leis an gciste, fad is a chuir an Státchiste €1.446 billiún leis an gciste.
- Thuill an Ciste toradh infheistíochta de 12.4 faoin gcéad in 2006, agus seo é a cheathrú bliain ag fás go tréan, rud a thugann a thoradh bliantúil go 6.5 faoin gcéad, ó cuiredh ar bun an ciste i mí Aibreáin 2001.
- B'ionann luach an Chiste ag deireadh 2006 agus 12.6 faoin gcéad den OTN.
- Ag deireadh 2006 bhí scaireanna ag an gCiste i dtuairim is 2,250 cuideachta luaite ar fud an domhain. Bhí 161 urrús féich aige agus infheistiochtaí i 22 feithicile maoine agus 18 i bhfeithiclí infheistíochta cothromais phríobháidigh.
- I mí Aibreáin 2006 ghlac an Ciste ballraíocht le ceann de na forais infheistíochta is mó ar domhan, nuair a shínigh sé Prionsabail na NA um Infheistiú Freagrach An aidhm atá leis na Prionsabail ná comhtháthú a dhéanamh ar bhreathnú na saincheisteanna comhshaoil, sóisialta agus rialachais le cinnteoireacht agus cleachtais a bhaineann le húinéireacht, agus ar an gcaoi sin feabhas a chur ar a dtorthaí fadtéarmacha.

Luach NPRF óna bhunú (2 Aibreán 2001) go 31 Nollaig 2006




Foinse: GBCN

## Gníomhaíochtaí Nua

- Foálann An tAcht um an gCiste Carbóin 2007 do bhunú Ciste Carbóin agus ainmnítear an GBCN ar an ngníomhaire Stáit a bhfuil freagracht air as creidmheasa carbóin a cheannach chun gur féidir le hÉirinn a dualgais a chomhlíonadh faoi Phrótacal Kyoto.
- Tá an GBCN le bainistiú a dhénamh ar cheangaltais airgedra eachtraigh (tuairi is €100 milliún in aghaidh na bliana) don Roinn Gnóthaí Eachracha. Déanfar é seo ar bhonn neamhreachtúil ag feithimh le hachtú na reachtaíochta.
- Cuireadh an Bord Airgeadais Oideachais ar bun i mí Feabhra 2006 faoi alt 23 den Acht um Choimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú (Leasú) 2005. Is féidir leis an mBord úsáid a bhaint as an gCiste, agus déanann an GBCN bainistiú ar íoc amach an chiste thar ceann an Bhoird. B'ionann iarmhéid an Chiste amhail 31 Nollaig 2006 agus €10 milliún.
- I mí Iúil 2006 d'iarr an Roinn Airgeadais ar an GBCN athbhreithniú a dhéanamh ar bhainistiú cisteáin agus ar shocruithe baincéireachta Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Cuireadh tús leis an athbhreithniú i Meán Fómhair agus cuireadh tuarascáil faoi bhráid na Roinne Airgeadais i mí na Nollag 2006.
- Forálann Acht Sláinte 2007, do bhunú an Údaráis um Fhainéis agus Cáilíocht Sláinte, lena n-áirítear foráil mar ar féidir leis an GBCN, ar iarratas ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, bainistiú a dhéanamh ar airgead i gcuntais mhaoin phríobháideacha na n-othar, ar théarmaí a comhaontaíodh leis an FSS.

## Urrúis faoi Chumhdach Sócmhainne

- Leagtar feidhmeanna áirithe ar an GBCN faoin Acht um Urrúis faoi Chumhdach Sócmhainne 2001 agus mar chúiteamh íoctar táille bhliantúil léi i gcomhréir leis an méid gníomhaíochta atá déanta aici i gcúrsaí gnó.
- Le linn 2006, eisíodh €15.4 billiún d'urrúis faoi chumhdach sócmhainne in Éirinn faoin Acht, a thugann an t-iomlán atá eisithe chuig €60 billiún.

## Comhchaidrimh Chomhairleachta & Idirnáisiúnta

- Tá tíortha eile ag dul i gcomhairle leis an GBCN i gcónaí maidir lena gníomhaíochtaí bainistíochta sócmhainne agus dliteanais.

## Acmhainní Daonna

- Tháinig méadú ar líon na mball foirne ag obair le Gníomhaireacht Náisiúnta an Chisteáin Náisiúnta le linn 2006, ó 125 ball foirne go 130 ball foirne. Is sa Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát agus sa Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta is mó a tharla an earcaíocht. I mí an Mheithimh 2007, bhí 135 duine fostaithe leis an GBCN.




# Bainistíocht Maoinithe & Féich

## An Fiachas Náisiúnta

Thit an Fiachas Náisiúnta, is é sin an méid airgid glan atá fós le híoc ag an Státchiste, faoi €2.3 billiún in 2006 go deireadh na bliana nuair a bhí sé ag €35.9 billiún. Athraíonn an figiúr seo gach lá, ag brath ar ghluaiseachtaí airgid thirim isteach agus amach as an Státchiste. In 2006 bhí an sreabhadh airgid, arb ionann é agus €580 billiún, cothrom le ceithre oiread OTN na hÉireann. Déanann an GBCN déileáil le breis is céad banc agus foras airgeadais agus na gluaiseachtaí airgid thirim á mbainistiú aici.

In 2006, bhí barrachas buiséid de €2,264 milliún ag an Státchiste. Má bhaintear suim €243 milliún uaidh seo ón gCúlchiste Coigilteas Beag (CCB) agus €130 milliún do léithdháileadh airgid do chuspóirí caipitil a tugadh ar aghaidh ó 2006, is ionann an barrachas airgid thirim agus €1,891 milliún.

Seo a leanas léaráid de riachatanais maoinithe an Státchiste glan ó oibríochtaí bainistíochta leachtacha (a cuireadh i gcrích thar ceann Bhanc Ceannais na hEorpa):




*Príomhshuim amháin – tar éis €504 milliún a íoc mar ús, thit an glanmhéid le híoc ar fhiachas miondíola faoi €285 milliún in 2006.

## Ollsreabhadh Airgid In 2006

| Cuntas | € Billiún |
|---|---|
| Cuntas an Státchiste | 367 |
| An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean | 94 |
| An Ciste Árachais Sóisialta | 61 |
| An Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe | 31 |
| Ciste Bhanc Taisce an Phoist | 12 |
| Cuntas Airgeadra Coigríche | 7 |
| Cuntas Fuascailte na Seirbhísí Caipitil | 1 |
| Páipéar Idirghabhála Tráchtearra Talmhaíochta | 2 |
| Ciste na gCuntas Díomhaoin | 1 |
| **Iomlán** | **576** |

## Athrú ar Luach Ainmniúil an Fhiachais Náisiúnta in 2006


| | € milliún | € milliún |
|---|---|---|
| An Fiachas Náisiúnta (deireadh 2005) | | 38,182 |
| Móide | | |
| (i) Barrachas sa Státchiste | (2,264) | |
| (ii) Gluaiseachtaí neamhairgid* | (1) | |
| Athrú ar luach ainmniú an Fhiachais Náisiúnta | | (2,265) |
| **An Fiachas Náisiúnta (deireadh 2006)** | | **35,917** |

*Tionchar na ngluaiseachtaí i rátaí malairte agus glanlascainí ar thráinsí agus ar chealú bhannaí Rialtais. Tagann Préimheanna/Lascainí chun cinn nuair a eisítear bannaí nó nuair a chuirtear bannaí ar ceal ag praghas seachas a luach pair toisc éagsúlacht a bheith ann idir an cúpón ar na bannaí agus torthaí an mhargaidh.

## Fiachas Ginearálta an Rialtais

Baintear úsáid as an sainmhíniú Fiachas Ginearálta an Rialtais (FGR) chun comparáidí a dhéanamh laistigh den Aontas Eorpach. Tá an Fiachas Náisiúnta ar phríomh-chomhpháirt an FGR. Neamhchosúil leis an Fiachas Náisiúnta, ní cheadaíonn an FGR d'aon fhritháireamh d'iarmhéideanna airgid an Státchiste. Ina theannta sin, tá fiachas an Rialtais Áitiúil san áireamh san FGR, maille le cistí seachbhuiséid áirithe agus an t-ús fabhraithe nach bhfuil soláthar déanta dó maidir le Scéimeanna Coigiltis Miondíola.

B'ionann an meastachán FGR ag deireadh 2006 agus €43.8 billiún, sin laghdú €0.4 billiún ar fhigiúr dheireadh 2005. Thit an Fiachas Náisiúnta faoi €2,264 milliún agus bhain an chuid eile le fiachas na rialtais áitiúil.




Foinse: Eurostat, GBCN

## Airgeadra agus Marthanacht an Fhiachais

Ag deireadh 2006, bhí an Fiachas Náisiúnta uile ainmnithe in euro, nó aistrithe chuig euro.

Toisc seasamh láidir an Státchiste agus toisc nach raibh aon fhuascailt féich shuntasach ann, níor eisíodh aon bhanna fadtéarmach in 2006. Mar thoradh air seo, maille le caitheamh ama, tá marthanacht an Fhiachais Náisiúnta tar éis laghdú ó 5.83 go 5.29 bliana.


Left: *The Sugar Loaf*

## Cóimheasa Fiachais

B'ionann an laghdú ar chóimheas FGR/OTI agus díreach faoi bhun 2.5 pointe céatadáin le linn na bliana, mar ar laghdaigh sé go 24.9 faoin gcéad ag deireadh 2006. Laghdaigh an cóimheas Fiachas Náisiúnta/OTN faoi 4.2 pointe céatadáin go 23.9 faoin gcéad sa tréimhse chéanna.

Ach tá cúrsaí in Éirinn i bhfad níos fearr ná sin go bunúsach – nuair a chuirtear san áireamh an €18.8 billiún sa Chúlchiste Náisiúnta Pinsean ag deireadh 2006, titeann Fiachas Ginearálta an Rialtais go dtí 14.1 faoin gcéad.


Tá sé le tuiscint ó Phlean Buiséid trí bliana an Rialtais, a fógraíodh i mí na Nollag 2006, go mbeidh an cóimheas Fiachas Ginearálta an Rialtais/OTI cobhsaí sa tréimhse 2007 go 2009 – ag 22 faoin gcéad ar an meán.




Foinse: Eurostat, An Roinn Airgeadais and GBCN


## Comparáidí Idirnáisiúnta

Ag deireadh 2006, bhí fiacha comparáideacha na hÉireann fanta ar cheann de na fiachais is ísle i measc Bhallstáit an AE, agus é ag níos lú ná leath an mheáin san AE.





Foinse: Eurostat, Coimisiún an AE, An Roinn Airgeadais (meastachán 2006 le haghaidh na hÉireann)

Seo i gcomparáid le cúrsaí sa chéad leath de na 1990idí, nuair a bhí an fiachas go maith os cionn an mheáin.




Foinse: Eurostat, Coimisiún an AE, An Roinn Airgeadais (meastachán 2006 le haghaidh na hÉireann)

Léiríonn an suíomh fabhrach seo ina bhfuil Éire feidhmíocht eacnamaíoch na Éireann seachas aon athrú ábhartha ar mheán an AE, mar atá le feiceáil sa ghraf thíos.




Foinse: Eurostat, Coimisiún an AE, Meastachán 2005 na hÉireann, an Roinn Airgeadais

## An Costas ar Fhónamh don Fhiachas Náisiúnta


B'ionann an méid úis a d'íoc an Státchiste i leith an Fhiachais Náisiúnta in 2006 agus €1,859 milliún. Íocadh €243 milliún sa bhreis isteach sa Chúlchiste Coigilteas Beag (CCB). Tá an Státchiste ag carnadh an CCB ó 1994 i leith chun íoc as roinnt den ús a bhí fabhraithe ar scéimeanna coigiltis miondíola de réir mar a chaithfear suimeanna móra a íoc amach (féach lch 11).

Bhí an bille úis €271 milliún níos lú ná mar a bhí sa Bhuiséad, toisc iasachtaí a bheith níos ísle ná mar a ceapadh a bheadh, toisc rátaí úis fabhracha agus toisc tionscnaimh bhainistíochta fiachais áirithe de chuid an GBCN. Thug an tAire Airgeadais cead go n-úsáidfí €250 milliún den airgead coigilte seo chun tarraingt anuas 2006 ón gCiste Coigilteas Beag a laghdú.


Ar na míreanna eile a cuireadh de mhuirear ar Chostais Fónaimh don Fhiachas bhí Cistí Fiachmhúchta arb ionann iad agus €470 milliún – go bunúsach muirear teicniúil ar an mbuiséad reatha a thagann ar ais mar fháltas sa bhuiséad caipitiúil – agus táillí agus speansais riaracháin arb ionann iad agus €49 milliún.

Seo a leanas na figiuirí ábhartha.

| **Anailís ar thoradh an fhónaimh don fhiachas i gCoibhneas leis an mBuiséad** | **(€ milliún)** |
|---|---|
| Caiteachas an Státchiste d'Fhónamh don Fhiachas | 2,400 |
| Caiteachas Iarbhír an Státchiste d'fhónamh don Fh. | 2,379 |
| Athraitheas Fabhrach Iomlán ó Bhuiséad an Státchiste | 21 |
| Airgead a sábháileadh ar fhiacha ar baineadh úsáid as chun Tarraingt anuas an CCB a laghdú | 250 |
| **Iomlán an airgid coigilte ar fhónamh don fhiachas** | **271** |





Ní bhíonn gá anois ach le 4.1 faoin gcéad den ioncam a fhaightear ó cháin chun íoc as ús ar an bhFiachas Náisiúnta i gcomparáid le 25.7 faoin gcéad i 1991.





Foinse: GBCN

Thit costais úis ó 8.1 Faoin gcéad i 1991 go 1.2 faoin gcéad in 2006.




Foinse: GBCN

Tá laghdú suntasach tagtha ar an méid a chosnaíonn sé fónamh don Fhiachas Náisiúnta, agus é tithe ó 8.5 faoin gcéad i 1991 go dtí cúig faoin gcéad in 2006, toisc go bhfuil rátaí úis dhomhanda ag ísliú, toisc go bhfuil feabhas tagtha ar rátálacha creidmheasa na hÉireann agus, toisc tionscnaimh bhainistíochta an GBCN agus toisc rannpháirtíocht na hÉireann sa eurozón.




Foinse: GBCN

## Ús Ag Fabhrú Ar Scéimeanna Coigiltis Miondíola

Toisc nach n-íoctar ús ach nuair a aistrítear go hairgead Cairteacha Coigiltis, Bannaí Coigiltis agus Coigiltis Tráthchoda Náisiúnta, d'fhás dliteanas suntasach thar na blianta maidir le hús fabhraithe. Cuireadh ar bun an Cúlchiste Coigiltis Bheaga sa bhliain 1994 chun dul i ngleic leis an tsaincheist sin. Ó 1999 i leith, chuir an tAire Airgeadais foráil ar fáil i ngach Buiséad a cheadódh d'fhabhrú iomlán úis. Ag deireadh 2006, bhí €582 milliún sa Chúlchiste, sin díreach os cionn 56 faoin gcéad den ús fabhraithe arb ionann é agus €1,038 milliún.

## Comhdhéanamh an Fhiachais

| | € milliún (ainmniúil) | |
|---|---|---|
| | **31 Nollaig 2006** | **31 Nollaig 2005** |
| Bannaí ainmnithe in euro | 31,189 | 31,311 |
| Fiachas Meántéarm. agus Fadtéarm eile | 628 | 626 |
| Scéimeanna Coigiltis Miondíla | 6,437 | 6,227 |
| Glanfhiachas Gearrthéarmach | (2,337) | 18 |
| **Iomlán** | **35,917** | **38,182** |

## Gníomhaíocht Maoiniúcháin

Leanadh ag trádáil bhannaí Rialtas na hÉireann sna margaí in 2006 ag beagnach na leibhéil chéanna, nó uaireanta ag leibhéil níos ísle, ná bannaí tagarmharcála limistéar an euro a d'eisigh an Ghearmáin agus an Fhrainc. Toisc gur fheidhmigh airgead poiblí go maith le linn na bliana, bheartaigh an GBCN gach aon cheantanna bannaí a reáchtáil in 2006.


Bhí an GBCN gníomhach sna margaí páipéar gearrthéarmacha le linn na bliana. B'ionann an láimhdeachas sna margaí seo le linn na bliana agus €87 billiún, lena n-áirítear €31 billiún thar ceann na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe. Chomh maith leis sin, ghabh an GBCN de láimh gníomhaíocht bainistithe airgid, arb ionann é agus €229 billiún le linn na bliana, thar ceann Bhanc Ceannais na hEorpa.

## Próifíl Aibíochta

Tá aibíochtaí ag bannaí euro-ainmnithe na hÉireann a shíneann chomh fada le 2020. Is é atá sa 96 faoin gcéad den méid amuigh ná ceithre bhanna thagarmharcála, a thiocfaidh chun aibíochta i mí Dheireadh Fómhair 2007.

Is é atá sna fiacha gearrthéarmacha ná Nótaí Státchiste, Nótaí an Chisteáin Láir, Nótaí Alt 69 agus Páipéar Tráchtála, a bhfuil uas-aibíocht dhá mhí dhéag acu. Tuilleann an GBCN cistí gearrthéarma thar ceann na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe chomh maith faoina chlár páipéir thráchtála.

Próifíl Aibíochta an Fhiachais Náisiúnta




Foinse: GBCN

## Córas an Déileálaí Phríomhúil


Tá naoi gcinn de Dhéileálaithe Príomhúla i margadh bannaí Rialtas na hÉireann, atá aitheanta ag an GBCN, a cheapann praghsanna déthreo i mbannaí ainmnithe i sainsuimeanna íosta atá laistigh de shainleathadh uasta. Chomh maith leis sin, tá roinnt stocbhróicéirí ann a mheaitseálann orduithe na gcliant. Is gníomhaíocht na nDéileálaithe Príomhúla is cúis le 95 faoin gcéad den láimhdeachas i margadh bannaí Rialtas na hÉireann. Rinneadh Déileálaí Príomhúil de Bhanc ING i mí Aibreáin 2007. Is bainc mhóra idirnáisiúnta ocht gcinn as naoi ndéileálaí phríomhúla atá ann i láthair na huaire.

Seo a leanas na Déileálaithe Príomúla:

- ABN AMRO, Amsterdam
- Barclays Capital, Londain
- Calyon, Londain
- Citigroup, Londain
- Davy Stockbrokers, Baile Átha Cliath
- Deutsche Bank, Frankfurt
- HSBC, Páras
- ING Bank, Amsterdam
- Royal Bank of Scotland, Londain

Is baill de Stocmhalartán na hÉireann iad na Déileálaithe Príomhúla, agus tá bannaí Rialtas na hÉireann liostáilte leo. Chomh maith leis sin, tá siad ina mbaill de EuroMTS agus MTS Ireland. Tá rochtain eisiach acu ar cheantanna bannaí an GBCN agus is féidir leo úsáid a bhaint as áiseanna repo agus áiseanna droim ar ais repo a chuireann an GBCN ar fáil i mbannaí Rialtas na hÉireann. Ceannaíonn an GBCN bannaí seach-reatha Rialtas na hÉireann óna Dhéileálaithe Príomhúla ag praghsanna margaidh atá iomaíoch.

Gníomhaíocht na Déileálaithe Príomhúla: Sciar Margaidh Miondíola 2006




Foinse: GBCN

## Ceantanna Bannaí

Reáchtáiltear ceantanna Bannaí ar an tríú Déardaoin gach mí. Tá rochtain eisiach ag na naoi nDéileálaí Phríomhúla aitheanta orthu. Ar a 10.00 r.n. an Déardaoin seachtain roimh an gceant, fógraíonn an GBCN tríd Bloomberg, Reuters agus ar a shuíomh gréasáin www.GBCN.ie, sonraí faoin mbanna atá le cur ar ceant agus méid an cheant. Reáchtáiltear ceantanna trí mheán an Chórais Cheant Bloomberg agus is ceantanna ilphraghsanna iad. De ghnáth bíonn torthaí an cheant ar fháil laistigh de dhá nóiméad ó 9.15r.n, is é sin an scoith-am le haghaidh tairiscintí. Bíonn ceant neamh-iomaíoch ann le haghaidh suas le 20 faoin gcéad den méid a dhíoltar ar an gceant iomaíoch díreach tar éis dheireadh an cheant iomaíoch. Tá an rogha ag Déileálaithe Príomhúla glacadh lena dteidlíocht neamhiomaíoch go dtí 10.00 r.n. ar an dara lá gnó tar éis an cheant iomaíoch.

Toisc go raibh barrachas de €2.264 billiún sa bhuiséad i mbliana agus toisc nach raibh aon fhuascailt fiachais shuntasach ann, ní raibh gá le haon cheantanna bannaí in 2006.

## Trádáil Leictreonach— Euromts agus Mts Ireland

Tá ocht déag rannpháirtí margaidh le haghaidh bannaí tagarmharcála Rialtas na hÉireann ar EuroMTS:

| Cruthaitheoirí Margaidh | Glacadóirí Margaidh |
|---|---|
| **ABN-AMRO** | Banco Santander Central Hispano |
| Bank of America Securities | BHF-BANK |
| **Barclays Capital** | Commerzbank |
| Bayerische-Hypovereinsbank | LandesBank Baden Wuerttemberg |
| **Calyon** | Morgan Stanley |
| **Citigroup** | Westdeutsche Landesbank |
| **Davy Stockbrokers** | |
| **Deutsche Bank** | |
| **HSBC** | |
| **ING Bank** | |
| **Royal Bank of Scotland** | |
| UBS Limited | |

*(Is déileálaithe príomhúla iad na rannpháirtithe i gcló trom)*

Tá na ceithre bhanna thagarmhairc reatha atá ag Rialtas na hÉireann liostáilte chomh maith ar an gcóras intíre MTS Ireland, i luachan chomhthreomhar

Tá bannaí gach eisitheora ardcheannasaigh i limistéar an euro liostáilte ar an gcóras EuroMTS, ach amháin Lucsamburg. Chuir liostáil bhannaí na hÉireann ar an MTS feabhas mór ar láimhdeachas, ar thrédhearcacht phraghsanna, agus ar leachtacht. Níl an bhearna chomh mór anois idir an praghas tairisceana is airde agus an praghas tairisceana is ísle. Dá bharr sin tá siad níos mealltaí d'infheisteoirí toisc go bhfuil costas trádála níos lú ag baint leo.


## Leathadh Bannaí

Seo a leanas an leathadh uasta ina mbíonn ar chruthaitheoirí margaidh a gcuid tairiscintí is airde agus is ísle a dhéanamh:

| Banna | Is Airde Uasleathadh Tairisceana | Is Ísle Íosmhéid Déileála |
|---|---|---|
| | € | € milliún |
| Banna Cisteáin 3.25% 2009 | 4 cent | 10 |
| Banna Cisteáin 5.00% 2013 | 5 cent | 10 |
| Banna Cisteáin 4.60% 2016 | 7 cent | 10 |
| Banna Cisteáin 4.50% 2020 | 10 cent | 5 |

Bhí leachtacht dhomhain ann mar is léir ón ngraf thíos, rud a léiríonn go bhfuil an leathadh idir an tairiscint is airde agus an tairiscint is ísle i leith bhannaí na hÉireann 2013 agus 2016 ar an gcóras EuroMTS ag cúngú.

Leathadh Tairiscint is Airde/is Ísle: na Éireann 10 mbliana ar EuroMTS





Foinse: EuroMTS

### Coinbhéirseacht ar Thorthaí Bhannaí Rialtas na hÉireann i limistéar an euro

Tharla coinbhéirsiú ar thorthaí bhannaí Rialtas na hÉireann chuig na margaí i gcroílár limistéar an euro in 2006 agus lean siad orthu ag trádáil ag beagnach na leibhéil chéanna, nó uaireanta ag leibhéil níos ísle, ná na bannaí tagarmharcála a d'eisigh an Ghearmáin ags an Fhrainc. Léirítear sa ghraf thíos an coinbhéirsiú ar thorthaí bhannaí 2013 na hÉireann, chomh maith leis na torthaí Gearmánacha coibhéiseacha ó mhí Eanáir 2003 go Bealtaine 2007.

Éagsúlú idid thorthaí bhannaí na hÉireann agus na Gearmáine




Foinse: Bloomberg


Ceann de na cúiseanna atá leis an éileamh coigríche maith ar bhannaí Rialtas na hÉireann ná go bhfuil airgeadas poiblí ag feidhmiú go tréan, rud atá soiléir ó na barrachais nó na hiarmhéideanna fíoracha a bhí ann ar bhonn leanúnach le tamall fada anois ar bhiséad Ginearálta an Rialtais agus cóimheas atá ag laghdu idir na fiacha agus an OTI, arb ionann anois é agus 24.9 faoin gcéad – ar cheann de na cóimheasa is ísle san AE. Tá an seasamh foriomlán fiú níos fearr nuair a chuirtear san áireamh an €18.9 billiún sa Chúlchiste Náisiúnta Pinsean. Tá na mórghníomhaireachtaí rátála uile an-dearfach i gcónraí maidir le rátáil creidmheasa na hÉireann, rud atá soiléir sa dearbhú a thug siad le déanaí, le todhchaí chobhsaí ann do rátálacha creidmheasa na hÉireann sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma.

## Bannaí agus Fiachas Fadtéarmach Eile

### Bannaí Tagarmharcála an Rialtais

Tá ceithre bhanna ag Éirinn le haibíocht thar cuar toraidh go dtí 2020. Sáraíonn an méid amuigh sna bannaí seo €5 bhilliún, rud a chinntíonn go bhfuil an leachtacht leanúnach agus domhain. Tá sonraí thíos faoi na méideanna amuigh agus tá siad léirithe sa ghraf chomh maith.

| Cúpón Bannaí | Méideanan Amuigh 27 Meitheamh 2007 (€m) | Cód ISIN | Dáta Íocaíochta Bliantúi |
|---|---|---|---|
| Banna Cisteáin 3.25% 2009 | 5,078 | IE0032584868 | 18 Aibreán |
| Banna Cisteáin 5% 2013 | 6,126 | IE0031256328 | 18 Aibreán |
| Banna Cisteáin 4.60% 2016 | 5,849 | IE0006857530 | 18 Aibreán |
| Banna Cisteáin 4.50% 2020 | 7,123 | IE0034074488 | 18 Aibreán |





Bannaí Tagarmharcála Amigh amhail 26 Meitheamh 2007

Foinse: GBCN

**Éagsúlú Sealúchais Bhannaí Rialtas na hÉireann**

Tá méadú suntasach tagtha ar an infheistiú idirnáisiúnta i mbannaí Rialtas na hÉireann ó tugadh isteach an euro. Tháinig méadú ar shealúchais neamhchónaitheacha ó 22 faoin gcéad ag deireadh 1998 go 86 faoin gcéad in 2006, d'ainneoin gur mhéadaigh an méid iomlán bannaí amuigh don tréimhse chéanna breis is 50 faoin gcéad. B'infheisteoirí idirnáisiúnta beagnach gach duine de na hinfheisteoirí a cheannaigh bannaí a eisíodh ó tugadh isteach an euro.





Bannaí Rialtas na hÉireann, ar bannaí neamhchónaitheacha iad don tréimhse 1999–2006

Foinse: GBCN

**Láimhdeachas agus Leachtacht**


B'ionann an láimhdeachas ar bhannaí Rialtas na hÉireann ar Stocmhalartán na hÉireann agus €37.5 billiún in 2006.




Láimhdeachas Bhannaí Rialtas na hÉireann ar Stomcmhalartán na hÉireann in 2006

Foinse: Stocmhalartán na hÉireann

Cuireann gníomhaíocht trádála sna bannaí ar EuroMTS agus MTS Ireland go mór leis an láimhdeachas. B'ionann an comhláimhdeachas ar bhannaí Rialtas na hÉireann ón dá chóras agus €8.7 billiún in 2006.





Láimhdeachas Bhannaí R. na hÉireann ar MTS in 2006

Foinse: EuroMTS

**Repos**

Tá repos mar chomhpháirt thábhachtach den leachtacht sa mhargadh bannaí agus léiríonn siad níos mó ná cúig huaire an láimhdeachais sa mhargadh airgid. Cuireann siad meicníocht chomhthaobhachtaithe ar fáil d'infheisteoirí chun gur féidir leo níos mó a fháil i bhfáltais ar na sealúchais bannaí atá acu ar bhonn gearrthéarmach. B'ionann an láimhdeachas repo a thuairiscigh Stocmhalartán na hÉireann in 2006 agus €219 billiún.




Láimhdeachas Míosúil Repo i mBannai Rialtas na hÉireann in 2006

Foinse: Stocmhalartán na hÉireann

Bhí ról gníomhach ag an GBCN i rith na bliana, mar ar chuir sí áiseanna repo agus áiseanna droim ar ais repo ar fáil do Dhéileálaithe Príomhúla. Tríd is tríd, b'ionann gníomhaíocht iomlán repo an GBCN agus €24 billiún. Chuir an ghníomhaíocht seo go mór le feidhmiú mín réidh an mhargaidh do na hinfheisteoirí uile agus bhí sé mar fhoinse úsáideach eolais don GBCN.

**Banaí a Cheannach ar Ais**

Thar na blianta bhí an GBCN gníomhach ag ceannach ar ais seanbannaí seach-reatha neamhleachtacha Rialtas na hÉireann nuair a d'eascair na deiseanna sin sna margaí. Tá deiseanna dá leithéid sin de cheannach ar ais an-teoranta anois mar go bhfuil líon na mbannaí neamhleachtacha seach-reatha laghdaithe go mór i gcomparáid le gníomhaíocht cheannach ar ais na bliana roimh ré. Cibé scéal é, ceannaíodh ar ais €56 milliún ar an mbealach seo in 2006.

**Bannaí Rialtas an hÉireann a Imréiteach agus a shocrú in Euroclear**
Is é banc Euroclear sa Bhruiséil a chuireann i bhfeidhm an fheidhm imréitigh agus socraíochta atá ag Rialtas na hÉireann. Is é Banc Ceannais na hÉireann a chothaíonn clár sealbhóirí na mbannaí, agus tá a bhformhór in ainm Banc Euroclear. Socraítear beartaíocht bannaí de ghnáth ar bhonn T+3 (i.e. trí lá gnó tar éis dháta na trádála).

**Innéacsanna Bannaí**
Cuirtear bannaí Rialtas na hÉireann san áireamh sna hinnéacsanna bannaí seo a leanas:

- Bloomberg/EFFAS – Innéacs Bannaí Rialtais an Eurobhloic
- Citigroup – Innéacs Bannaí Rialtais Dhomhanda
- EuroMTS – Innéacs Limistéar an Euro
- Stocmhalartán na hÉireann – Innéacs Bannaí ISEQ
- Lehman Brothers – Innéacs an Chisteáin Dhomhanda
- Merrill Lynch – Innéacs Bannaí Rialtais Uile-Eorpach

## Deacs Trádála Tánaistí

Coimeádann an GBCN feidhm trádála tánaistí di féin chun a cuid bannaí a thrádáil le rannpháirtithe margaidh eile. Tá sé seo scartha ó dheasc na mbannaí príomhúla trí mheán "Ballaí Síneacha". An ról atá ag an deasc trádála tánaistí ná leachtacht a sholáthar don mhargadh agus feidhmiú mar fhoinse bhreise eolais mhargaidh don GBCN. Rinneadh trádáil ghníomhach ar phunann €98 milliún bhannaí Rialtas na hÉireann le linn na bliana, as ar eascair láimhdeachas €4.6 billiún.

Tugadh an sainúdarás don deasc trádála tánaistí sócmhainní ar luach €4.7 billiún iad a bhainistiú, is é sin punanna bannaí neamhghníomhacha an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (os cionn €1.8 milliún ag deireadh 2006), an barrachas carntha ón gCiste Árachais Shóisialta (€2.7 billiún ag deireadh 2006) agus sócmhainní Chiste na gCuntas Díomhaoin (€211 milliún ag deireadh 2006).

## Clár Nótaí Meántéarmach


Tá Clár Nótaí Euro Meántéarmacha US$5 bhilliún i bhfeidhm ag an GBCN. Is cláir ilairgeadra iad seo a cheadaíonn eisiúint trí mheán struchtúir éagsúla.

## Fiachas Géarrthéarmach agus Bainistiú Airgid

Tá na cláir ghearrthéarmacha seo a leanas á bhfeidhmiú ag an GBCN:

- Clár US$8 billiún na hÉireann do Pháipéar Tráchtála Euro
- Clár Pháipéar Tráchtála Euro €2.5 billiún de chuid na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe
- Nótaí Státchiste
- Nótaí Ilairgeadra Alt 69
- Billí Idirghabhála Tráchtearraí Talmhaíochta (BITTanna)
- Seirbhís Cisteáin Láir do chomhlachtaí Stáit neamhthráchtála
- Bainistiú airgid mar chuid den bhainistiú ar leachtacht na ECBanna i limistéar an euro.

Miondealú ar Ghníomhaíocht Pháipéir Ghearrthéarmach in 2006




Foinse: GBCN

**An Clár um Pháipéar Tráchtála na hÉireann**
Tá clár ilairgeadra US$ 8 billiún um Pháipéar Tráchtála Euro (PTE) na hÉireann liostáilte le Stocmhalartán na hÉireann chun a chur ar a chumas úsáid a bhaint as áiseanna repo le Banc Ceannais na hEorpa. Cuireann an clár, a bhfuil rátáil AAA aige, cistí ar fáil ag leibhéil mhealltacha, atá go maith faoi bhun Euribor. Seo a leanas na déileálaithe faoin gClár:

- Barclays Bank
- Citibank International
- Credit Suisse Securities (An Eoraip)
- Deutsche Bank
- Goldman Sachs International
- ING Bank
- Lehman Brothers International (An Eoraip)
- Royal Bank of Scotland.

Is é JPMorgan Chase Bank N.A., Londain an gníomhaire eisiúna agus is iad JPMorgan Chase Bank N.A., Londain agus JPMorgan Bank (Éire) na gníomhairí íocaíochta. Glactar le fiosrúcháin droim ar ais. De ghnáth is i méideanna US$50 milliún go US$100 milliún a tharlaíonn an bheartaíocht. Déantar gach iasacht neamheuro a mhalartú láithreach le haghaidh euro ag baint úsáide as conarthaí malairte eachtraí.

**An Clár um Pháipéar Tráchtála de chuid na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe**

De réir na reachtaíochta faoina bhfeidhmíonn an Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe (GAT), is í an GBCN a chuireann i gcrích feidhmeanna iasachtaithe an GAT faoina Chlár um Pháipéar Tráchtála Euro ilairgeadara €2.5 billiún. Faigheann an GAT iasachtaí le cur ar aghaidh chuig na húdaráis áitiúla i gcomhair tithíocht shóisialta agus le haghaidh fothionscdail a bhaineann le tithíocht shóisialta. Déanann an tAire Airgeadais na hiasachtaí a ráthú. Tá barr-rátálacha creidmheasa gearrthéarma ag an gClár ó Moody's agus Standard & Poor's. Is iad na déileálaithe céanna atá ar an gclár seo is atá ar chlár US $8 billiún na hÉireann. De ghnáth is le haghaidh tréimhsí míosa suas go sé mhí na hiasachtaí faoin gclár seo. Déantar gach iasacht neamheuro a mhalartú láithreach le haghaidh euro ag baint úsáide as conarthaí malairte eachtraí. B'ionann an láimhdeachas in 2006 agus €31.2 billiún.

**Nótaí Státchiste**

Is ionstraimí bainistíochta leachtachta agus maoinithe gearrthéarmacha iad nótaí Státchiste a eisíonn an GBCN go díreach do raon infheisteoirí, lena n-áirítear corparáidí, bainc agus cliantfhorais eile. Ainmnítear Nótaí Státchiste in euro agus tá siad ar fáil i dtréimhsí aibíochta lae go tréimhse bliana, ag brath ar riachtanais an infheisteora, le hinfheistíocht íosta €250,000. Tá siad liostáilte le Stocmhalartán na hÉireann. Tá treoirphraghsanna le fáil ar leathanach Bloomberg GBCN5. De ghnáth, is le haghaidh tréimhsí seachtaine go trí mhí na hiasachtaí seo. B'ionann luach na gníomhaíochta in 2006 agus €15 billiún.

**Billí Idirghabhála Tráchtearraí Talmhaíochta (BITTanna)**

Is ionstraimí fiacha gearrthéarmacha iad na BITTanna, a eisíonn an GBCN, agus a ceapadh chun freastal ar riachtanais ghearrthéarmacha na Roinne Talmhaíochta agus Bia. Eascraíonn siad seo as íocaíochtaí idirghabhálacha a dhéantar le feirmeoirí agus le daoine eile a fhaigheann aisíocaíocht ó Choimisiún na hEorpa go rialta. De ghnáth is le haghaidh tréimhsí míosa go sé mhí na hiasachtaí faoin gclár seo agus b'ionann iad agus €1.9 billiún in 2006.

**Nótaí Ilairgeadra Alt 69**

Tugadh isteach nótaí faoi Alt 69 den Acht Airgeadais 1985 chun cuideachtaí atá lonnaithe in Éirinn, ach a bhfuil úinéireacht choigríche acu, a mhealladh lena gcuid cistí barrachais a infheistiú anseo. Féadfaidh cuideachtaí atá incháilithe infheistiú go díreach leis an GBCN nó trí bhainc áirithe in aon mhórairgeadra. Is féidir le tréimhsí infheistíochta síneadh chomh fada le bliain. Is é €100,000, nó a choibhéis, an infheistíocht íosta. B'ionann an ghníomhaíocht faoin gclár seo in 2006 agus €38.4 billiún.

**Bainistiú Leachtacht Bhanc Ceannais na hEorpa**

Tá córas bainistithe leachtachta á fheidhmiú ag Banc Ceannais na hEorpa (ECB) a bhraitheann i gcuid ar réamhaisnéis bheacht a thabhairt ar leibhéal iarmhéideanna an rialtais sna bainc cheannais náisiúnta i limistéar an euro. I gcás na hÉireann, cuireann Banc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann tuairisc ar fáil don ECB maidir le réamhaisnéis ar leibhéal na n-iarmhéideanna do gach lá, sé lá ghnó roimh ré. Ar na nithe a chinneann an t-iarmhéid tá caiteachas an Rialtais, an cháin a bhailíonn na Coimisinéirí Ioncaim agus oibríochtaí bainistithe fhiacha an GBCN. Ag deireadh gach lae ghnó, déanann an GBCN an tionchar atá ag leachtacht a ríomhadh d'fhonn a chinntiú go gcoinnítear iarmhéideanna an rialtais ag leibhéal na réamhaisnéise a thug Banc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann don ECB. Cruinníonn an GBCN cistí nó cuireann sé airgead síos i margaí airgid idirnáisiúnta d'fhonn iarmhéideanna a choinneáil ag leibhéal na réamhaisnéise a tugadh don ECB. B'ionann luach na hoibríochtaí sin le linn 2006 agus €229.4 billiún, le meánmhéid an idirbhirt ag €620 milliún.

**Airgead Síos**

Tá córas cuimsitheach i bhfeidhm ag an GBCN chun monatóireacht a dhéanamh ar a riosca creidmheasa le forais airgeadais eile. Mar chuid den mhonatóireacht sin rinneadh measúnú ar cé chomh láidir is a bhí cúrsaí airgeadais in os cionn 100 banc agus forais eile chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an méid cistí a bheadh an GBCN sásta a chur i ngach ceann, ar bhonn gearrthéarmach agus fadtéarmach araon. Déantar na teorainneacha creidmheasa contrapháirtithe seo a athmheas ar bhonn leanúnach agus déantar monatóireacht ar neamhchosaint an GBCN gach lá. Is gá é sin a dhéanamh mar gur ghá go mbeadh leachtacht ag an GBCN i margaí idirnáisiúnta chun freastal ar a riachtanais airgid de réir mar a thagann siad chun cinn, fad is atáthar ag cinntiú go dtugtar cosaint cheart do na cistí. De ghnáth, is sa raon €2 bhilliún go €3 bhilliún atá an méid cistí atá i dtaisce, seachas le Banc Ceannais na hÉireann.

**Idirbhearta thar ceann Choimisiún Náisiúnta an Chúlchiste Pinsean**

Tá sainordú tugtha ag Coimisinéirí an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (CNP) don GBCN bainistiú a dhéanamh ar phunann bannaí neamhghníomhach, arbh ionann a luach agus €1.8 billiún ag deireadh 2006. Ina theannta sin, forghníomhaíonn an GBCN idirbhearta FX chun fálú a dhéanamh ar neamhchosaint malairte eachtraí ar infheistíochtaí neamheuro áirithe de chuid an CNP. B'ionann idirbhearta FX agus €32 billiún in 2006. Chomh maith leis sin, tá an sainúdarás ag an GBCN bainistiú a dhéanamh ar iarmhéideanna airgid neamhinfheistithe de chuid an CNP. B'ionann meán-iarmhéid airgid an CNP in 2006 agus €1 bhilliún.

## Coigiltis Mhiondíola

In 2006, thit an iarmhéid sna scéimeanna coigiltis miondíola faoi €285 milliún. Cuireann sé seo san áireamh tuairim is €142 milliún a íocadh amach faoi na Cuntais Dreasachta Coigiltis Speisialta (SSIA) a feidhmíodh thar ceann an GBCN agus An Post. Thosaigh na Cuntais SSIA ag teacht chun aibíochta i mí Bealtaine 2006.

Sa tréimhse ó 1996 i leith, bhí scéimeanna coigiltis speisialta an Rialtais mar 14% den Fhiachas Náisiúnta. Ag deireadh 2006, b'ionann an méid iomlán amuigh ar na scéimeanna seo, lena n-áirítear ús fabhraithe, agus €7.49 billiún – sin laghdú de 3.7 faoin gcéad ar an bhfigiúr a chomhfhreagraíonn dó in 2005. I gcoinne an úis de €1,038 milliún atá fabhraithe ar na scéimeanna seo, tá €582 milliún curtha ar leataobh sa Chúlchiste Coigilteas Beag.


Is infheisteoirí príobháideacha intíre is mó a mbíonn spéis acu sna scéimeanna agus, seachas Duaisbhannaí, déanann An Post iad a fheidhmiú thar ceann an GBCN. Is é an Prize Bond Company Limited a fheidhmíonn Duaisbhannaí, atá ina chomhfhiontar idir An Post agus FEXCO, cuideachta seirbhísí airgeadais atá lonnaithe i gCill Orglan i gContae Chiarraí.

I mí Dheireadh Fómhair 2006 méadaíodh an t-uasmhéid is féidir a infheistiú i gCairteacha Coigiltis agus i mBannaí Coigiltis faoi 50 faoin gcéad. Is iad €120,000 do shealúchais indibhidiúla gach táirge agus €240,000 do chomhshealúchais an t-uasmhéid.

| Scéimeanna Coigiltis | Amuigh amhail 31 Nollaig 2006 | Airgead a Cruinníodh/a aisíocadh in 2006 (glanmhéid) |
|---|---|---|
| | € milliún | € milliún |
| Cairteacha Coigiltis | 2,215 | 7 |
| Bannaí Coigiltis | 1,709 | 124 |
| Coigiltis Tráthchoda Náisiúnta | 394 | 9 |
| Duaisbhannaí | 590 | 29 |
| Stampaí Coigiltis | 2 | 0 |
| **Banc Taisce an Phoist (BTAP)** | | |
| Cuntais Dreasachta Coigiltis Speisialta | 327 | (37) |
| Cuntais BTAP eile | 1,216 | 87 |
| **Iomlán na Príomhshuime amuigh** | **6,4531[1]** | **219** |
| Coigeartaithe d'ús BTAP a fabhraíodh ach nár íocadh | – | 7 |
| Ús fabhraithe ar Scéimeanna Coigiltis eile | 1,038 | (511) |
| **Iomlán** | **7,491** | **-285** |

1 Tá an figiúr seo san áireamh san Fhiachas Náisiúnta.

Méideanna Amuigh i Sceeimeanna Coigiltis Miondíola amhail 31 Nollaig 2006




Foinse: GBCN

### Costais Riaracháin

Seo a leanas na táillí riaracháin a íocadh leis An Post agus leis an Prize Bond Company in 2006 maidir le scéimeanna coigiltis miondíola an Rialtais:

| Scéimeanna Coigiltis | €m |
|---|---|
| Cairteacha Coigiltis | 4.2 |
| Bannaí Coigiltis | 3.2 |
| Coigiltis Tráthchoda | 2.6 |
| Duaisbhannaí[1] | 7.4 |
| Stampaí Coigiltis | 1.0 |
| Banc Taisce an Phoist[2] | 25.0 |
| **Iomlán:** | **43.4** |

1 Íocadh na táillí seo leis an Prize Bond Company. Íocadh na táillí eile go díreach leis An Post.
2 Íoctar táillí a bhaineann le Banc Taisce an Phoist (BTAP) ón gCiste BTAP.

Tá idirbheartaíocht beagnach i gcrích leis An Post maidir leis an structhúr táillí fadtéarmach a bheadh oiriúnach chun na scéimeanna seo a fheidhmiú. Táthar ag súil go mbeidh feidhm ag an struchtúr táillí nua in 2007. Mar bheart eatramhach, ar feitheamh comhaontaithe ar an struchtúr táillí nua, laghdaíodh an táille chun Banc Taisce an Phoist a fheidhmiú in 2006 faoi 10 faoin gcéad ag an leibhéal a bhí ann do 2005.

### Rataí Toraidh

Seo a leanas na rátaí toraidh reatha – saor ó cháin ioncaim na hÉireann:

- Cairteacha Coigiltis: 16 faoin gcéad thar tréimhse 5½ bliain, cothrom le 2.74 faoin gcéad sa bhliain má choimeádtar é go dtí aibíocht. Is é €50 an infheistíocht íosta, le huasmhéid €120,000 in aghaidh na duine aonair agus €240,000 do chomhshealúchas. .
- Bannaí Coigiltis: 8 faoin gcéad thar 3 bliana, cothrom le 2.6 faoin gcéad sa bhliain má choimeádtar iad go dtí aibíocht. Is é €100 an infheistíocht íosta, le huasmhéid €120,000 in aghaidh an duine aonair agus €240,000 do chomhshealúchas.
- Coigiltis Tráthchoda: 15 faoin gcéad thar 5 bliana, tar éis airgead a chur i dtaisce thar tréimhse dhá mhí dhéag, cothrom le meántoradh bliantúil 2.57 faoin gcéad. Is é €25 an infheistíocht íosta míosúil; agus is é €500 an méid uasta.

### Banc Taisce an Phoist

B'ionann bunachar taiscí Bhanc Taisce an Phoist (BTAP) ag deireadh 2006 agus €1,543 milliún, sin méadú os cionn 4 faoin gcéad ar an bhfigiúr a bhí ann ag deireadh 2005. San áireamh sa mhéid sin tá €327 milliún i gCuntais Speisialta Dreasachta Coigiltis (SSIAanna). Thosaigh na cuntais seo ag teacht chun aibíochta i mí Bealtaine 2006 agus aisíocadh tuairim is €142 milliún faoi dheireadh 2006. Íocfar €345 milliún sa bhreis ó na SSIAnna in 2007.

Thug an Rialtas SSIAanna isteach in 2001 ar feadh tréimhse theoranta – ní fhéadfaí cuntais nua a oscailt ach amháin sa dá mhí dhéag dar deireadh 30 Aibreán 2002 – mar dhreasacht chun go gcuirfeadh daoine níos mó airgid i dtaisce. Níor ceadaíodh ach cuntas amháin in aghaidh an choigilteora agus bhí ar an gcoiliteoir sin gealltanas a thabhairt go sábhálfaí airgead ar feadh tréimhse cúig bliana. Íoctar gnáth-ús ar na cuntais móid bónas ón Rialtas de 25

faoin gcéad den méid atá coigilte. Bhí cead ag gach foras airgeadais in Éirinn na cuntais seo a thairiscint, agus is ionann an sciar margaidh den BTAP agus 3 faoin gcéad.

Na cuntais eile atá ag BTAP ná cuntas leabharbhunaithe ar éileamh agus cuntas a gcaithfear fógra 30 lá a thabhairt ar a dtugtar Deposit Account Plus. Seo a leanas na rátaí úis reatha:

| Cuntas ar Éileamh | Ráta na Bhliain |
|---|---|
| Faoi bhun €6,000 | 0.10% |
| €6,000 agus os a chionn | 0.25% |
| **Demand Account Plus** | **Ráta Sa Bhliain** |
| €30,000 | 1.0% |
| €30,000 agus os a chionn | 1.5% |

B'ionann glandíolacháin na nDuaisbhannaí agus €29 milliún, sin i gcomparáid le €54 milliún an bhliain roimh ré. Ba é €590 milliún an méid a bhí amuigh ag deireadh 2006. Tháinig méadú suntasach ar dhíolacháin ar líne le linn 2006, suas le 90 faoin gcéad ar fhigiúr 2005, go €11.6.

Íocadh amach beagnach 145,800 duais saor ó cháin, ar luach €13.9 milliún, in 2006. Reáchtáiltear tarraingtí le haghaidh duaiseanna gach seachtain, agus seo a leanas sonraí na nduaiseanna a bronnadh i rith na bliana:

| Luach | Líon na nDuaiseanna |
|---|---|
| €150,000 Duaiseanna Jackpot | 12 |
| €20,000 Duaiseanna Star Prize | 40 |
| €1,000 | 260 |
| €250 | 520 |
| €75 | 144,961 |
| **Líon Iomlán na nDuaiseanna in 2006** | **145,793** |
| **Luach Iomlán na nDuaiseanna in 2006** | **€13,862,075** |

Bronntar Duais Jackpot sa chéad tarraingt sheachtainiúil gach mí. Bronntar Star Prize €20,000 gach seachtain eile. An ráta úis a úsáideach in 2006 chun beartú ar an gciste duaise ba ea 2.4 faoin gcéad.

Chomh maith le héascú a dhéanamh ar dhíolacháin ar líne, is féidir le hinfheisteoirí breathnú ar an tarraingt sheachtainiúil ar shuíomh gréasáin an Prize Bond Company www.prizebonds.ie, agus súil a choimeád ar a sealúchais bannaí agus duaiseanna nár éilíodh a sheiceáil. Scríobhann an Prize Bond Company chuig gach buaiteoir ag an seoladh atá cláraithe ar an mbanna a bhuaigh, ach i gcásanna áirithe ní féidir teagmháil a dhéanamh leo. Ta tuairim is 9,600 Duaisbhanna le duaiseanna nár éilíodh, le luach comhlán de díreadh os cionn €1.2 milliún. Téann roinnt díobh seo siar chomh fada le laethanta tosaigh na scéimeanna sna 1950í. D'fhoilsigh an Prize Bond Company leabhrán in 2007 le liosta de na duaiseanna nár éilíodh amhail deireadh Nollaig 2006.

## Trádáil Astuithe

D'aontaigh na páirtithe i bPrótacal Kyoto, a tháinig i bhfeidhm i mí Feabhra 2005, go laghdóidís astuithe bliantúla de gháis ceaptha teasa thar an tréimhse 2008-2012. I gcás an AE-15, ní mór laghdú 8 faoin gcéad ar leibhéal 1990 a bhaint amach sa tréimhse 2008-2012. Mar chuid den chomhaontú maidir leis an ualach seo a roinnt i measc Bhallstáit an AE tá Éire tiomanta an fás ar astuithe a theorannú ag 13 faoin gcéad os cionn a leibhéil i 1990 sa tréimhse seo.

Tá Straitéis an Rialtais chun sprioc Kyoto na hÉireann a bhaint amach leagtha síos in *National Climate Change Strategy 2007–2012* a foilsíodh i mí Aibreáin 2007. Tá sé measta go mbeidh meánastú gáis ceaptha teasa na hÉireann don tréimhse 2008-2012 cothrom le 79.8 milliún tonna de choibhéis dhé-ocsaíd charbóin in aghaidh na bliana, mura gcuirtear i gcrích bearta chun iad a laghdú. Má chuirtear i gcrích na bearta nua atá beartaithe, maille leis na bearta a cuireadh i gcrích cheana féin, laghdófar an meán-astú bliantúil faoi 13.6 milliún tonna, nó 79 faoin gcéad den méid atá de cheangal ar Éirinn a bhaint amach chun a sprioc Kyoto a bhaint amach – is é sin 63 milliún tonna. I measc na mbeart seo tá Córas Trádála Astuithe an AE. Glacann os cionn 100 monarcha in Éirinn a ghineann cumhacht agus atá in earnálacha na dtionscal mór páirt sa chóras seo. Bainfidh na monarchana seo meán-astú bliantúil de thrí mhilliún tonna amach in aghaidh na bliana don tréimhse 2008-2012 nó, ceannóidh siad creidmheasa carbóin don méid a sháraíonn siad na laghduithe seo.

Chomh maith leis na bearta seo, beidh gá ag an Rialtas le creidmheasa le haghaidh 3.6 milliún tonna de ghás ceaptha teasa maidir le gach bliain don tréimhse 2008-2012. Is bunchuid de Phrótacal Kyoto é a leithéid seo de chreidmheasa a cheannach mar mhalairt ar infheistíochtaí glan teicneolaíochta i dtíortha i mbéal forbartha agus i dtíortha áirithe in Oirthear na hEorpa agus foráiltear dóibh faoi fhorálacha an Phrótacail um Mheicníochtaí Solúbtha. Tá an tionchar fabhrach céanna ag laghdú astuithe de thonna ar an timpeallacht, is cuma cibé áit ar domhan a tharlaíonn sé.

Ainmíodh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta faoi Acht an Chiste Carbóin 2007 ar ghníomhaire an Rialtais a cheannaódh creidmheasa carbóin chun go mbeadh an tír ag comhlíonadh a dhualgais faoi Kyoto. Déanfar gach ceannachán de réir na gcuspóirí a bhfuil cur síos orthu i straitéis an Rialtais *National Climate Change Strategy 2007-2012*:

- go gcuireann siad leis an gcuspóir deireadh a bhaineann leis an gComhaontú ag na Náisiúin Aontaithe ar Athrú Aeráide, i.e. tiúchain de ghás ceaptha teasa san atmaisféar a dhéanamh cobhsaí, chun go mbeidís ag leibhéal a thabharfadh cosaint ó chur isteach antraipigineach dainséarach ar an gcóras aeráide;
- go ndéanfaí an riosca a íoslaghdú, go háirithe maidir le seachadadh tráthúil na gcreidmheas; agus
- gur luach maith ar airgead iad.

Sa *Phlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013*, rinne an Rialtas soláthar do €270 milliún chun go gceannófaí creidmheasa carbóin. Seo in éineacht leis an soláthar tosaigh de €20 milliún a rinneadh in 2006. I dtreo dheireadh 2006, gheall an Rialtas €40 milliún le go n-infheisteofaí é i dtionscadail chun laghdú a dhéanamh ar astuithe carbóin a ndéanann an EBRD/EIB agus an Banc Domhanda bainistiú orthu.

## Ciste An Bhoird Airgeadais Oideachais

Cheap an tAire Oideachais agus Eolaíochta an Bord Airgeadais Oideachais chun riaradh a dhéanamh ar scéim deontais oideachais le haghaidh daoine a bhí ina gcónaí i scoileanna saothair, i scoileanna ceartúcháin agus in institiúidí áirithe eile, agus lena dteaghlaigh. Cuireadh an Bord ar bun go foirmiúil ar an 15 Feabhra 2006 faoi alt 23 den Acht um Choimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú (Leasú), 2005.

Déanann an GBCN bainistiú ar an gCiste, ar féidir leis an mBord úsáid a bhaint as, agus déanann sé íocaíochtaí leis an mBord gach bliain chun a chuid caiteachais a chlúdach. B'ionann iarmhéid an Chiste amhail 31 Nollaig 2006 agus €10 milliún.

## An Ciste Árachais Shóisialta

Tagann ioncam an Chiste Árachais Shóisialta den chuid is mó ó ranníocaíochtaí Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasta (ÁSPC) a íocann fosaithe, fostóirí agus daoine féinfhostaithe. Déantar íocaíochtaí ón gCiste i leith míreanna dála Pinsin Stáit, Sochair Bhreoiteachta, agus Sochair do Lucht Cuardaigh Fostaíochta. Thosaigh an GBCN ag bainistiú bharrachais charntha an chiste i mí Iúil 2001, agus rinneadh feidhmíocht a thomhas i gcoinne tagarmharic a aontaíodh leis an Aire Airgeadais.

Le linn 2006, d'aistrigh an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh €600 milliún den Chiste chuig an GBCN chun go ndéanfaí bainistiú air, rud a thug €2.7 billiún san iomlán ag deireadh na bliana. Aistríodh €200 milliún breise go dtí seo in 2007.

B'ionann an toradh a baineadh amach ar bhainistiú an airgid seo in 2006 agus 2.72 faoin gcéad, ag cur san áireamh treoirlínte infheistíochta a d'fhoilsigh an tAire Airgeadais.

## Lárseirbhísí Cisteáin

Déanann an GBCN Lársheirbhís Cisteáin (CTS) a thairiscint do chomhlachtaí poiblí áirithe eile - údaráis áitiúla, coistí gairmoideachais agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Is é is cuspóir don tseirbhís seo ná rogha iomaíoch a sholáthar do na comhlachtaí seo seachas an earnáil bhaincéireachta dá ngnó cisteáin agus mar thoradh air sin airgead a shábháil don Státchiste. Baineann sí amach an cuspóir seo trí chomháis iasachtaithe agus tógála taiscí a sholáthar. Tá sé seo ag teacht leis an gcleachtas is fearr do chuideachtaí san earnáil phríobháideach a bhfuil fochuideachtaí ilghnéitheacha acu.

Le linn 2006, b'ionann an méid a tugadh ar iasacht do chomhlachtaí a ainmníodh mar chomhlachtaí CTS agus tuairim is €50 milliún. Cuireadh 781 taisce isteach leis an CTS le linn na bliana, agus b'ionann an meánmhéid i dtaisce agus €55 milliún.

## Cuntais Dhíomhaoine

Faoin Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001 agus faoin Acht um Polasaithe Árachais Saoil Neamhéileithe, 2003, tugtar ar ais don stáit iarmhéideanna ar chuntais dhíomhaoine atá i mbainc, i gcumainn foirgníochta agus in Oifig an Phoist, maille leis an luach ina airgead ar pholasaithe árachais saoil áirithe agus déantar iad a íoc amach chun críche carthanachta nó chun sochair na sochaí nó an phobail. Aistrítear na méideanna atá dlite le híoc chuig an gCiste um Chuntais Dhíomhaoine, ar dháta nach déanaí ná an 30 Aibreán gach bliain. De ghnáth is é 15 bliain an tréimhse a cheadaítear, ón idirbheart deireanach ar chuir an custaiméir tús leis, sula gcinntear ar dhíomhaointeas an chuntais. I gcás polasaithe árachais saoil, ámh, a bhfuil téarma socraithe acu, an tréimhse a cheadaítear ná 5 bliana tar éis dheireadh an téarma sin.

Nuair atá íocaíochtaí ar feitheamh, déanann an GBCN bainistiú ar airgead an Chiste um Chuntais Dhíomhaoine. Bhí an GBCN ag bainistiú €211.5 milliún sa Chiste amhail deireadh Nollaig 2006, i gcomparáid le €204.4 milliún ag deireadh 2005. Aistríodh tuairim is €80.1 milliún chuig an gCiste in 2006, fad is a éilíodh €44.6 milliún ar ais ó chistí a bhí díomhaoin roimhe sin. B'ionann íoc amach ón gCiste agus €33.3 milliún in 2006. I láthair na huaire meastar gur ionann luach an Chiste agus €259 milliún.

Is é an Rialtas a dhéanann na cinntí a bhaineann le hairgead a íoc amach as an gcuntas. An ról atá ag Bord na gCuntas Díomhaoin, a bunaíodh an 4 Eanáir 2006 faoin Acht um Chuntais Dhíomhaoine (Leasú), 2005 ná comhairle a chur ar fáil maidir leis na réimsí maoiniúcháin ar chóir tús áite a thabhairt dóibh agus monatóireacht a dhéanamh ar thionchar an mhaoiniúcháin. Le linn 2006, d'fhoilsigh an Bord Plean um Íoc Amach Airgid de réir a dhualgais reachtúla.

Ráthaíonn an reachtaíocht an ceart atá ag sealbhóir cuntais nó polasaithe a gcuid gcistí a éileamh ar ais sa chás go ndéantar athmhúscailt ar a gcuntas díomhaoin nó ar an bpolasaí árachais. Ní mór éilimh a dhéanamh ó na forais airgeadais ábhartha agus ansin na méideanna a fháil ar ais ón gCuntas um Chuntais Dhíomhaoine.

Tá sé de cheangal ar an GBCN cinneadh a dhéanamh maidir leis an méid atá le híoc isteach sa chuntas cúlchiste chun freastal ar na héilimh sin agus chun íoc as speansais. Le faomhadh an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus le ceadú an Aire Airgeadais, socraíodh an cúlmhéid seo ag 15 faoin gcéad den airgead iomlán a fhaigheann an Ciste maidir le cuntais dhíomhaoine agus polasaithe árachais saoil nár éilíodh ar ais go fóill. Tá iarmhéid an Chiste ar fáil ansin le go n-íocfaí airgead as.

## Rátálacha Creidmheasa

Tá an rátáil creidmheasa fhadtéarmach agus ghearrthéarmach is fearr ag Éirinn ar liosta na gceithre ghníomhaireacht rátála creidmheasa mhóra. Athdhearbhaíodh na rátálacha sin in 2006 le todhchaí chobhsaí.

| Gníomhaireacht | Rátáil creid. Rátála Fhadtéarm. | Rátáil creid. Ghearrthéarm. |
|---|---|---|
| Moody's | Aaa | P-1 |
| Standard & Poor's | AAA | A-1+ |
| Fitch Ratings | AAA | F1+ |
| Rating & Investment Information Inc. | AAA | a-1+ |

Tá dearcadh thar a bheith dearfach fós ag na gníomhaireachtaí rátála creidmheasa maidir le creidmheas na hÉireann, rud a thugann le tuiscint go bhfuil caoi mhaith ar airgeadas poiblí agus go bhfuil geilleagar solúbtha agus ilghnéitheach ann a mheall infheistíocht choigríche dhíreach isteach le blianta beaga anuas agus go bhfuil sé ar an ngeilleagar leis an ráta fáis is airde san AE ó 1995 i leith. Aithníonn siad go bhfuil ualach fhiacha na hÉireann ar cheann de na hualaigh is ísle san AE, le cóimheas fiacha-go-OTI ag 24.9 faoin gcéad den OTI ag deireadh 2006. Ina theannta sin, cuireann siad san áireamh go bhfuil solúbthacht fhioscach maith ag Éirinn, le leibhéil arda ioncaim agus caiteachais, agus mar thoradh air sin is féidir le beartais an Rialtais freagairt go pras agus go héifeachtach do threochtaí neamhfhabhracha eacnamáiocha. Ar na tosca eile atá sa mheasúnú dearfach a rinne na gníomhaireachtaí rátála ar chúrsaí in Éirinn, tá an timpeallacht rialaitheach gnó-chairdiúil atá ann, leibhéil ísle chánachais agus fórsa oibre sároilte.

Tá an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean ar fhachtóir eile a chuireann le rátáil chreidmheasa láidir na hÉireann. Toisc go bhfuil teacht ar acmhainní an Chiste, agus toisc próifíl dhéimeagrafach fhabhrach na tíre, ní bhraithfear an tionchar a bheidh ag daonra atá ag dul in aois chomh mór sin in Éirinn agus a bhraithfear i dtíortha Eorpacha eile.

## Urrúis Faoi Chumhdach Sócmhainne

Is é a bhíonn i gceist le haghaidh Bannaí Cumhdaithe (nó Urrúis faoi Chumhdach Sócmhainne) ná sócmhainní a chomhthiomsú, morgáistí do thithe cónaithe nó iasachtaí earnála poiblí i gcomhthéacs na hÉireann, agus bannaí a eisiúint i gcoinne na sócmhainní comhthiomsaithe sin. Déantar na bannaí a struchtúrú agus cuirtear bonn is taca reachtúil leo sa chaoi is go gcuirfidh siad leibhéal ard urrúis ar fáil d'infheisteoirí agus ag an am céanna go gcuirfidh siad acmhainn iomaíoch maoinithe ar fáil d'fhorais airgeadais. Cé gur Bainc Eorpacha a eisíonn na bannaí cumhdaithe, déanann infheisteoirí ar fud an domhain infheistiú sna bannaí (e.g. cistí pinsean agus bainc). Dá bhrí sin, is táirge de chuid an mhargaidh chaipitil dhomhanda iad urrúis faoi chumhdach sócmhainne na hÉireann.

Cheadaigh Acht 2001 do bhainc atá lonnaithe in Éirinn, bainc idirnáisiúnta agus intíre araon, cistí a chruinniú ar théarmaí thar a bheith iomaíoch.

D'fhoráil an tAcht, sa chás go mainníonn aon eisitheoir urrús faoin Acht, gur chóir don GBCN é seo a leanas a dhéanamh, san ord a luaitear thíos:

- soláthraí seirbhíse eile a fháil chun na sócmhainní comhthiomsaithe ábhartha a bhainistiú; nó
- oibleagáideoir eile a fháil le haghaidh na sócmhainní comhthiomsaithe; nó
- na sócmhainní comhthiomsaithe a bhainistiú í féin.

Faigheann an GBCN táille cheangaltais arb ionann é agus an deichiú cuid de bhonnphointe de mhéid ainmniúil na mbannaí faoi chumhdach sócmhainne. Le linn 2006, eisíodh €15.4 billiún, ag tabhairt an méid a eisíodh faoin reachtaíocht go dtí €60 billiún.

Cuireadh Ulysses Securitisation p.l.c. ar bun i 1995 chun urrúis a chur ar fáil d'íocaíochtaí morgáistí de chuid na nÚdarás Áitiúil agus déanann an GBCN bainistiú air faoi Chomhaontú Seirbhísí Corparáideacha.

Cuireadh urrúis ar fáil d'íocaíochtaí morgáiste arb ionann iad agus €240 milliún i 1995 agus 1996 trí bhannaí a eisiúint.

Is ionann cúlchistí carntha na cuideachta anois agus €162 milliún, a bheag nó a mhór, agus coinnítear iad seo le haghaidh úinéireacht shochrach an Státchiste. Déantar barrachas airgid na cuideachta a thabhairt ar iasacht ansin don Státchiste faoi Chomhaontú Infheistíochta. Aisíocadh na bannaí i mí Lúnasa 2006.

Right: *Lobster and Pears 2*


J NOLAN

## An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean

Cuireadh ar bun an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean i mí Aibreáin 2001 agus an cuspóir atá aige ná freastal ar na costais a bheidh ar phinsin leasa shóisialaigh agus na seirbhíse poiblí, chomh maith agus is féidir leis, ó 2005 amach. Meastar go dtiocfaidh méadú mór ar na costais sin toisc go bhfuil an daonra ag dul in aois.

Tá an Ciste faoi rialú an Choimisiúin um Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, comhlacht corparáideach ar a bhfuil seacht gcomhalta, a cheapann an tAire Airgeadais, lena n-áirítear, *ex officio*, Príomhfheidhmeannah an GBCN. Is í an GBCN Bainisteoir an Chiste le haghaidh deich mbliana ó mhí Aibreáin 2001 amach agus tá sé de cheangal ar an gCoimisiún a fheidhmeanna a chomhlíonadh tríd an mBainisteoir.

Tá sé de cheangal ar an gCoimisiún Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais a chur faoi bhráid an Aire Airgeadais. Déantar iad seo a fhoilsiú ar leithligh óna chéile.

**Feidhmíocht**

D'fhás an Ciste faoi €3.5 billiún ó €15.4 billiún ag deireadh 2005 go €18.9 billiún ag deireadh 2006.

Thuill an Ciste toradh infheistíochta de €2.035 billiún nó 12.4 faoin gcéad in 2006. Mar a rinne sna trí bliana roimh ré, tiomáineadh feidhíocht 2006 an Chiste toisc a ualú trom cothromais.

**Leithdháileadh Sócmhainní**

I mí Feabhra 2005, d'fhógair an Ciste go raibh éagsúlú suntasach á dhéanamh aige ar a leithdháileadh straitéiseach ar a shócmhainní, go príomha trí leithdháileadh a dhéanamh chuig cineálacha sócmhainne eile - maoin, cothromas príobháideach agus tráchtearraí - le baint amach ar bhonn céimneach faoi dheireadh 2009.

Le linn 2006 rinne an Comisiún athbhreithniú ar na príomhbhoinn tuisceana atá mar bhonn is mar thaca ag an leithdháileadh sócmhainní seo chun a fháil amach an raibh aon rud ábhartha tarlaithe a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le go gcaithfí an leithdháileadh a choigeartú. Cé go raibh sé sásta go raibh príomhéirim an leithdháilte bailí, d'aontaigh sé go gcaithfí cúpla coigeartú a dhéanamh d'fhonn méadú sa bhreis a dhéanamh ar an toradh ionchasach fad is a choinneofaí próifíl riosca an Chiste laistigh de theorainneacha inghlactha.

**Leithdháileadh Straitéiseach Sócmhainní NPRF (deireadh 2009))**

| | Athbhreithniú ar Leithdháileadh 2004 % | Athbhreithniú ar Leithdháileadh Coigeartaithe 2006 % |
|---|---|---|
| Cothromas Caipitil Mhóir | 63 | 56 |
| Cothromas Caipitil Bhig | 4 | 5 |
| Cothromas na Margaí atá ag Teacht Cinn | 2 | 5 |
| **Iomlán an Chothromais Luaite** | **69** | **66** |
| Cothromas Príobháideach | 8 | 10* |
| Maoin | 8 | 8 |
| Tráchtearraí | 2 | 2 |
| **Iomlán na Sócmhainní Malartacha** | **18** | **20** |
| Bannaí | 13 | 13 |
| Cistí Airgeadra | - | 1 |
| **Iomlán na Sócmhainní Airgeadais** | **13** | **14** |
| **Iomlán** | **100** | **100** |

*leithdháileadh bonneagair de 2% san áireamh.

Lean an Ciste air ag cur le héagsúlacht a phunainne de réir a sprioc-leithdháileadh sócmhainní. Faoi dheireadh 2006, bhí €909 milliún geallta aige d'fheithiclí infheistíochta maoine agus €705 milliún d'fheithiclí infheistíochta cothromais phríobháidigh. Déanfar airgead a gealladh do na cistí seo a tharraingt anuas de réir mar a thagann deiseanna infheistíochta ar an bhfód. San áireamh i leithdháileadh ocht faoin gcéad an Chiste do chothromas maoine agus do chothromas príobháideach araon beidh infheistíochtaí de thuairim is €2 bhilliún faoi dheireadh 2009 i ngach ceann de na cineálacha sócmhainní seo.

| An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean Leithdháileadh Sócmhainní – 31 Nollaig 2006 | €milliún | % |
|---|---|---|
| Cothromas Caipitil Mhóir | 13,315 | 70.5 |
| Cothromas Caipitil Bhig | 777 | 4.1 |
| Cothromas na Margaí atá ag Teacht Cinn Cinn | 365 | 1.9 |
| **Iomlán an Chothromais Luaite** | **14,457** | **76.5** |
| Cothromas Príobháideach | 122 | 0.6 |
| Maoin | 559 | 3.0 |
| Tráchtearraí | 239 | 1.3 |
| **Iomlán na Sócmhainní Malartacha** | **920** | **4.9** |
| Bannaí Rialtais | 2,433 | 12.9 |
| Bannaí Corparáideacha | 84 | 0.4 |
| Cistí Airgeadra | 122 | 0.6 |
| Airgead Tirim | 884 | 4.7 |
| **Iomlán na Sócmhainní Airgeadais** | **3,523** | **18.6** |
| **Iomlán** | **18,900** | **100.0** |

**Prionsabail na hInfheistíochta Freagraí**

In 2006 ghlac an Coimisiún ballraíocht le ceann de na forais infheistíochta is mó ar domhan, nuair a shínigh sé Prionsabail na NA um Infheistíocht Fhreagrach. Tá na prionsabail bunaithe ar an mbonn gur féidir le fachtóirí timpeallachta, sóisialta agus rialachais (TSR) cur isteach go hábhartha ar fheidhmíochtaí infheistíochta, ach nach raibh frámaíocht ag infheisteoirí na bhforas mór, dála an Chiste, chun comhtháthú córasach a dhéanamh ar shaincheisteanna TSR i gcinnteoireacht agus i gcleachtais úinéireachta.

Mar úinéir sócmhainní, an díreoidh an Coimisiún ar dtús báire, agus é ag cur i bhfeidhm na bPrionsabal, ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm seachpholasaí vótála cuimsitheach agus ar fhorbairt rannpháirtíocht cumais leis na cuideachtaí infheistíochta maidir le saincheisteanna TSR.

**Príomhghníomhaíochtaí an GBCN**

Seo a leanas príomhghníomhaí an GBCN mar Bhainisteoir Ciste:

- comhairle faoi bheartas a chur ar an gCoimisiún
- straitéis infheistíochta an Chiste a chur i bhfeidhm
- bainisteoirí infheistíochta agus sainfheithiclí infheistíochta a roghnú agus athbhreithniú a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht
- rialuithe a fhorbairt agus a fheidhmiú chun a chinntiú go ndéantar an Ciste a bhainistiú laistigh de na paraiméadair atá leagtha síos ag an gCoimisiún agus go gcoimeádtar rioscaí ag an leibhéal is ísle agus is féidir
- ráitis airgeadais an Chiste a ullmhú agus monatóireacht a dhéanamh ar chaomhnóir domhanda an Chiste
- bainistiú punainne: Den chuid is mó, tá bainistiú laethúil an Chiste tugtha amach ar chonradh ag an gCoimisiún do ghnólachtaí bainistithe infheistíochta idirnáisiúnta. Déanann an GBCN bainistiú ar roinnt de na mandáideanna infheistíochta go hinmheánach - is é sin an mhandáid banna neamhghníomhach, airgead an Chiste a bhainistiú agus a clár fálaithe airgeadra.

## An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta

Tá sé de cheangal ar an nGníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (GAFN) Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais ar a ghníomhaíochtaí a chur faoi bhráid an Aire Airgeadais. Déantar an dá cháipéis seo a fhoilsiú mar dhá cháipéis ar leith.

Cuireadh ar bun an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta ar an 1 Eanáir 2003. Comhlíonann an GAFN a feidhmeanna tríd an GBCN. Is é Príomhfheidhmeannach an GBCN an Cathaoirleach *ex-officio,* atá ar an GAFN agus is stiúrthóir de chuid an GBCN atá ina Phríomhfheidhmeannach ar an GAFN.

Seo a leanas a fheidhmeanna faoin *Acht um Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta 2002:*

- comhairle a chur ar Údaráis Stáit maidir leis na modhanna is fearr maoiniú a chur ar fáil do thionscadail infheistíochta phoiblí d'fhonn an luach is fearr ar airgead a fháil;
- airgead a thabhairt ar iasacht, lena n-áirítear iasachtaí inaisíoctha agus cothromas, chun ráthaíocht a chur ar fáil agus tabhairt faoi shocruithe airgeadais eile i leith tionscadail atá faofa ag aon Údarás Stáit;
- comhairle a chur ar aon Údarás Stáit maidir leis na gnéithe go léir a bhaineann le hairgeadú, le riosca agus le hárachas tionscadail infheistíochta phoiblí a dtabharfar fúthu faoin gComhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí nó laistigh den earnáil phoiblí; agus
- cuideachtaí sainchupórtha a chur ar bun chun tionscadail a mhaoiniú.

Sonraíodh san Acht um Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta 2002 go bhfuil sé de dhualgas ar údaráis Stáit atá ag tabhairt faoi thionscadail bhonneagair, comhairle a lorg ón GBCN. Is é an tÚdarás Áitiúil, ámh, a ghlacann an cinneadh deiridh. Faoi Threoirlínte reatha an Aire, ní mór d'Údarás Stáit gach tionscadal infheistíochta caipitil a sháraíonn €20 milliún a atreorú chuig an GBCN.

Faoi láthair tá an GAFN ag soláthar don chéad agus don dara grúpa de chlár le haghaidh 27 scoil thar ceann na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.

I mí Iúil 2005, chuir an Rialtas le sainchúram an GAFN, ag soláthar do "Lárionad Saineolais, a bheadh freagrach as soláthar le haghaidh tionscadal agus iad a sheachadadh – go príomha ar dtús báire i réimsí tosaíochta na sláinte, an oideachais agus an cheartais. Faoi láthair tá an GAFN ag cuidiú leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta chun 23 iar-bhunscoil nua agus ceithre bhunscoil nua a sholáthar faoin gCPP, agus faoi láthair tá sé ag soláthar do na chéad ghrúpaí agus na dara grúpaí scoileanna seo. Cuireadh níos mó le sainchúram an GAFN le déanaí chun go gcuimseofaí gach earnáil – idir iompar agus údarás áitiúil. Go luath in 2007, chuir an GAFN tús le hobair réamhsholáthair thar ceann na Roinne Ealaíoch, Spóirt agus Turasóireachta don Cheoláras Náisiúnta agus d'Amharclann na Mainistreach.

Achtaíodh an reachtaíocht a fhorálann don ról soláthair seo ag an GAFN san *Acht um Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (Leasú), 2007,* a achtaíodh i mí Aibreáin 2007.

Is féidir leis an GBCN iasacht airgid a fháil í féin trí chuideachtaí sainchuspórtha, suas go €5 bhilliún san iomlán. Is féidir leis an Aire Airgeadais airleacain suas le €250 milliún a thabhairt don GBCN nó do chuideachta shainchuspórtha dá cuid. Is féidir leis an GBCN na hairleacain sin a úsáid chun infheistiú cothromais a dhéanamh i gcuideachta shainchuspórtha, nó chun iasacht a thabhairt don chuideachta sin. Go dtí seo, ní raibh gá aon cheann de na feidhmeanna seo a úsáid.

Ón uair a cuireadh é ar bun, atreoraíodh 107 tionscadal chuig an GAFN. Chuir sé i gcrích a chomhairle maidir le 35 tionscadal, agus as an méid sin ba CPP a bhí i 20 tionscadal acu, tionscadail a fuair maoiniú suntasach ón earnáil phríobháideach.

Chuir an GAFN a chomhairle i gcrích maidir le sé thionscadal in 2006:

| Conradh | Costas Iomlán €m | Bronnadh an Chonartha | Spriocdháta le Cur i gCrích | CPP/ Neamh-CPP |
|---|---|---|---|---|
| Seachród N25 Phort Láirge | 360 | Aibreán 2006 | 2010 | CPP |
| Tollán Luimnigh | 330 | Lúnasa 2006 | 2010 | CPP |
| Cuan na gClocha Liatha | 210 | Ag feitheamh le Pleanáil | 2012 | CPP |
| Athnuathan ar Bhóthar Bhaile Shéamais | 45 | Feabhra 2007 | 2010 | CPP |
| Iasacht Athmhaoiniúcháin do Phríosún Lár na Tíre | 37 | Nollaig 2006 | I gCrích | Neamh-CPP |
| Maoiniú Caipitil do Horse Racing Ireland | 15 | Nollaig 2006 | I gCrích | Neamh-CPP |

Cuireann an GAFN comhairle airgeadais ar fáil maidir le tionscadail ardphróifíle i gcónraí. Mar shampla, Príosún Thornton Hall agus tionscadail iompair dála an Tionsacal CPP Metro Thuaidh, síneadh leis an LUAS agus le bóithre. Go dtí seo in 2007, chuir an GAFN i gcrích a comhairle maidir le coimpléasc na gCúirteanna Coiriúla, maidir le hIonad Comhdhála Náisiúnta, Staid Bhóthar Lansdúin agus roinnt scéimeanna tionscadal tithíochta sóisialta agus inacmhainne.

# An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

Tugtar an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (GÉS) ar an GBCN nuair atá sí ag comhlíonadh a feidhmeanna bainistíochta éileamh agus bainistíochta riosca a tharmlig an Rialtas uirthi faoin *Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 2000*. Cuireadh an GÉS ar bun i mí na Nollag 2001. Seo a leanas a phríomhchuspóirí:

- seirbhís ghairmiúil agus chostéifeachtach a chur ar fáil don bhainistíocht ar éilimh i gcoinne an stáit a dhéantar maidir le gortú pearsanta agus damáiste do mhaoin.
- seirbhís chomhairleach bainistíochta riosca a sholáthar a mbeadh mar aidhm aici dlíthíocht a laghdú sa todhchaí.

## Éilimh atá á mbainistiú

Cuimsíonn téarmaí tagartha an GÉS éilimh i gcoinne Údarás Áitiúil áirithe lena n-áirítear an Stát fáin, Airí, an tArd-Aighne, Coimisinéir an Gharda Síochána, gobharnóirí príosún, pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha agus comhlachtaí éagsúla eile. Déileálann an GÉS le héilimh ilghnéitheacha idir éilimh thromchúiseacha, áit a bhfuair daoine bás, is éilimh nach bhfuil chomh tromchúiseach a d'eascair as mionteagmhais. I mí Feabhra 2003, tarmligeadh bainistiú ar éilimh chliniciúla ar an GÉS chomh maith. I mí Iúil 2005 rinne *Ordú na Gníomhaireachta Bainistíochta um Chisteáin Náisiúnta (Tarmligean ar Fheidhmeanna Bainistíochta Éileamh) 2005* éilimh a bhain le mí-úsáid ghnéasach leanaí agus caillteanas éisteachta bhaill de na Fórsaí Cosanta a thabhairt faoi raon bainistíochta na GÉS.

## Cúrsaí mar atá Faoi Láthair

### Éilimh


Faoi láthair déanann an GÉS bainistiú ar thuairim is 3,900 éileamh, agus as an méid sin baineann tuairim is 1,430 le míchleachtas leighis líomhnaithe. Is ionann an cúlchiste amuigh i gcoinne na n-éileamh gníomhach ar fad agus €314 milliún, mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Dliteanas Fostóra (DF)/Dliteanas Poiblí (DP)/Damáiste Maoine (DM) | €116m (37%) |
| Scéim Slánaíochta Cliniciúla | €198m (63%) |

### Éilimh DF/DP/DM

Níor tháinig aon athrú suntasach ar dháileadh líon na n-éileamh i measc na nÚdarás Stáit ó 2005 go 2006.

Comhaireamh na nÉileamh de réir Údaráis Stáit





Foinse: GBCN

### Trochtaí

Tá meath suntasach ag teacht ar líon na n-éileamh DF agus DP. Ó 2002 i leith thit an líon éileamh sa chatagóir DF faoi 83 faoin géad agus líon na n-éileamh DP faoi 44 faoin gcéad. Laghdaigh líon na n-éileamh DF faoi 24 faoin gcéad idir 2005 agus 2006 agus líon na n-éileamh DP faoi 29 faoin gcéad. D'fhéadfadh go bhfuil áibhéal i gceist, ámh, leis an laghdú sin sa mhéid go mb'fhéidir go n-eascróidh éilimh fós as teagmhais a tharla in 2006. Níl líon na n-éileamh a bhaineann le damáiste do mhaoin ag méadú, agus de ghnáth is éilimh iad ar luach i bhfad níos lú, agus tá treocht chothrom á léiriú acu. Ní chuireann an anailís seo éilimh san áireamh a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí agus caillteanas éisteachta bhaill de na Fórsaí Cosanta a tarmligeadh chuig an GÉS le ródhéanaí chun iad a bheith san áireamh mar éilimh stairiúla.

Treochtaí na nÉileamh de réir dháta na dteagmhas




Foinse: GBCN

Tá an laghdú is suntasaí tagtha ar éilimh i gcoinne na bhFórsaí Cosanta agus Seirbhís Phríosúin na hÉireann. Tá an laghdú mór atá ag teacht ar éilimh DF agus DP i gcoinne an Stáit ag teacht leis an laghdú ginearálta atá ar éileamh sa tionscal árachais - ach tá an laghdú ar na héilimh DF agus DP níos suntasaí. De réir cosúlachta tharla an laghdú ar chúpla fáth.

- tugadh isteach tionscnaimh bhainistíochta riosca shuntasacha in Údarás Stáit le cúnamh ón GÉS.
- tá seirbhís bainistíochta riosca ag obair le hÚdarás Stáit.
- an tionchar a bhí ag cúpla cás fasach san Ard-Chúirt, agus go háirithe, an agóid i gcoinne an Stáit sa Chúirt Uachtarach, ar éirigh leis, maidir le caingin dlí a bhain le gearánaithe a dúirt go raibh siad ag fulaingt iarmhairtí aispeiste 'mar dhea'.


Chomh maith leis sin, chuir na nithe seo a leanas le laghdú ar líon na n-éileamh: an tionchar a bhí ag na leasuithe ar an gcód dliteanais shibhialta, bunú an Bhoird Measúnachta Díobhála Pearsanta agus feachtais an tionscail árachais i gcoinne éilimh chalaoiseacha nó áibhéalacha.

In anneoin go bhfuil treocht anuas ag baint leis na gnáthchineálacha éileamh DF/DP/DM, níl an líon iomlán tar éis laghdú go suntasach agus tá an cúl-leibhéal tar éis méadú. Seo toisc gur cuireadh éilimh a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí agus le caillteanas éisteachta leis an líon iomlán, rud nár cuireadh san áireamh sa tacar a ndearnadh anailís air thuas.

Ar na príomhchúiseanna a bhí le héilimh DF/DP bhí líomhaintí maidir le neamhchosaint ar shubstaintí guaiseacha (24 faoin gcéad), timpistí bóthar (29 faoin gcéad), gortaithe ag duine eile (16 faoin gcéad) agus sleamhnú, tuislí agus titim (12 faoin gcéad).


Tá monatóireacht á dhéanamh ag an GÉS freisin ar tuairim is 5,000 drochtheagmhas DF/DP, roinnt díobh a d'fhéadfadh a theacht chun cinn mar éilimh amach anseo.

Éilimh DF/DP/DM de réir Príomhchúise




Foinse: GBCN

Éilimh DF/DP/DM de réir Chatagóir an Éilitheora




Foinse: GBCN

**Éilimh maidir le Mí-úsáid Ghnéasach Leanaí**
Baineann an chuid is mó de na héilimh seo le cásanna mí-úsáide i scoileanna lae i.e. scoileanna náisiúnta maoinithe ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta (ROE) ach atá á mbainistiú ag pátrúin/bainisteoirí nó Boird Bhainistíochta (ó 1975 i leith). Baineann mionlach le mí-úsáid in institiúidí cónaitheacha.

Fuarthas 420 éileamh maidir le mí-úsáid ghnéasach ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta, ón Roinn Sláinte agus Leanaí agus ó Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

Rinne breithiúna éagsúla san Ard-Chúirt cúig chás um mhí-úsáid ghnéasach i gcoinne an Aire Oideachais agus Eolaíochta a dhíbh. Chinn na breithiúna go raibh an caidreamh idir an tAire agus na múinteoirí neamh-imleor le go gcruthófaí caidreamh seirbhíseach/gníomhaire nó fostaí/fostóir áit a bhféadfadh an tAire a bheith freagrach go hionadach i ngníomhartha nó easnaimh na múinteoirí ciontacha. De bhreis air sin, i gcásanna áirithe, chinn an Chúirt dá mba rud é go raibh na gearánaithe tar éis Phátrún agus/nó Bhainisteoir na scoileanna éagsúla a agair maidir leis an díobháil a rinne na múinteoirí dóibh a bhain mí-úsáid astu, go mb'fhéidir go mbeidís tar éis na cásanna a bhuachan.

Rinneadh gach ceann de na cúig chás a achomarc chuig an gCúirt Uachtarach.

**Éilimh maidir le Caillteanas Éisteachta**
San iomlán, aistríodh 566 éileamh maidir le caillteanas éisteachta chuig an GÉS ó Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus ón Roinn Cosanta. Seo na cásanna "bodhaire ón arm" a tógadh mar ghrúpa mór, ar cásanna iad nár réitíodh go fóill. Ó Mheán Fómhair 2005 i leith, fuair an GÉS 47 éileamh breise a bhain le caillteanas éisteachta. As an 613 éileamh sin, réitíodh 337 (55 faoin gcéad). Réitíodh na cásanna ar socraíodh ag meánchostas €6,400.

**Éilimh maidir le hAispeist**
De réir bhreithiúnas na Cúirte Uachtaraí *Fletcher v Commissioners for Public Works* cinneadh go bhfágann dlí na hÉireann ar lár go ndéanfadh an gearánaí damáistí a aisghabháil le haghaidh gortú síciatrach a eascraíonn as eagla neamhréasúnach galar a fháil áit nach bhfuil ach caol seans go bhfaighfí a leithéid de ghalar. Meastar go raibh ar an Stát €5,000 sa chás, ar an meán, a chaitheamh – nó tuairim is €2.5 milliún san iomlán ar chostais dlí agus leighis agus é ag cosaint na n-éileamh seo. Tar éis breithiúnas breise de chuid na Cúirte Uachtaraí an 31 Eanáir 2005, bhí an GÉS gníomhach ag iarraidh costais an Stáit a aisghabháil. Go dtí seo d'éirigh leis an GÉS orduithe cúirte a fháil i roinnt mhaith cásanna inar lorgaíodh go n-íocfaí a chostais agus d'éirigh leis an GÉS roinnt de na costais a aisghabháil.

D'fhéadfadh an dara babhta dlíthíochta a bheith ann maidir le cúrsaí aispeiste. Mar thoradh ar an mbreithniúnas a tugadh sa chás *Fletcher* tháinig an tsaincheist chun cinn – cibé acu arbh gortú fisiciúil é gur ionchlannaigh píosaí aispeiste sa scámhóg nó nárbh ea, go háirithe nuair a bhí athlasadh na scámhóg mar thoradh air (plaiceanna pleoracha). Ní raibh aon duine de na gearánaithe sa chás *Fletcher*, ná i gcásanna bainteacha, tar éis plaiceanna pleoracha a fháil.

Tá aturnaetha, a d'fheidhmigh thar ceann roinnt de na gearánaithe seo a raibh cúis imní acu mar gheall ar aispeist, ag dul ar aghaidh le héilimh a gcliant (i) go raibh siad faoi lé aispeiste agus (ii) go bhfuair siad plaiceanna pleoracha.

Tá straitéis shonrach dlí ullmhaithe ag an GÉS, mar fhreagra air seo (lena n-áirítear scrúdú leighis) chun dul i ngleic leis an mbagairt nua a d'fhéadfadh a bheith ann toisc dlíthíocht na "bplaiceanna pleoracha".

**Éilimh DF/DP/DM a Réitíodh**
Ó cuireadh é ar bun i mí na Nollag 2001, d'éirigh leis an GÉS os cionn 2,800 éileamh a réiteach (53 faoin gcéad de gach éileamh go dtí seo) ar chostas tuairim is €32 milliún. Socraíodh formhór na n-éileamh lasmuigh den chúirt. Réitíodh 27 faoin gcéad de gach éileamh atá dúnta gan aon chostas a bheith ar an Stát.

## Dliteanas Fostóra, Dliteanas Poiblí & Banistíocht Riosca Damáiste Maoine

Tá sé de chúram reachtúil ar an GÉS comhairle a chur ar Údaráis Stáit agus cúnamh a thabhairt dóibh bainistiú a dhéanamh ar rioscaí a bhféadfadh gortú pearsanta/dlíthíocht damáiste maoine eascairt astu. Tá sé de dhualgas dlí ar údaráis tuairisc a thabhairt don GÉS maidir le haon teagmhais a bhféadfadh éilimh eascairt astu agus, ó cuireadh ar bun é tá sé tar éis fógra a fháil faoi 5,000 drochtheagmhas. Tá tuairisciú luath ríthábhachtach chun go mbeadh rath ar an mbainistiú ar éilimh agus ar rioscaí. Cuireann sé seo ar chumas na gníomhaireachta scrúdú luath agus sonrach a dhéanamh ar na teagmhais atá níos tromchúisí chun cinneadh a dhéanamh ar cheist an dliteanais sula gcuirtear aon dlíthíocht sa tsiúl. Chomh maith leis sin, cuidíonn na sonraí ar dhrochtheagmhais leis an GÉS aon phátrún a aithint a bhaineann le cleachtais atá fochaighdeánach, rud a d'fhéadfadh foláireamh a thabhairt maidir le laigí sna nósanna imeachta sláinte agus sábháilteachta atá ann i láthair na huaire.

Chomh maith leis sin, déanann an GÉS athbhreithnithe riosca foirmiúla ar gach Údarás Stáit, mar is cuí, agus i gcomhar leis an Údarás sin. Aithnítear go córasach, trí mheán na n-athbhreithnithe seo, aon easnaimh i gcaighdeáin sláinte agus sábháilteachta i ngníomhaíochtaí an Údaráis nó ar an áitreabh ina bhfuil an tÚdarás lonnaithe. I gcomhar leis na sonraí ar éilimh agus ar dhrochtheagmhais, is féidir leis an GÉS, trí mheán na n-athbhreithnithe rioca, easnaimh a aithint agus tionscnaimh a mholadh chun dul i ngleic leo.

Seo a leanas roinnt de na tionscnaimh athbhreithnithe riosca ar tugadh fúthu le linn 2006:

*Idirchaidreamh le hÚdarás Stáit*
Ó cuireadh í ar bun, bhunaigh an GÉS caidrimh láidre le gach údarás Stáit don chumarsáid, don tuairisciú, don chomhairle, don mhonatóireacht agus chun bainistíocht riosca a chur chun cinn. Seo a leanas na húdaráis stáit a bhfuil an riosca is mó ag baint leo, ag tagairt don líon daoine atá fostaithe iontu agus do chineál na ngníomhaíochtaí a bhíonn ar bun acu: Na Fórsaí Cosanta, An tSeirbhís Phríosúin, An Garda Síochána, Oifig na nOibreacha Poiblí agus an Roinn Talmhaíochta agus Bia. Tá Grúpaí Idirchaidrimh Riosca bunaithe ag an GÉS leis na húdaráis go léir seo. Bíonn cruinnithe acu gach ráithe, mar ar féidir eolas a roinnt ar a chéile agus tuairisc chun dáta a thabhairt ar an dul chun cinn atá déanta ar aon cheann de na tionscnaimh seo.

Seoltar tuairisí ráithiúla a fhaightear maidir le héilimh agus le teagmhais chuig na húdaráis Stáit go léir chomh maith.

Cuireann an GÉS oiliúint agus seimineáir ar fáil do na húdaráis chuí chomh maith. Cuireadh sraith d'ocht seiminéar ar fáil do Bhoird Bhainistíochta, do phríomhoidí agus do mhúinteoirí scoileanna pobail agus cuimsiteacha agus d'eagraíochtaí múinteoirí tar éis don GÉS comhthuarascáil a sheoladh leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta dar teideal *Management of Occupational Health and Safety in the Technologies in Post-Primary Schools*.

Reáchtáil an GÉS seimineár ar shaincheisteanna sláinte agus sábháilteachta d'údaráis Stáit ar gníomhaíocht oifig-bhunaithe a bhíonn ar siúl acu den chuid is mó, agus mar sin, a bhfuil riosca níos lú ag baint leo. Tugadh tuairisc chun dáta dóibh siúd a d'fhreastail ar na seimineáir maidir le reachtaíocht a achtaíodh in 2006. Clúdaíodh ábhair amhail torann, strus, tiomáint, ríomh-obair agus obair ón mbaile. D'fhreastail roinnt mhaith daoine ar an seimineár agus bhí siad sásta leis.

*Córais Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde – Na Fórsaí Cosanta*
D'iarr na Fórsaí Cosanta ar an GÉS éascú agus iniúchadh a dhéanamh ar thabhairt isteach córas bainistíochta sláinte agus sábháilteachta ceirde bunaithe ar chaighdeáin idirnáisiúnta.

Cheap agus chomhaontaigh an GÉS, i gcomhar leis na Fórsaí Cosanta, cuspóirí agus príomhtháscairí feidhmíochta do gach ceann dá leibhéil feidhmíochta. Ansin cuireadh iniúchtaí i gcrích do shampla cuí de na leibhéil feidhmíochta agus do na haonaid mhíleata a roghnaíodh. D'éirigh leis na Fórsaí Cosanta an Córas Caighdeán Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde a chomhlíonadh i ngach réimse a ndearnadh iniúchadh air.

*Córais Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde – An tSeirbhís Phríosúin*
Tá córas bainistíochta sláinte agus sábháilteachta ceirde, bunaithe ar chaighdeáin idirnáisiúnta, á chur i bhfeidhm i suímh phíolótacha i Seirbhís Phríosúin na hÉireann (SPÉ).

Cheap an GÉS, i gcomhar leis an SPÉ nósanna imeachta bainistíochta do gach gné den chóras maille le plean chun an tionscadal a chur i bhfeidhm. Ceapaidh cláir oiliúna do phríomhbhaill foirne chomh maith le cuspóirí sláinte agus sábháilteachta. Comhaontaíodh príomhtháscairí feidhmíochta do gach réimse den SPÉ le haghaidh 2007. Beidh an cur i bhfeidhm i gcrích faoi lár 2007 agus déanfar an córas a iniúchadh roimh dheireadh 2007 chun a chinntiú go bhfuil sé ag comhlíonadh na gcaighdeán.

.

## Scéim Slánaíochta Cliniciúla

Bunaíodh an Scéim Slánaíochta Cliniciúla (SSC) i mí Iúil 2002 chun cuíchóiriú a dhéanamh ar na socruithe slánaíochta leighis a bhí ann cheana féin. Baineadh é sin amach ach ospidéil agus gníomhaireachtaí sláinte eile a aistriú chuig an Stát, trí mheán na mbord sláinte (FSS anois), maille le freagracht as slánaíocht agus as bainistiú ar éilimh faillí cliniciúla agus rioscaí bainteacha. Faoin scéim seo, a ndéanann an GÉS bainistiú air, glacann an Stát freagracht iomlán as slánú agus bainistiú a dhéanamh ar gach éilimh faillí cliniciúla i gcoinne fiontar nó cleachtóirí atá clúdaithe faoin scéim. Seo a leanas cúraimí na SSC:


- Slánaíocht chliniciúil a sholáthar ar bhonn "dliteanas fiontair", (i.e.glacann an fiontar freagracht as dliteanas a fhostaithe a bhfuil líomhain ann go ndearna siad faillí chliniciúil);
- Bainistiú a dhéanamh ar éilimh i gcoinne fiontair ar bhealach tráthúil agus costéifeachtach;
- Cuidiú le fiontair laghdú a dhéanamh ar líon na n-éileamh trí mheán tionscnaimh bainistíochta riosca;
- Tacú le cúram slán na n-othar; agus
- Treoir agus cúnamh a thabhairt do gach ceann de na fiontair maidir le bainistíocht riosca.

Le héifeacht ó mhí Feabhra 2004, cuireadh le raon na scéime chun go gcuimseofaí cleachtas poiblí na lianna comhairleacha ospidéil agus a gcleachtas príobháideach in ospidéil phoiblí.


Clúdaítear éilimh maidir le dliteanas an fhostóra agus dliteanas poiblí na bhfiontar sláinte faoi pholasaithe árachais le hárachóirí tráchtála.

### Éilimh Chliniciúla

Faoi láthair tá GÉS ag bainistiú 1,300 éileamh áit a bhfuil líomhaintí ann maidir le faillí chliniciúil. Bhí treocht mhaol ann do líon na n-éileamh cliniciúil in 2006. Tá líon na n-éileamh atá á mbainistiú ag dul i méid, ámh, toisc an tréimhse ama idir an uair a fhaightear an t-éileamh agus an uair a réitítear an t-éileamh, toisc go bhfuil siad casta.





Foinse: GBCN




Foinse: GBCN

An chúis atá leis an gcúl-luach ard d'éilimh a bhaineann le leanbhliacht ná toisc cul-leibhéil arda a bheith ann toisc cásanna maidir le gortú ceirbreach/pairilis cheirbreach.




Foinse: GBCN

### Éilimh Chliniciúla Réitithe

Ó cuireadh an scéim ar bun, d'éirigh leis an GÉS réiteach a fháil ar os cionn 300 éileamh (18 faoin gcéad de gach éileamh a fuarthas go dtí seo) ag costas isteach is amach le €10 milliún, agus socraíodh formhór na n-éileamh sin lasmuigh den chúirt. Réitíodh 43 faoin gcéad de gach éileamh gan aon chostas a bheith ar an Stát.

### Bainistíocht Riosca Chliniciúil

Ceann de na sainchúraim reachtúla atá ar an GÉS, mar chuid den Scéim Slánaíochta Cliniciúla, ná treoir agus tacaíocht bainistíochta riosca a sholáthar do gach fiontar agus ospidéal atá rannpháirteach.


Cuireann Seirbhís Comhairle Cliniciúla an GÉS comhairle agus cúnamh ar fáil do gach saoráid chliniciúil atá clúdaithe faoin SSC agus oibríonn sé le pearsanra a bhíonn i mbun bainistíocht riosca agus le pearsanra cliniciúil agus riaracháin ábhartha eile ag leibhéal an fhiontair/an ospidéil, chun tacú le sábháilteacht an othair agus chun iarracht a dhéanamh éilimh chliniciúla a íoslaghdú. San áireamh anseo tá daoine a spreagadh le foláireamh luath a thabhairt má tharlaíonn teagmhais agus "neas-timpistí" agus aon treochtaí áitiúla agus náisiúnta i gcleachtas cliniciúil a shainaithint.

### Córas Tuairiscithe do Theagmhais Chliniciúla – STARSweb


Is córas TF gréasánbhunaithe é STARSweb a chuir an GÉS i bhfeidhm chun cuidiú le gach fiontar atá clúdaithe faoin scéim tuairisc a thabhairt don GÉS ar gach teagmhas cliniciúil neamhfhabhrach agus ar gach "neas-timpiste". Cé go bhfuil na sonraí uile a chuireann na fiontair ar na córas seo faoi rún, tá bunachar sonraí náisiúnta ag an GÉS chun treochtaí agus braislí neamhfhabhracha a shainaithint agus chun anailís a dhéanamh orthu.

Faoi dheireadh Nollaig 2006, cuireadh fógra maidir le tuairim is 89,000 teagmhas cliniciúil neamhfhabhrach agus "neas-timpiste" ar an gcóras.

Léiríonn an tábla thíos an líon teagmhas a tuairiscíodh sa tréimhse sin.




Foinse: GBCN




Foinse: GBCN

Is díol suntais é, cé go raibh fiontair nua ag tuairisciú maidir le teagmhais i rith na tréimhse, tá an miondealú ar theagmhais chliniciúla de réir chineál an teagmhais mar an gcéanna, le "Sleamhnú/Tuislí/Titim" ag comhdhéanamh 40 faoin gcéad. Tá sé seo éagsúil ón bpróifíl fhoriomlán d'éilimh, mar a bhfuil catagóir na dteagmhas cothrom le cúig faoin gcéad de na héilimh iomlána. Tá an seasamh seo, ámh, ag teacht go beacht leis an eispéaras idirnáisiúnta ar bhunachair shonraí mhóra.

**Córas Cáilíochta chun tacú leis an gCóras STARSweb**
Tá an córas faoi réir leasú agus athbhreithniú leanúnach. Le linn 2006, bunaíodh Fóram d'Úsáideoirí chun éascú a dhéanamh ar an gcumarsáid idir an GÉS agus na húsáideoirí deiridh, agus rinneadh uasghrádú ar an gcóras dá réir. Ina theannta sin, chinn an GÉS go raibh sé tráthúil tionscadal a bheith ann chun cáilíocht iontráil na sonraí a mheas agus chun sástacht na n-úsáideoirí le STARSweb a mheas. Is é atá sa tionscadal *STARS Data Quality Assurance Tool* ná cur chuige comhpháirteach idir FSS, HIQA agus an GÉS. Cuireadh tús le Céim 1 den tionscadal in 2006. Cuimsíonn sé idir ghnéithe cháilíochtúla is chainníochtúla agus dearadh é chun aon bhacainní reatha atá ann ar shonraí a iontráil go beacht a shainaithint. Cuideoidh an taighde seo le forbairt ar uirlis um dhearbhú cáilíochta in 2007.

**Fóram Cnáimhseachais**
Baineann 25 faoin gcéad den líon iomlán éileamh le speisialtacht an chnáimhseachais agus beagnach 60 faoin gcéad de chúlchostas na n-éileamh. Cuideoidh anailís treochta ar theagmhais a dtugtar tuairisc orthu ar an gcóras STARSweb atá gaolmhar do "éilimh dhúnta" sainaithint a dhéanamh ar na fiontair sin a dtabharfaidh an GÉS aird speisialta orthu le linn 2007.

Leanfaidh an GÉS uirthi ag óstáil Fóram Cnáimhseachais d'fhonn an dea-chleachtas a chur chun cinn agus chun eolas a roinnt idir na haonaid mháithreachais laistigh de raon an SSC.

**Fóram Leanbhliachta**
Cé nach bhfuil i gceist leis an Speisiltacht Leanbhliachta ach cúig faoin gcéad de líon iomlán na n-éileamh, is féidir leis an bpoiblíocht neamhfhabhrach a bheadh mar thoradh ar bhás linbh cur isteach go mór ar dhea-cháil fiontair nó a ghairmithe cúraim shláinte, agus d'fhéadfadh go gcaillfeadh an pobal muinín sa fhiontar sin. Cuireann an SSC tacaíocht bainistíochta riosca chliniciúil ar fáil i gcónaí d'ospidéil chnáimhseachais agus d'aonaid ar fud na tíre.

Tabharfar cuireadh d'ionadaithe ó gach aonad cnáimhseachais a reáchtálfaidh an GÉS dhá uair sa bhliain.

**Comhoibriú le FSS**
Tá a struchtúir bainistíochta riosca fós á bhforbairt ag FSS. D'fhonn a chinntiú go bhfuil cur chuige caighdeánaithe ann maidir le bainistíocht riosca chliniciúil, glacannn an GÉS páirt iomlán sa Chomhfhóram Cáilíochta agus Riosca, a chuir FSS ar bun agus tá gach páirtí leasmhar bainteach leis. I measc na dtionscadal atá idir lámha faoi láthair tá forbairt a dhéanamh ar chur chuige caighdeánaithe chun toiliú a fháil; oiliúint a chur ar fáil chun gur féidir le daoine gearáin a láimhseáil agus forbairt ar mhodúl gearáin TF; agus réimsí riosca a shainaithint san earnáil neamhghéar, i.e. Cúram Príomhúil, Pobail agus Leanúnach.

**Coiste Polasaí**
Forálann an *tAcht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2000* do bhunú Coiste Polasaí chun comhairle a chur ar an GÉS maidir le polasaí agus nósanna imeachta a bhaineann le feidhmíocht a chuid feidhmeanna a bhaineann le bainistíocht éileamh agus bainistíocht riosca. Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire le linn 2006 agus ar an gcoiste tá:

- Noel Whelan (Cathaoirleach) – Leas-Uachtarán Seachtrach, Ollscoil Luimnigh.
- John F Dunne – Stiúrthóir Bainistíochta, J F Dunne Insurances.
- Michael Grace – Comhbhainisteoir, AIB Investment Managers.
- Ann Marie Hayes – Cuntasóir Airgeadais.
- Margaret Lane – Bainisteoir Acmhainní Daonna & Pearsanra, Bord Gáis.
- Frank Martin – Iar-Bhreitheamh sa Chúirt Chuarda (go dtí Aibreán 2006)
- Ann Nolan – Príomh-Oifigeach, An Roinn Airgeadais.

# Arigeadas, Teicneolaíocht Agus Riosca

San áireamh in Airgeadas, Teicneolaíocht agus Riosca tá na haonaid seo a leanas:

- Rialú Airgeadais
- Próiseáil ar Idirbhearta
- Teicneolaíocht Faisnéise
- Bainistíocht Riosca

Cuirtear seirbhísí comhroinnte ar fáil do ghnóthaí leithleacha uile an GBCN, is é sin Bainistíocht Maoinithe agus Féich, An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean, An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát, An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Forbairt Náisiúnta, agus bainistiú ar chistí Stáit dála an Ciste Árachais Shóisialta, Ciste na gCuntas Díomhaoin agus iasachtaí na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe. Ar an iomlán tá comhphunann sócmainní agus dliteanais ag na gnóthaí seo dar luach os cionn €60 billiún. Rinneadh próiseáil ar thréchur airgid dar luach os cionn €576 billiún le linn 2006.

Toisc fairsingiú an GBCN le blianta beaga anuas cuireadh éileamh níos mó ar Airgeadas, Teicneolaíocht agus Riosca. A bhuíochas le pleanáil chúramach cinntíodh go ndearnadh an fhorbairt leanúnach ar na réimsí gnó nua seo a chomhtháthú le líonra cuimsitheach chórais agus rialuithe an GBCN. Tá teicneolaíocht faisnéise ríthábhachtach agus forbraíodh córais agus cuireadh i ngníomh iad chun tacú le gnóthaí de réir mar a bhí gá leis.

Féachann an GBCN le rialú agus bainistíocht a dhéanamh ar riosca de réir na gcaighdeán gairmiúil is airde, agus déanann sí mionathrú agus feabhas a chur ar chleachtais bhainistíochta riosca chun teacht leis na hathuithe ar ghnó, ar mhargaí, ar tháirgí agus ar an dea-chleachtas is déanaí.

## Rialú Airgeadais

An phríomhfhreagracht atá ar Rialú Airgeadais ná a chinntiú go gcoinnítear taifid chuntasaíochta agus tauirisc ar gach gnó agus go gcuirtear iad i gcrích laistigh d'amscálaí reachtúla. De dhéanta na fírinne, tá na téarmaí tagartha i bfhad níos fairinge, mar go bhfuil sé mar chuid thábhachtach den ról timpeallacht rialaithe láidir a fhorbairt agus a chothú, eolas bainistíochta tráthúil a chur ar fáil do ghnóthaí agus cuidiú leis an eagraíocht fás agus forbairt a dhéanamh. Tá fás tapa tagtha ar an GBCN thar na blianta agus gnóthaí nua á gcur laistigh dá théarmaí tagartha le blianta beaga anuas.

Tá Rialú Airgeadais ag obair i gcónaí le ABN AMRO Mellon, an Caomhnóir Domhanda le haghaidh an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, chun a chinntiú go ndéantar pleanáil ar ghníomhaíochtaí an Chiste agus go gcuirtear iad i bhfeidhm go héifeachtach. Toisc infheistiú CNP isteach i gcineálacha sócmhainní eile, dála maoin, cothromas príobháideach, margaí atá ag teacht chun cinn agus tráchtearraí, tá éileamh níos mó ar an sainaonad laistigh den Rialú Airgeadais. an Caomhnóir Domhanda i bhfeighil na gcineálacha sócmhainní seo, go háirithe maoin agus feithiclí infheistíochta cothromais phríobháidigh, agus mar thoradh air seo tá gá le riarachán breise, maoirseacht airgeadais, optamú cánachais agus dualgais chomhlíonta.

Le linn 2006, shainaithin an GBCN riachtanas gnó le haghaidh sainchóras riarcháin agus cuntasaíochta chun cuidiú le cuntasaíocht, luacháil agus bainistíocht ar mhaoin an CNP agus infheistíochtaí cothromais phríobháidigh. Ceapadh JP Morgan Private Equity Fund Services mar sholáthraí an chórais seo agus seirbhísí cuntasaíochta bainteacha i mí an Mhárta 2007, tar éis tairiscint iomaíoch a chur i gcrích. Cuirfear an córas i bhfeidhm ag deireadh mhí an Mheithimh 2007.

## Teicneolaíocht Faisnéise


Tá an t-aonad Teicneolaíochta Faisnéise freagrach as córais agus bonneagar teicniúil an GBCN a fhorbairt, a shuiteáil agus a chothabháil.

Cuireadh i bhfeidhm feidhmiúlacht nua, ardteachaireachtaí san áireamh, feabhas ar thuairisciú agus ar chomhéadan SWIFT, don chóras comhtháite GBCN-forbartha (SPRINT) agus do chóras An Chúlchiste Náisiúnta Pinsean. Cuireadh feabhas ar ardán íocaíochta SWIFT agus rinneadh feabhsúcháin shuntasacha ar fheidhmiúlacht ghnó le haghaidh SWIFT agus córais ríthábhachtacha GBCN. Cuireadh feabhas sa bhreis ar phríomhchórais slándála chun feabhas a chur ar shlándáil agus ar fheidhm, ar thréchur sonraí agus ar fheidhmiúlacht athshlánúcháin. Cuireadh i bhfeidhm níos mó an t-ardán slán gréasánbhunaithe do chian-iontráil na dteagmhas cliniciúil trí mheán an FSS mar chuid de phróiseas bainistíochta teagmhais/éilieamh na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát.

## Próiseáil ar Idirbhearta


Tá an réimse seo freagrach as dearbhú, bainistiú agus socrú a dhéanamh ar shreabhadh airgid do gach gníomhaíocht ghnó de chuid an GBCN.

I rith na bliana, lean an GBCN ag cur le feidhmiúlacht an chórais bhainistíochta chomhtháite cisteáin. An cuspóir a bhí leis an obair sin ná feabhas a chur rátaí próiseála díreacha atá gar do 100 faoin gcéad agus ar an gcaoi sin riosca oibríochtúil a laghdú.



Foinse: GBCN

Toisc fás leanúnach ghnó an GBCN le linn 2006 d'fhás líon na n-idirbheart go 38,000, agus b'ionann meánsreabhadh airgid míosúil agus os cionn €48 billiún.



Foinse: GBCN

## Bainistíocht Riosca

Na príomhchuspóirí atá ag an GBCN ná leachtacht a chinntiú don Státchiste agus costais d'fhónamh don fhiachas náisiúnta a íoslaghdú faoi réir leibhéal inghlactha riosca. Na rioscaí a mbíonn GBCN i dteagmháil leo ná riosca margaidh, riosca leachtachta, riosca creidmheasa contrapháirtithe agus riosca oibríochtúil.

I gcás riosca margaidh, tá sraith nósanna imeachta bainistíochta riosca i bhfeidhm ag an GBCN chun tionchar na ngluaiseachtaí i rátaí úis agus i rátaí malairte coigríche a chainníochtú agus a bhainistiú, go tráthúil. I measc na n-uirlisí a úsáidtear chun bainistiú a dhéanamh ar riosca tá córais chun cainníochtú a dhéanamh ar íogaireacht na gcostas chun fónamh d'fhiacha buiséadaithe, sa bhliain reatha agus i mblianta sa todhchaí araon, go gluaiseachtaí i rátaí margaidh.

Baineann rátaí leachtachta leis an ngá atá ann dóthain airgid a bheith ar fáil chun freastal ar dhliteanais de réir mar a thagann siad chun cinn. Déantar monatóireacht agus rialú gníomhach orthu seo. Tá nósanna imeachta comhtháite in áit chun a chinntiú go ndéanann an GBCN bainistiú ar thráthúlacht agus ar líon na n-eisiúintí chun dóthain leachtachta a ráthú.

Déantar monatóireacht laethúil, i gcoinne teorainneacha faofa, ar nochtadh creidmheasa na gcontrapháirtithe, a eascraíonn as taiscí agus idirbhearta i ndíorthaigh a dhéantar. Déantar an nochtadh seo a mheas ar bhonn comhiomlán ar fud phunanna éagsúla an GBCN trí mheán an chórais SPRINT, a chuireann eolas fíorama ar fáil maidir le teorainneacha agus a n-úsáid. Déantar monatóireacht leanúnach ar chontrapháirithe d'aon imeacht a bhfeadfadh éifeacht a bheith aige ar a n-iontafacht creidmheasa agus tá teorainneacha na gcontrapháirtithe uile faoi réir próiseas athbhreithnithe bliantúil.

Tá riosca oibríochtúil á rialú ag polasaithe agus ag nósanna imeachta éagsúla a rialaíonn íocaíochtaí trí mheán deighilt freagrachtaí, ag teacht leis an gcleachtas is fearr san earnáil airgeadais. Is ar gach aonad gnó atá an fhreagracht bainistiú a dhéanamh ar riosca oibríochtúil agus tacaíonn obair an Aonaid Gheilliúlachta san GBCN, agus obair an iniúchóra inmheánaigh, PricewaterhouseCoopers, leis an obair sin.

**Tagarmharc chun Fiacha a Bhainistiú**

Léiríonn an Tagarmharc cuspóirí meántéarmacha bainistíochta an Státchiste agus punann le próifíl leasa, le marthanacht agus le struchtúr aibíochta atá i gcomhréir le treoirlínte atá leagtha síos ag an Aire Airgeadais.

Cuireann an córas measúnaithe feidhmíochta Tagarmhairc san áireamh an suíomh airgid charntha agus an glanluach reatha a bheadh ag gach sreabhadh airgid. Ríomhann sé an tionchar a bheadh ag gníomhaíochtaí an GBCN, ní hamháin sa bhliain faoi athbhreithniú, ach an tionchar teilgthe a bheadh acu thar thréimhse mharthana an fhéich. In 2006, rinne PricewaterhouseCoopers an fheidhmíocht a mheas i gcoinne an Tagarmhairc agus rinne sé iniúchadh ar na torthaí. Léirigh na torthaí gur bhain an GBCN amach breisluach de €18.2 milliún in 2006.

Tá uirlisí bainistíochta riosca forbartha ag an GBCN, a ionchorpraíonn anailís íogaireachta agus Luach i mBaol. Déanann na huirlisí seo íogaireacht feidhmíochta an ráta úis a thomhas i gcoibhneas leis an Tagarmharc. Baintear úsáid as teorainneacha riosca chun neamhchosaint feidhmíochta an GBCN a rialú laistigh de raon inghlactha.

Tá córais i bhfeidhm ag an GBCN chun gur féidir eolas faoi shainfheidhmíocht agus faoi bhainistíocht riosca a ríomh gach lá agus é a chur ar fáil go leictreonach dá bhainisteoirí punainne agus don lucht bainistíochta sinsearaí.

**Tástáil Struis agus siarthástáil**

Tá bearta íogaireachta Luach i mBaol bunaithe ar shonraí stairiúla agus níl siad ach in ainm is a bheith ag meas an uasriosca dóchúil go leibhéal sainithe i ngnáth-thosca margaidh. Baintear úsáid as tástáil struis chun cur leis na bearta sin, mar a ndéantar an tionchar dóchúil a mheas a bheadh ar an mbuiséad chun fónamh don fhiachas agus ar Thagarmharc feidhmíochta na GBCN a d'fhéadfadh a thitim amach faoi thosca margaidh foircneacha.

Baintear úsáid as siarthástáil chomh maith chun cumhacht fáistinithe na samhla Luach i mBaol a fhíorú. Faoin bpróiseas seo, déantar an fheidhmíocht a chur i gcomparáid leis na meastacháin a réamhaisnéisíodh ag baint úsáid as an tsamhail Luach i mBaol.

**Seirbhísí don CNP**

Cuireann Aonad Riosca an GBCN seirbhísí ar fáil don CNP. I measc na seirbhísí sin tá feidhmíocht a mheas agus rialuithe a fheidhmiú ar phunann bannaí neamhghníomhacha an CNP agus bainistiú ar chlár fálaithe airgeadra an CNP.

## Iniúchadh

De réir ceanglais reachtúla, tá an GBCN fós á iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Ag teacht leis na caighdeáin rialachais chorparáidigh is fearr, bhí feidhm iniúchta inmheánaí i bhfeidhm ag an GBCN ó cuireadh í ar bun. Cuirtear leis an obair sin trí mheán na hoibre iniúchta inmheánaigh a dhéanann gnólacht seachtrach iniúchóirí, PricewaterhouseCoopers.

Tá córas rialaithe inmheánaigh an GBCN ag brath ar neamhspleáchas docht eagraíochtúil na monatóireachta ar fheidhmeanna rialaithe, scagadh ar dhualgais agus cur i bhfeidhm phrionsabal na marcála/seiceálaithe ina gníomhaíochtaí uile. Is uirlis tacaíochta atá san iniúchadh inmheánach do bhainistiú an GBCN agus í ag baint amach a cuspóirí gnó, fad is atá siad ag cur breisluach lena gníomhaíochtaí agus i gcónaí ag féachaint le feabhas a chur ar oibríochtaí agus ar nósanna imeachta.

Tá an GBCN tar éis tuairiscí sásúla a fháil maidir lena gnó, ó iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha araon i ndáil le 2006.

Le linn 2006, lean an GBCN ag tacú le hobair Choiste Iniúchta agus GBCN agus Coiste Iniúchta an CNP araon. Rinne na Coistí Iniúchta sin athbhreithniú ar éifeacht na rialuithe atá ag an GBCN agus ag soláthraithe seirbhíse eile trí chruinnithe a bheith ann leis an lucht bainistíochta, le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus leis an Iniúchóir Inmheánach.

## Comhairleacht Agus Caidrimh Idirnáisiúnta

Tá tíortha eile fós a théann i gcomhairle leis an GBCN maidir lena ghníomhaíochtaí bainistithe sócmhainní agus dliteanais.

In 2006, chuir an GBN comhairle agus cúnamh ar fáil dóibh seo a leanas:

- Aireacht Airgeadais na Bulgáire
- Cisteán na Tuirce
- Cisteán Stát Ontario
- Roinn Airgeadais agus Roinn Forbartha agus Trádála Chónaidhm na Rúise

Go dtí seo in 2007, cuireadh comhairle agus cúnamh ar fáil dóibh seo a leanas:

- Aireacht Slándála Sóisialta na Spáinne

Chomh maith leis sin, rinne an GBCN óstáil ar Chomhdháil Bainistíochta Fiachais Miodíola Náisiúnta 2007.

## Cúrsaí Dlí & Corparáideacha

Cuireann an tseirbhís dlí inchomhlachta comhairle ar fáil maidir le feidhmeanna uile an GBCN. Cuirtear comhairle ar fáil maidir leis na nithe seo a leanas: Bainistíocht Maoinithe agus Féich, Lársheirbhísí Cisteáin, An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát, an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Naisiúnta agus an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean.

Cuirtear comhairle dlí ar fáil maidir le cúrsaí a bhaineann le cáipéisíocht a bhaineann le hidirbhearta maoinithe an GBCN, idirbheartaíocht maidir le comhaontuithe seirbhíse agus soláthair agus nósanna imeachta soláthair a dhréachtú.

Le linn 2006, chuir an t-aonad dlí comhairle ar fáil don Chúlchiste Náisiúnta Pinsean maidir le raon saincheisteanna soláthair phoiblí a bhain le ceapadh bainisteoirí infheistíochta agus soláthraithe seirbhíse agus rinne sé bainistiú ar phróiseas um dhícheall dlí cuí do mhaoin, do chothromas príobháideach, do mhargaí ag teacht chun cinn agus do thráchtearraí an Chiste agus a phunanna deighilte.

I measc na nithe eile ar déileáladh leo bhí chomhairle maidir le ceanglais reachtúla agus rialaitheacha agus a chinntiú gur comhlíonadh rialacha faoin iompar gairmiúil i réimse dála rúndacht, coinbhleacht leasa agus eiticí in oifigí poiblí.

## Acmhainní Daonna

Déanann an GBCN bainistiú ar cheithre ghnó shubstaineacha, chasta atá ag fás le quota foirne reatha de thuairim is 135. Déantar foireann an GBCN a earcú trí mheán raon disciplíní éagsúla ag na leibhéil saineolais agus díograise is airde.

Tugtar cuspóirí soiléire agus sonracha don fhoireann. Déantar feidhmíocht a mheas i rith na bliana agus cuirtear iad san áireamh san athbhreithniú bliantúil luacha saothair a dhéantar faoi stiúir Chathaoirleach Choiste Comhairleach an GBCN. Dírítear cláir oiliúna agus forbartha ar a chinntiú go bhfuil an fhoireann chun tosaigh ina ndisciplíní féin agus go gcothaíonn siad a bhforbairt ghairme ag teacht le torthaí na n-athbhreithnithe. Déanann AD polasaí láidir agus oscailte cumarsáide a chothú leis na bhfoireann uile. Ar deireadh thiar, téitear i ngleic le saincheisteanna sláinte agus leasa ag teacht leis an gcleachtas is fearr. Tugadh isteach Clár um Chúnamh Fostaithe in 2006 chun tacaíocht sa bhreis a sholáthar don fhoireann.

I ndeireadh na dála, baintear amach timpeallacht dhearfach toisc an méid thuasluaite, rud a chuireann ar an bhfoireann a ndícheall a dhéanamh ina bhforbairt phearsanta féin agus sna cuspóirí a leagann an GBCN amach dóibh. Is mór ag an bPríomhfheidhmeannach agus ag na Stiúrthóirí an díograis a léirigh an fhoireann agus an dianobair a rinne siad i rith na bliana.

# Ráitis Airgeadais

Ráitis airgeadais arna n-ullmhú ag gníomhaireacht bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta de réir alt 12 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990


1. Fiachas Náisiúnta na hÉireann
2. Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta – Cuntas Riaracháin
3. An Ciste um Banc Taisce an Phoist
4. An Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla
5. Cuntas Luath-ús na nIasachtaí Náisiúnta
6. Cuntas na nIasachtaí Náisiúnta (Foirceannadh)
7. Cuntas Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Díbhinní Neamhéilithe)
8. Cuntas Infheistíochta an Airgid Taisce
9. An Cuntas um Stoc a Ghlactar mar Íocaíocht ar Cháin Oidhreachta agus Dleachtanna Báis
10. An Cúlchiste Miontaiscí
11. An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát
12. Ciste na gCuntas Díomhaoin



# Ráitis Airgeadais Fhiachas Náisiúnta Na hÉireann

Don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2006


| | |
|---|---|
| Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na Gníomhaireachta | 36 |
| Ráiteas faoin gCóras Rialú Airgeadais Inmheánach | 37 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 38 |
| Polasaithe Cuntasaíochta | 39 |
| Ráiteas faoin bhFónamh don Fhiachas Náisiúnta | 40 |
| Ráiteas faoin bhFiachas Náisiúnta | 41 |
| Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid | 42 |
| Ráiteas faoin Athrú san Fhiachas Náisiúnta | 43 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 44-48 |

# Ráiteas faoi Fhreagracht na Gníomhaireachta

Tá dlite ar an nGníomhaireacht faoi réir an Achta um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 ráitis airgeadais a ullmhú i leith a cuid oibriúcháin i rith gach bliain airgeadais.

Dlitear ar an nGníomhaireacht agus na ráitis sin á n-ullmhú:

- polasaithe cuntasaíochta cuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach, stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh murarbh mhíchuí sin;
- aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as gach cuntas ceart agus coitianta a choimeád, san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire, ar an airgead ar fad a fuarthas nó a caitheadh; agus as taifid chuntasaíochta a choimeád lena nochtfaí le cruinneas réasúnta ag tráth ar bith riocht airgeadais na Gníomhaireachta, a cuid cistí agus an fhiachais náisiúnta.

Tá an Ghníomhaireacht freagrach chomh maith as sócmhainní atá faoina rialú a chosaint agus dá réir sin as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus míréireachtaí eile a thabhairt faoi deara agus a chosc.

**Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

26 Meitheamh 2007

# Ráiteas Faion gCóras Rialú Airgeadais Inmheánach

## Freagracht as an gCóras Rialú Airgeadais Inmheánach

Admhaímse, thar ceann Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, an fhreagracht as cinntiú go leantar agus go gcuirtear i bhfeidhm córas rialú airgeadais inmheánach den éifeacht.

Is cinnteacht réasúnach seachas cinnteacht iomlán a chuirtear ar fáil leis an gcóras go bhfuil na sócmhainní á gcosaint, bearta airgeadais á n-údarú agus á dtaifeadadh mar is cóir, agus go seachnaítear aon earráidí nó mírialtacht ábhartha nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil.

## Na Príomhghnásanna Rialaithe

Tá bearta déanta ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta chun timpeallacht rialaithe oiriúnach a chinntiú trí:

- shainmhíniú soiléir a thabhairt ar fhreagrachtaí bainistíochta;
- nós imeachta foirmeálta a chur ar bun maidir le tuairisciú ar theip shuntasach sa rialú agus le cinntiú go ndéanfaí bearta cuí chun a chur ina cheart;
- Coiste Iniúchta a chur ar bun chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid dualgas maidir leis an gcóras rialú airgeadais inmheánach.

Tá próisis bunaithe ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta chun rioscaí gnó a aithint agus a mheasúnú trí:

- chineál, oiread agus impleacht airgeadais na rioscaí atá ann don chomhlacht a shonrú agus oiread agus catagóirí na rioscaí a mheastar a bheith inghlactha san áireamh;
- an dóigh a dtarlódh na rioscaí a shonraítear a mheas;
- cumas an chomhlachta bainistíocht agus maolú a dhéanamh maidir leis na rioscaí a tharlaíonn a mheas;
- na costais a bhaineann le beart rialaithe faoi leith a mheas i gcomórtas leis an mbuntáiste a fhaightear uaidh.

Tá an córas um rialú airgeadais inmheánach bunaithe ar chreat eolas bainistíochta rialta, ar nós imeachta riaracháin lena n-áirítear saindeighilt ar dhualgais agus ar chóras tarmligin agus freagrachta. Tá mar chuid de go háirithe:

- córas buiséadaithe cuimsitheach lena mbaineann buiséad bliantúil a ndéanann an Príomhfheidhmeannach a athbhreithniú agus a aontú leis an Aire Airgeadais;
- athbhreithnithe rialta ar thuairiscí airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla lena léirítear an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid lena raibh á thuar;
- spriocanna a shocrú d'fhonn feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a mheas;
- treoirlínte soiléire maidir le rialú ar infeistíocht chaipitil;
- gnásanna foirmeálta maidir le bainistíocht tionscadail.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta a oibríonn de réir Chreatchód an tSárchleachtais a leagtar amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Chomhlachtaí Stáit. Déantar obair an iniúchta inmheánaigh i bhfianaise anailíse ar an riosca a bhfuil an Ghníomhaireacht ina bhaol agus bunaítear pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla ar an anailís sin. Déanann an Príomhfheidhmeannach agus na Stiúrthóirí an anailís ar riosca agus na pleananna iniúchta inmheánaigh a fhormhuiniú agus Coiste Iniúchta GBCN iad a aontú. Ar a laghad uair sa bhliain cuireann an tIniúchóir Inmheánach tuairisc ar fáil don lucht bainistíochta i nGníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus do Choiste Iniúchta GBCN ar obair an iniúchta inmheánaigh. Bíonn tuairim an Iniúchóra Inmheánaigh ar leordóthaineacht agus éifeachtúlacht an chórais um rialú airgeadais inmheánach mar chuid den tuairisc.

Is faoi anáil obair an iniúchóra inmheánaigh, na mbainisteoirí feidhmiúcháin taobh istigh den Ghníomhaireacht ar a bhfuil freagracht maidir le creat rialaithe airgeadais a thabhairt chun cinn agus a choinneáil ar bun, agus faoi anáil thuairimí a nochtann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuarascálacha eile a dhéanann Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialú airgeadais inmheánach.

## Athbhreithniú Bliantúil ar an Rialúchán

Dearbhaímse, i mo Phríomhfheidhmeannach dom, go ndearna Coiste Iniúchta GBCN athbhreithniú i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2006 ar éifeachtacht an chóras rialú airgeadais inmheánach.

**Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

26 Meitheamh 2007

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Éilimh Stáit don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2005 iniúchta agam faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 arna leasú ag an Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2000.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta de na Beartais Chuntasaíochta, Cuntas Ráiteas na nÉileamh, an Clár Comhardaithe, agus na nótaí gaolmhara.

## Freagrachtaí na Gníomhaireachta Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 arna leasú ag an Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2000, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an Ghníomhaireacht na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta na Gníomhaireachta leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí na Gníomhaireachta.

Is é m'fhreagrachtsa ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

## An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrudú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí na Gníomhaireachta Éilimh Stáit, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

## Tuairim

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí na Gníomhaireachta Éilimh Stáit ag 31 Nollaig 2006agus ar a idirbhearta don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an nGníomhaireacht. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

**John Purcell**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

28 Meitheamh 2007

# Polasaithe Cuntasaíochta

## Buneolas

Bunaíodh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 chun feidhm na n-iasachtaí agus na Bainistíochta ar an bhFiachas Náisiúnta a chomhlíonadh ar son an Aire Airgeadais chomh maith le haon fheidhmeanna eile a dhéanfadh an Rialtas a tharmligean di.

Is maidir le Fiachas Náisiúnta na hÉireann na ráitis airgeadais a leagtar amach ar leathanaigh 48 go dtí 58. Cheadaigh an tAire Airgeadais formáid na ráiteas sin faoi Alt 12 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990.

## Bonn Cuntasaíochta

Is é an costas stairiúil an bonn tomhais a chuirtear i bhfeidhm ach amháin sa chás go luaitear a mhalairt. Áirítear idirbhearta trí úsáid a bhaint as bonn cuntasaíochta an airgid.

Is ráiteas é an Ráiteas faoin bhFiachas Náisiúnta ar iomlán na suimeanna príomhshuime atá ar iasacht ag Éirinn agus nach raibh aisíoctha ag deireadh na bliana, lúide na sócmhainní leachtacha a bhí ar fáil ar an dáta céanna le haghaidh na dliteanais sin a fhuascailt. Bíonn iasachtaí a fhaigheann gníomhaireachtaí Stáit agus gníomhaireachtaí eile faoi ráthaíocht an Aire Airgeadais chomh maith de réir reachtanna éagsúla. Ní thugtar ráthaíocht den chineál sin san áireamh sna ráitis airgeadais seo.

## Tréimhse an Tuairisceáin

Is í an bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006 tréimhse an tuairisceáin.

## Airgeadra Tuairisceáin

Is é an EURO an t-airgeadra tuairisceáin agus is í an tsiombail € is sainchomhartha dó.

## Fáltais agus Íocaíochtaí

Déantar taifeadadh ar fháltais agus ar íocaíochtaí maidir leis an bhFiachas Náisiúnta tríd an gCuntas Státchiste, Cuntais Imréitigh Airgeadra Eachtraigh agus an Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla (CFSC) an tráth a bhfaightear an t-airgead nó a ndéantar an íocaíocht.

## Luacháil Dliteanas

Luaitear iarmhéideanna fiachais ar an luach cothrom infhuascailte.

## Díorthaigh

Socraítear conarthaí babhtála agus ionstraimí airgeadais chun críche fálaithe mar chuid de phróiseas na bainistíochta ar an bhFiachas Náisiúnta. Áirítear torthaí na mbeart fálaithe seo atá ceangailte le hidirbhearta iasachta sonracha de réir na n-idirbheart is bun leo. Áirítear an glansreabhadh ciste a eascraíonn as bearta fálaithe nach bhfuil ceangailte le hidirbhearta iasachta sonracha leis na costais maidir le fónamh don fhiachas an tráth a bhfaightear an ciste nó a ndéantar an íocaíocht. Sa chás go gcuirtear deireadh le babhtáil agus go ndéantar athrú go dtí ionstraimí babhtála eile, is de réir théarmaí na hionstraime leasaithe a théann an sreabhadh ciste i bhfeidhm ar an bhfónamh don fhiachas.

## Airgeadraí Eachtracha

Aistrítear fáltais agus íocaíochtaí in airgeadraí eachtracha go Euro ar na rátaí malairte a bhíonn i bhfeidhm ar dháta an idirbhirt. Aistrítear dliteanais agus sócmhainní in airgeadraí eachtracha go Euro ar na rátaí malairte a bhíonn i bhfeidhm ar na dátaí cinn bhliana.

# Ráiteas faoin bhFónamh don Fhiachas

An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2006

| | Nótai | 2006 Costas Iomlán €'000 | 2005 Costas Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|
| Ús a íocadh | | | |
| Fiachas Meán- / Fadtéarmach* | 2 | 1,351,331 | 1,392,874 |
| Fiachas Gearrthéarmach** | 3 | 118,006 | 98,134 |
| Scéimeanna Coigiltis Náisiúnta | 4, 9 | 480,346 | 279,902 |
| Athruithe Eile | 5 | 21,062 | 23,159 |
| Íocaíochta leis an gCiste Fiachmhúchta | 6 | 470,286 | 477,615 |
| Táillí agus Costais | 7 | 19,289 | 17,700 |
| Costais GBCN | | 29,828 | 21,959 |
| Ús a fuarthas ar thaiscí leis an mBanc Ceannais agus le bainc eile | | (111,184) | (73,138) |
| **Costas Iomlán an Fhónaimh €** | **1** | **2,378,964** | **2,238,205** |

** Fiachas Meán- / Fadtéarmach an Fhiachais a mba faide ná bliain amháin an aibíocht ar dtús*
*** Fiachas Gearrthéarmach an Fhiachais a mba giorra ná bliain amháin an aibíocht ar dtús*

**Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

26 Meitheamh 2007

Is cuid shlán de na ráitis airgeadais seo na nótaí ar leathanaigh 44 go dtí 48.

# Ráiteas faoin bhFiachas Náisiúnta

31 Nollaig 2006

| | Nótaí | 2006 | 2006 € milliún | 2005 | 2005 € milliún |
|---|---|---|---|---|---|
| **Fiachas Meán- / Fadtéarmach *** | | | | | |
| Bannaí Rialtais na hÉireann arna liostú ar Stocmhalartan na hÉireann | | | 31,189 | | 31,311 |
| Eisiúintí Bhannaí Poiblí eile de chuid | | | 38 | | 37 |
| Rialtas na hÉireann Láithrithe Príobháideacha | | | – | | – |
| Iasachtaí ón mBanc Eorpach | | | 120 | | 118 |
| Infheistíochta Nótaí Méantéarmacha | | | 443 | | 496 |
| Fiachas Ilghnéitheach | | | 26 | | (26) |
| | 8 | | 31,816 | | 31,936 |
| **Fiachas Gearrthéarmach **** | | | | | |
| Páipéar Tráchtála | | 118 | | 115 | |
| Iasachtaí ó Chistí faoi rialú an Aire Airgeadais | 15 | 2,661 | | 3,573 | |
| | | | 2,779 | | 3,688 |
| **Scéimeanna Coigiltis Náisiúntaa** | | | | | |
| Cairteacha Coigiltis | | 2,215 | | 2,208 | |
| Bannaí Coigiltis | | 1,709 | | 1,585 | |
| Coigiltis Tráthchoda Náisiúnta | | 394 | | 385 | |
| Stampaí Coigiltis | | 2 | | 2 | |
| Duaisbhannaí | | 590 | | 561 | |
| | 9 | | 4,910 | | 4,741 |
| **Ollfhiachas** | | | 39,505 | | 40,365 |
| Lúide Sócmhainní Leachtacha | 10 | | (3,588) | | (2,183) |
| **Fiachas Náisiúnta** | **12** | | **35,917** | | **38,182** |

** Fiachas Meán- / Fadtéarmach an Fhiachais a mba faide ná bliain amháin an aibíocht ar dtús*

*** Fiachas Gearrthéarmach an Fhiachais a mba giorra ná bliain amháin an aibíocht ar dtús*



**Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach**

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

26 Meitheamh 2007

Is cuid shlán de na ráitis airgeadais seo na nótaí ar leathanaigh 44 go dtí 48.

# Ráiteas Faoi Shreabhadh Airgeadais An Fhiachais Náisiúnta

An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2006

| | 2006 €'000 | 2005 €'000 |
|---|---|---|
| **Athruithe in Iarmhéideanna an Státchiste:** | | |
| Iarmhéid tosaigh sa Chuntas Státchiste (nóta 10) | 2,183,127 | 2,062,298 |
| Taiscí Tráchtála | – | – |
| Beartaíocht Iasachta (féach thíos) | (860,176) | 620,183 |
| | 1,322,951 | 2,682,481 |
| Farasbarr/(Easnamh) sa Státchiste | 2,264,291 | (499,354) |
| Iarmhéid deiridh sa Chuntas Státchiste (nóta 10) | **3,587,242** | **2,183,127** |

| | Fáltais €'000 | Íocaíochtaí €'000 | 2006 Glan €'000 | 2005 Glan €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Beartaíocht Iasachta** | | | | |
| Bannaí Rialtais na hÉireann arna liostú ar Stocmhalartán na hÉireann | 25,326,031 | (25,448,099) | (122,068) | 213,018 |
| Láithrithe Príobháideacha | – | – | – | (35,835) |
| Iasachtaí ón mBanc Eorpach Infheistíochta | – | – | – | ( 4,260) |
| Nótaí Meántéarmacha | – | – | – | (307,062) |
| Fiachas Ilghnéitheach | – | (713) | (713) | 383,272 |
| Páipéar Tráchtála | 120,836,608 | (120,830,381) | 6,227 | ( 204,884) |
| Cairteacha Coigiltis | 462,011 | (455,148) | 6,863 | 11,486 |
| Bannaí Coigiltis | 671,847 | (547,746) | 124,101 | 156,534 |
| Coigiltis Tráthchoda Náisiúnta | 96,161 | (87,164) | 8,997 | (85) |
| Duaisbhannaí | 134,592 | (106,660) | 27,932 | 55,048 |
| Iasachtaí ó Chistí Aire | 67,244,701 | (68,156,216) | (911,515) | 352,951 |
| Beartaíocht Iasachta Iomlán | 214,771,951 | (215,632,127) | (860,176) | 620,183 |
| Beartaíocht Taisce Tráchtála | 19,875,200 | (19,875,200) | – | – |
| **Beartaíocht Iomlán** | **234,647,151** | **(235,507,327)** | **(860,176)** | **620,183** |

| | Fáltais €'000 | Íocaíochtaí €'000 | 2006 Glan €'000 | 2005 Glan €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Cuntas Státchiste | 233,061,156 | (233,924,342) | (863,186) | 877,978 |
| Cuntas Imréitigh Airgeadra Eachtraigh (Nóta 14) | 1,585,995 | (1,582,985) | 3,010 | (257,795) |
| | **234,647,151** | **(235,507,327)** | **(860,176)** | **620,183** |

**Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

26 Meitheamh 2007

Is cuid shlán de na ráitis airgeadais seo na nótaí ar leathanaigh 44 go dtí 48.

# Ráiteas Faoi Athrú San Fhiachas Náisiúnta

An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2006

| | 2006<br>€'000 | 2005<br>€'000 |
|---|---|---|
| Fiachas Náisiúnta Tosaigh | 38,182,333 | 37,846,169 |
| Ardú / (Ísliú) san Fhiachas Náisiúnta (ainmniúil) | (2,264,766) | 336,164 |
| **Léirithe ag:** | | |
| (Farasbarr)/Easnamh sa Státchiste | (2,264,291) | 499,354 |
| Éifeacht Athruithe i Rátaí Malairte Eachtraí | 260 | (1,729) |
| Tráinsiú Bannaí: laghdú glan (farasbarr) sna fáltais i gcomparáid le dliteanas ainmniúil | (40) | (176,049) |
| Cealuithe Bannaí: laghdú glan (farasbarr) sa chostas cealaithe i gcomparáid le dliteanas ainmniúil | (76) | 13,918 |
| Athrú in Iarmhéid reatha an CFSC (nóta 10) | (619) | 670 |
| Athruithe ainmniúla eile | – | – |
| | (2,264,766) | 336,164 |
| **Fiachas Náisiúnta Deiridh** | **35,917,567** | **38,182,333** |



**Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

26 Meitheamh 2007

Is cuid shlán de na ráitis airgeadais seo na nótaí ar leathanaigh 44 go dtí 48.

# Fiachas Náisiúnta na hÉireann

An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2006

## 1. Cost Iomlán an Fhónaimh

| | Nótai | Curtha de Mhuirear ar Chuntais Imréitigh Airgeadra Eachtraigh €'000 | Curtha de Mhuirear ar an Lárchuntas €'000 | Curtha de Mhuirear ar CRSA €'000 | Costas Iomlán don Fhónamh 2006 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Ús a íocadh | | | | | |
| Fiachas Meán- / Fadtéarmach | 2 | 12,522 | 220,040 | 1,118,769 | 1,351,331 |
| Fiachas Gearrthéarmach | 3 | 6,296 | 97,308 | 14,402 | 118,006 |
| Scéimeanna Coigiltis Náisiúnta | 4 | – | 165,086 | 315,260 | 480,346 |
| Athruithe Eile | 5 | (16,874) | 7,501 | 30,435 | 21,062 |
| Íocaíochtaí leis an gCiste Fiachmhúchta | 6 | | – | 470,286 | 470,286 |
| Táillí agus Costais | 7 | 269 | 19,020 | – | 19,289 |
| Costais GBCN | | 797 | 29,031 | – | 29,828 |
| Ús a fuarthas ar thaiscí leis an mBanc Ceannais agus Banic eile | | – | – | (111,184) | (111,184) |
| | | 3,010 | 537,986 | 1,837,968 | 2,378,96 |
| Athruithe idir Cuntais | | – | 1,838,587 | (1,838,587) | – |
| **Airgead Glan a Íocadh** | | **3,010** | **2,376,573** | **(619)** | **2,378,964** |

## 2. Ús ar Fhiachas Meántéarmach/Gearrthéarmach

| | Costas Iomlán 2006 €'000 | Costas Iomlán 2005 €'000 |
|---|---|---|
| Bannaí Rialtais na hÉireann arna liostú ar Stocmhalartán na hÉireann | 1,327,317 | 1,360,773 |
| Eisiúintí Bhannaí Poiblí eile de chuid Rialtas na hÉireann | 4,695 | 4,677 |
| Láithrithe Príobháideacha | – | 1,709 |
| Iasachtaí ón mBanc Eorpach Infheistíochta | 8,916 | 9,143 |
| Nótaí Meántéarmacha | 17,905 | 23,655 |
| Fiachas Ilghnéitheach | (7,502) | (7,083) |
| | **1,351,331** | **1,392,874** |

## 3. Ús ar Fhiachas Gearrthéarmach

| | Costas Iomlán 2006 €'000 | Costas Iomlán 2005 €'000 |
|---|---|---|
| Páipéar Tráchtála | 49,832 | 38,848 |
| Iasachtaí ó Chistí faoi rialú an Aire Airgeadais | 68,174 | 59,286 |
| | **118,006** | **98,134** |

## 4. Ús ar Scéimeanna Coigiltis Náisiúnta

| | Costas Iomlán 2006 €'000 | Costas Iomlán 2005 €'000 |
|---|---|---|
| Cairteacha Coigiltis | 603,178 | 341,133 |
| Bannaí Coigiltis | 76,766 | 42,073 |
| Coigiltis Tráthchoda Náisiúnta | 29,358 | 29,030 |
| Duaiseanna maidir le Duaisbhannaí | 13,862 | 12,673 |
| Cúlchiste Miontaiscí (nóta 9) | (242,818) | (145,007) |
| | **480,346** | **279,902** |

Tá aistriúchán go dtí Ciste na gCuntas Díomhaoin maidir le hús caipitlithe carntha ar chuntais áirithe a mheasann An Post gur cuntais díomhaoine iad faoi réir Acht na gCuntas Díomhaoin 2001 san áireamh leis na hÍocaíochtaí maidir le hÚs ar Scéimeanna Coigiltis Náisiúnta in 2006. Seo a leanas na glansuimeanna úis a aistríodh in 2006:

| | €'000 |
|---|---|
| Cairteacha Coigiltis | 13,952 |
| Bannaí Coigiltis | (165) |
| Coigiltis Tráthchoda Náisiúnta | (650) |
| | **13,137** |

Tá bailiúchán úis de €98,000 maidir le 2006 nach ndearna An Post go dtí 2007 san áireamh sna haistrithe úis seo. Nil an méid seo san áireamh sna híocaíochtaí maidir le hús ar Scéimeanna Coigiltis Náisiúnta in 2006 mar go n-ullmhaítear na cuntais ar bhonn airgid.

## 5. Athruithe Eile

Déanann GBCN, mar chuid den sainordú, réimse bearta riar fiachais agus díorthaigh san áireamh. (Féach nóta 11) Is léiriú an figiúr seo ar an nglansreabhadh airgid a bhaineann leis an mbeartaíocht sin.

## 6. Íocaíochta leis an gCiste Fiachmhúchta

Faoin Acht Airgeadais 1950 rinneadh soláthar maidir le suimeanna sonraithe d'fhuascailt fiachais. Seo a leanas na suimeanna a soláthraíodh agus a cuireadh i bhfeidhm in 2006:

| | 2006 €'000 |
|---|---|
| An Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla (Nóta 13) | 470,286 |
| | **470,286** |

## 7. Táillí agus Costais

| | Costas Iomlán 2006 €'000 | Costas Iomlán 2005 €'000 |
|---|---|---|
| Costais Bhannaí Rialtais na hÉireann | – | – |
| Costais Chairteacha Coigiltis | 4,187 | 3,749 |
| Costais Dhuaisbhannaí | 7,356 | 6,992 |
| Costais Bhannaí Coigiltis | 3,219 | 2,534 |
| Costais Coigiltis Tráthchoda Náisiúnta | 2,582 | 2,326 |
| Costais Stampaí Coigiltis | 1,042 | 1,042 |
| Costais Iasachtaí | 903 | 1,057 |
| | **19,289** | **17,700** |

# Fiachas Náisiúnta na hÉireann *(ar lean)*

## 8. Fiachas Meán- / Fadtéarmach

Seo a leanas próifíl aibíochta an Fhiachais Mheán- / Fhadtéarmaigh agus na bearta riar Státchiste a rinne an Ghníomhaireacht á dtabhairt san áireamh: -

| | Ar an 31 31 Nollaig 2006 € milliún | Ar an 31 Nollaig 2005 € milliún |
|---|---|---|
| Fiachas dlite lena aisíoc taobh istigh de bhliain amháin | 6,042 | 123 |
| Fiachas dlite lena aisíoc faoi cheann idir 2 bhliain agus 5 bliana | 6,604 | 12,701 |
| Fiachas dlite lena aisíoc tar éis níos mó ná 5 bliana | 19,170 | 19,112 |
| | **31,816** | **31,936** |

## 9. Scéimeanna Coigiltis Náisiúnta

Tá na suimeanna a luaitear maidir le Cairteacha Choigiltis, Coigiltis Tráthchoda Náisiúnta, Bannaí Coigiltis agus Duaisbhannaí glan ar €5.0 milliúin (2005: €7.4 milliúin) na hiarmhéideanna airgid ina seilbh ag An Post, Permanent TSB Bank agus an Prize Bond Company. Feidhmíonn An Post agus an Prize Bond Company ina gcláraitheoirí do na scéimeanna éagsúla.

Ó tharla go n-ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn airgid ní áirítear leis na dliteanais an tsuim de €1,038 milliún (2005: € 1,549 milliún), arb é an meastachán é ar shuim an úis fhabhraithe ar an 31 Nollaig 2006 maidir le Bannaí Coigiltis, Cairteacha Coigiltis agus Coigiltis Tráthchoda Náisiúnta.

Foráladh le halt 160 den Acht Airgeadais 1994 do chiste a bhunú ar a dtugtar an Cúlchiste Miontaiscí. Foráladh d'íoc €76 milliún isteach sa chiste i 1994 agus do na suimeanna sin, dá mba ann dóibh, gach bliain ina dhiaidh sin de réir mar a shocródh an tAire Airgeadais. Sa chás in aon bhliain fhéilire ar bith go sáraíonn íocaíocht úis ar shóinseáil miontaiscí 11 faoin gcéad den ús fabhraithe ar choigilteas den chineál sin ag deireadh na bliana féilire díreach roimhe sin, is féidir acmhainní an chiste a chur i leith shásamh oiread de na híocaíochtaí úis sin agus a sháraíonn, mar chéatadán den ús fabhraithe iomlán sin thuas, 11 faoin gcéad. B'ionann an costas úis iarmhír don bhliain 2006 agus 31.02 den ús fabhraithe ar an 31 Nollaig 2005 de €1,549m. Shocraigh an tAire go n-aistarraingeofaí suim ghlan de €243m ón gciste in 2006.

| | | € milliún |
|---|---|---|
| Ús fabhraithe measta ar an 31 Nollaig 2006 | | 1,038 |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2006 | (825) | |
| Suim a cuireadh i bhfeidhm i rith 2006 | 243 | |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2006 (Nóta 15) | | (582) |
| Ús fabhraithe measta nár soláthraíodh dó ar an 31 Nollaig 2006 | | 456 |

Aistrítear fuílleach an Chiste chuig an Státchiste mar chuid de na hiasachtaí ó chistí faoi rialú an Aire Airgeadais.

## 10. Sócmhainní Leachtacha

| | Iarmhéid tosaigh amhail 1 Eanáir 2006 €'000 | Gluaiseachtaí le linn 2006 €'000 | Iarmhéid Deiridh amhail 31 Nollaig 2006 €'000 |
|---|---|---|---|
| Cuntas Státchiste | 2,183,127 | 1,404,115 | 3,587,242 |
| An Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla | | | |
| Iarmhéid Reatha (nóta 13) | 215 | 619 | 834 |
| | **2,183,342** | **1,404,734** | **3,588,076** |

## 11. Díorthaigh

Fágann freagracht na Gníomhaireachta as fiachas nua a eisiúint agus as fiachas atá ag teacht chun aibíochta a aisíoc, chomh maith leis an mbainistíocht ar phróifíl rátaí úis agus airgeadraí na punainne fiachais ar fad, gur gné lárnach, bhuntábhachtach d'obair na Gníomhaireachta an bhainistíocht ar riosca. Riosca leachtachta, riosca margaidh, riosca creidmheasa contrapháirtithe agus riosca oibriúcháin na bpríomhchatagóirí riosca a eascraíonn as beartaíocht na Gníomhaireachta. Tá polasaithe agus nósanna imeachta cuimsitheacha i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht maidir le gach ceann de na réimsí sin chun an riosca atá i gceist a thomhas agus a rialú.

Riachtanas mór de chuid na Gníomhaireachta é cinntiú gur féidir na riachtanais mhaoinithe amach anseo a shásamh go réidh tráth ar bith. Is é cosaint na leachtachta an cúram is criticiúla a leagtar ar an nGníomhaireacht. D'fhéadfadh rioscaí do leachtacht an Fhiachais Náisiúnta eascairt ó chúrsaí na hÉireann nó, i bhfianaise chomh ceangailte agus atá na margaí, ó chúrsaí taobh amuigh d'Éirinn. Is trí rialú a dhéanamh ar oiread na ndliteanas a thiocfadh chun aibíochta i rith aon tréimhse ama amháin go príomha a dhéanann an Ghníomhaireacht bainistíocht mar gheall ar an riosca sin. Treisítear leis sin trí bheart na Gníomhaireachta ag leanacht de bhonn infheisteoirí idirnáisiúnta lán eolach, éagsúlaithe a thabhairt chun cinn, trína ionad i ngach mórmhargadh caipitil a chothú agus trí chur le raon na n-ionstraimí fiachais a eisítear.

Riosca maidir le hardú ar na costais maidir le fónamh don fhiachas agus ar mhargadhluach iomlán an fhiachais de bharr athruithe ar na rátaí úis nó malairte eachtraí atá sa riosca margaidh. Ní foláir don Ghníomhaireacht aird a bheith ar chuspóirí meántéarmacha agus gearrthéarmacha araon i bhfianaise an chúraim a leagtar uirthi rialú a dhéanamh ní hamháin ar chostas fioscach an fhónaimh don fhiachas go garthéarmach ach ar luach láithreach gach íocaíochta príomhshuime agus úis amach anseo chomh maith. Tagann iasachtaí ráta úis seasta faoi réir riosca luacháil an mhargaidh sa chás go dtarlaíonn ísliú ar rátaí úis. Cé gur lú de riosca luacháil an mhargaidh a théann le hiasachtaí ar ráta comhlúthach ná le fiachas ráta seasta, is mó an riosca a bhaineann leo maidir le costas fioscach garthéarmach an fhónaimh don fhiachas. Ní mór bainistíocht a dhéanamh ar an meá idir dliteanais ráta seasta agus dliteanais ráta chomhlúthaigh i gcás na bpunann san airgeadra baile agus in airgeadraí eachtracha araon. Rialaítear in aghaidh an bhaoil ó riosca ráta úis agus riosca airgeadraí trí theorainn a chur le dlús airgeadra agus ráta úis sa phunann. Bíonn teorainneacha cainníochta ar leith socraithe chun rialú a dhéanamh ar riosca margaidh; tugtar tuairisc go rialta do na bainisteoirí punainne agus don lucht bainistíochta sinsearach araon mar gheall ar an mbaol i gcomórtas leis na teorainneacha sin. Féachann an Ghníomhaireacht leis an gcothrom is fearr a bhaint amach idir costas agus riosca le himeacht aimsire. De réir mar a thagann athrú ar chúrsaí sna margaí airgeadais, déantar athmheasúnú maidir leis an bpróifíl rátaí úis agus airgeadraí a d'oirfeadh don phunann.

Tarlaíonn baol ó riosca creidmheasa contrapháirtí mar gheall ar dhíorthaigh, taiscí agus idirbhearta malairte eachtraí. Laghdaítear oiread agus is féidir ar leibhéal an riosca creidmheasa trí gan déileáil ach amháin le contrapháirtithe sárchreidiúnacha maidir le creidmheas. Foráiltear de réir gnáthamh d'uasteorainneacha riosca a cheadú i leith gach contrapháirtí agus tugtar tuairisc gach lá don lucht bainistíochta mar gheall ar an riosca a bhfuiltear ina bhaol. Déantar athbhreithniú go tráthrialta ar gach uasteorainn d'fhonn aon athrú ar chreidiúnas na gcontrapháirtithe nó ar chúrsaí eacnamaíochta agus polaitiúla a thabhairt san áireamh.

Tá srianta cuimsitheacha curtha ar bun chun cinntiú go ndéantar bainistíocht stuama in aghaidh riosca oibriúcháin. Áirítear orthu sin deighilt idir na dualgais maidir le déileáil, próiseáil, íocaíochtaí agus tuairisciú.

Úsáideann an Ghníomhaireacht teaglaim díorthach lena n-áirítear babhtáil ráta úis, babhtáil airgeadraí agus conarthaí malairte eachtraí mar chuid den straitéis bainistíochta riosca. Léirítear sa tábla a leanas luach ainmniúil na n-ionstraimí a úsáidtear chomh maith lena luach reatha láithreach.

| | 31 Nollaig 2006 | | 31 Nollaig 2005 | |
|---|---|---|---|---|
| | Luach Ainmniúil € milliún | Luach Láithreach € milliún | Luach Ainmniúil € milliún | Luach Láithreach € milliún |
| Babhtáil Ráta Úis | 1,104 | (12) | 1,103 | (28) |
| Babhtáil Airgeadraí & Conarthaí | | | | |
| Airgeadra Eachtraigh | 672 | (15) | 711 | 44 |
| | 1,776 | (27) | 1,814 | 16 |

Is trí ráta iomchuí úis a úsáid chun lascainiú go dtí an luach láithreach a dhéanamh ar gach sreabhadh airgid dá chuid amach anseo a shocraítear Luach Láithreach ionstraime.

# Fiachas Náisiúnta na hÉireann *(ar lean)*

## 12. Fiachas Náisiúnta

Seo a leanas comhdhéanamh airgeadraí an Fhiachais Náisiúnta, ag cur san áireamh idirbhearta bainistíochta na gníomhaireachta a iontrálann an Ghníomhaireacht:

| | Ar an 31 Nollaig 2006 € milliúns | Ar an 31 Nollaig 2005 € milliúns |
|---|---|---|
| Euro* | 35,917 | 38,182 |
| Dollar SAM | – | – |
| | **35,917** | **38,182** |

* Seo figiúr glan ar Shócmhainní Leachtacha mar a bhí ar an 31 Nollaig 2006 € 3,588m (31 Nollaig 2005: €2,183m)

## 13. An Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla

Baintear úsáid as an gcuntas chun taifead a choimeád orthu seo a leanas;

(a) íocaíochtaí úis agus príomhshuime as blianacht bhliantúil a leagtar amach chun amúchadh a dhéanamh ar iasachtaí don chaipiteal vótáilte faoi alt 22 (7) den Acht Airgeadais, 1950.

(b) fáltais agus íocaíochtaí áirithe a eascraíonn ón bhfónamh don fhiachas agus idirbhearta riar fiachais arna n-údarú faoi alt 67(8) den Acht Airgeadais, 1988 agus alt 54(7) den Acht Airgeadais, 1970.

## 14. Cuntais Imréitigh Airgeadra Eachtraigh

| | | €'000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2006 | | NÁID |
| Suimeanna a fuarthas faoin Acht Airgeadais 1988 [A67 (8)] | 2,138,517 | |
| Suimeanna a íocadh faoin Acht Airgeadais 1970 [A54 (7)] | (2,121,643) | 16,874 |
| Fáltais Iasachtaí in Airgeadra Eachtrach | 1,585,995 | |
| Íocaíochtaí Iasachtaí in Airgeadra Eachtrach | (1,582,985) | 3,010 |
| Ús a íocadh ar Iasachtaí in Airgeadra Eachtrach (nóta 1) | | |
| - Fiachas Meán-/ Fadtéarmach | ( 12,522) | |
| - Fiachas Gearrthéarmach | (6,296) | (18,818) |
| Costais Iasachtaí in Airgeadra Eachtrach (nóta 1) | | (269) |
| Costais GBCN | | (797) |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2006 | | NÁID |

## 15. Iasachtaí ó Chistí faoi rialú an Aire Airgeadais

Iasachtaí gearrthéarmacha de chuid an Státchiste na cistí seo arna dtarraingt anuas mar mhaoiniú "mhodhanna agus mheán" ar riachtanais an Státchiste as roinnt cistí atá faoi rialú an Aire Airgeadais.

| | Ar an 31 Nollaig 2006 € milliún | Ar an 31 Nollaig 2005 € milliún |
|---|---|---|
| An Ciste um Banc Taisce an Phoist | 1,160 | 1,335 |
| An Cúlchiste Miontaiscí | 582 | 825 |
| Ulysses Securitisation plc | 127 | 339 |
| Cuntas Infheistíochta an Airgid Taisce | 792 | 1,074 |
| | **2,661** | **3,573** |



# Ráitis Airgeadais Ghníomhaireacht Bainisíochta An Chisteáin Náisiúnta Cuntas Riaracháin

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006


| | |
|---|---|
| Polasaithe Cuntasaíochta | **50** |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | **51** |
| Ráiteas faoi na Gnóthacháin agus Caillteanais Aitheanta Iomlána | **51** |
| Clár Comhardaithe | **52** |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | **53-57** |

# Polasaithe Cuntasaíochta

## Buneolas

Bunaíodh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 chun feidhm na n-iasachtaí agus na Bainistíochta ar an bhFiachas Náisiúnta a chomhlíonadh ar son an Aire Airgeadais chomh maith le haon fheidhmeanna eile a dhéanfadh an Rialtas a tharmligean di.

Leagtar amach eolas maidir le Fiachas Náisiúnta na hÉireann ar leathanaigh 4 go dtí 19. Leagtar amach eolas mar gheall ar an nGníomhaireacht féin ar leathanaigh 23 go dtí 30.

Faoi Alt 11 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 "déanfar na caiteachais a thabhóidh an Ghníomhaireacht ag comhlíonadh a feidhmeanna a mhuirearú ar an bPríomh-Chiste nó ar a thoradh fáis agus a íoc amach as sin".

## Airgeadra Tuairisceáin

Is é an EURO an t-airgeadra tuairisceáin agus is í an tsiombail € is sainchomhartha dó.

## Bonn Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhraithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Cheadaigh an tAire Airgeadais formáid na ráiteas sin faoi Alt 12 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990.

## Sócmhainní Seasta agus Dímheas

Luaitear sócmhainní seasta ar a gcostas lúide an dímheas fabhraithe. Déantar dímheas ar shócmhainní seasta ina dtráthghálaí bliantúla i rith a ré fónaimh measta.

## Léasáil

Gearrtar cíos faoin léas oibriúcháin de mhuirear ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais ar bhonn fabhraithe.

## Pinsin

Tá scéim phinsin shochair shainithe i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht d'fhostaithe áirithe agus íoctar ranníocaíochtaí le Cuntais Choigilitis Scoir Phearsanta (CCSP) d'fhostaithe eile. Is as buiséad Riaracháin na Gníomhaireachta a mhaoinítear na ranníocaíochtaí.

Déantar cuntasaíocht maidir le costais phinsin na Scéime Sochair Shainithe faoi CTA 17. Áirítear sócmhainní na scéime pinsin ar a luach cóir. Ríomhtar dliteanais na scéime pinsin ar bhonn achtúireach le modh an aonaid fhortheilgthe. Léirítear farasbarr dliteanas seachas sócmhainní sa scéim ina dhliteanas sa Chlár Comhardaithe.

Is ionann an muirear pinsin Shochair Shainithe ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais agus an costas fónaimh reatha agus an costas fónaimh roimhe seo móide an difríocht idir an toradh measta ar shócmhainní na scéime agus an costas úis maidir le dliteanais na scéime. Áirítear suim is ionann agus an muirear pinsin mar ioncam in-aisghabhála ón bPríomh-Chiste i rith tréimhsí níos faide anonn.

Luaitear gnóthacháin agus caillteanais achtúireacha a eascraíonn ó athruithe ar bhoinn thuisceana achtúireacha agus ó fharasbairr agus easnaimh ó thaithí sa Ráiteas faoi Ghnóthacháin agus Caillteanais Aitheanta Iomlána na bliana ina dtarlaíonn siad agus áirítear coigeartú dá réir sa tsuim is in-aisghabhála ón bPríomh-Chiste.

Is ionann dliteanais phinsin Shochair Shainithe agus luach láithreach na n-íocaíochtaí pinsin ionchais atá saothraithe agus fabhraithe ag fostaithe faoi dháta na ráitis airgeadais. Is ionann maoiniú pinsin iarchurtha agus an tsócmhainn dá réir atá le haisghabháil i rith tréimhsí is faide anonn ón bPríomh-Chiste.

Áirítear costas ranníocaíochtaí na Gníomhaireachtaí le CCSP mar mhuirear ar an gCuntas Riaracháin i rith na bliana airgeadais lena mbaineann fónamh an fhostaí.

## Bogearraí

Gearrtar costais bhogearraí ríomhaireachta ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais i rith na tréimhse ina dtarlaíonn siad.

## Cuntas Caipitil

Léirítear sa chuntas caipitil fáltais ón bPríomh-Chiste a leithdháileadh chun sócmhainní seasta a cheannach. Déantar amúchadh ar na fáltais de réir na dímheasa ar na sócmhainní seasta atá i gceist.

# Cuntas Ioncaim Agus Caiteachais

An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2006

| | Nótai | 2006 € | 2005 € |
|---|---|---|---|
| Ioncam | | | |
| An Príomh-Chiste | 8 | 23,347,142 | 19,392,432 |
| Ioncam eile | 9 | 1,024,464 | 637,273 |
| Aistriú (go)/ó an cuntas caipitil | 5 | 70,845 | (59,782) |
| | | 24,442,451 | 19,969,923 |
| Caiteachas | 1 | (24,442,451) | (19,969,923) |
| Ioncam/(Caiteachas) glan | | NÁID | NÁID |

# Ráiteas Faoi Na Gnóthacháin Agus Caillteanais Aitheanta Iomlána

An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2006

| | 2006 € | 2005 € |
|---|---|---|
| Ioncam/(Caiteachas) glan | NÁID | NÁID |
| Toradh iarbhír lúide toradh measta ar shócmhainní na scéime | 1,895,000 | 1,887,000 |
| Gnóthacháin agus caillteanais ó thaithí | (221,000) | (1,054,000) |
| Athruithe sna meastacháin | 291,000 | (3,174,000) |
| Gnóthachán/(Caillteanas) Achtúireach a aithnítear le Dliteanais Pinsin | 1,965,000 | (2,341,000) |
| Gnóthachán/(Caillteanas) Achtúireach a aithnítear le Dliteanais Pinsin | (1,965,000) | 2,341,000 |
| Gnóthúchán/(Caillteanas) Iomlán don bhliain | NÁID | NÁID |



**Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

26 Meitheamh 2007

Is cuid shlán de na ráitis airgid seo na Nótaí ar leathanaigh 53 go dtí 57.

# Clár Comhardaithe

31 Nollaig 2006

| | Nótai | 2006<br>€ | 2005<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Sócmhainní Seasta | 2 | 1,578,676 | 1,649,521 |
| **Sócmhainní Airgeadais** | 11 | 25 | 25 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Airgead sa bhanc agus ar lámh | | 206,569 | 105,055 |
| Féichiúnaithe | 3 | 4,333,035 | 3,699,839 |
| **Iomlán Sócmhainní Reatha** | | 4,539,604 | 3,804,894 |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| Creidiúnaithe | 4 | 4,539,604 | 3,804,894 |
| **Sócmhainní Reatha Lúide Dliteanais Reatha** | | – | – |
| **Iomlán Sócmhainní Lúide Dliteanais Reatha roimh phinsin** | | **1,578,701** | **1,649,546** |
| Maoiniú Pinsin iarchurtha | 7(f) | 2,922,000 | 12,399,000 |
| Dliteanas Pinsin | 7 (c) | (2,922,000) | (12,399,000) |
| | | – | – |
| **Iomlán Sócmhainní Lúide Dliteanais Reatha** | | **1,578,701** | **1,649,546** |
| **Mar léiriú ar:** | | | |
| Cuntas caipitil | 5 | 1,578,701 | 1,649,546 |
| | | **1,578,701** | **1,649,546** |

**Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

26 Meitheamh 2007

Is cuid shlán de na ráitis airgid seo na Nótaí ar leathanaigh 53 go dtí 57.

# Fiachas Náisiúnta na hÉireann

An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2006

## 1. Caiteachas

| | An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006 € | An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2005 € |
|---|---|---|
| Tuarastail | 13,798,434 | 11,186,038 |
| Costas bliantúil Pinsean Sochair Shainithe (CTA 17, Nóta 7e) | 1,581,000 | 1,344,000 |
| Costais Phinsin CCSP (nóta 6) | 340,239 | 222,781 |
| Costais bhunaithe | 2,048,072 | 1,369,620 |
| Costais oibriúcháin | 5,925,512 | 5,137,826 |
| Dímheas | 749,194 | 709,658 |
| Iomlán costas | 24,442,451 | 19,969,923 |

## 2. Sócmhainní Seasta

| | Maoin Talún € | Troscán, Trealamh & Mótarfheithiclí € | Iomlán € |
|---|---|---|---|
| **Costas**: | | | |
| Iarmhéid tosaigh ar an 1 Eanáir 2006 | 1,337,243 | 4,102,028 | 5,439,271 |
| Breiseanna ar an gcostas | – | 722,824 | 722,824 |
| Diúscairt | – | (239,071) | (239,071) |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2006 | 1,337,243 | 4,585,781 | 5,923,024 |
| **Dímheas carnaithe:** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ar an 1 Eanáir 2006 | 917,105 | 2,872,645 | 3,789,750 |
| Dímheas i rith na tréimhse | 66,862 | 682,332 | 749,194 |
| Diúscairt | – | (194,596) | (194,596) |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2006 | 983,967 | 3,360,381 | 4,344,348 |
| Leabharluach glan ar an 31 Nollaig 2006 | 353,276 | 1,225,400 | 1,578,676 |
| Leabharluach glan ar an 31 Nollaig 2005 | 420,138 | 1,229,383 | 1,649,521 |

Mar seo a leanas ré fónaimh measta na sócmhainní seasta a dtagraítear dó agus dímheas á ríomh:

| | |
|---|---|
| Maoin talún | 20 bliain |
| Trealamh & Mótarfheithiclí | 2 go dtí 5 bliana |
| Troscán | 10 mbliana |

Tá an mhaoin ar léas faoi léas fadtéarmach, atá faoi réir ag athbhreithnithe cíosa. €1,720,976 in aghaidh na bliana an cíos bliantúil reatha.

# Fiachas Náisiúnta na hÉireann *(ar lean)*

## 3. Féichiúnaithe

| | 2006 € | 2005 € |
|---|---|---|
| An Príomh-Chiste | 1,915,625 | 833,214 |
| Réamhíocaíochtaí | 871,200 | 956,311 |
| Féichiúnaithe eile | 1,546,210 | 1,910,314 |
| | 4,333,035 | 3,699,839 |

I measc na bhféichiúnaithe eile tá íocaíochtaí a rinne GBCN thar ceann údaráis stáit eile agus tá siad in-aisghabhála ó na húdaráis sin.

## 4. Creidiúnaithe

| | 2006 € | 2005 € |
|---|---|---|
| Creidiúnaithe | 1,039,876 | 967,766 |
| Fabhruithe | 3,499,728 | 2,837,128 |
| | 4,539,604 | 3,804,894 |

## 5. Cuntas Caipitil

| | | | 2006 € | 2005 € |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh | | | 1,649,546 | 1,589,764 |
| Aistriú ó/(chuig) Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | | | | |
| Maoiniú Sócmhainní | | | | |
| - Sócmhainní Seasta | | 722,824 | | |
| Amúchadh ar mhaoiniú caipitil | | | | |
| - Amúchadh de réir dímheasa | (749,194) | | | |
| - Suim ghlan a scaoileadh ar dhiúscairt | (44,475) | (793,669) | (70,845) | 59,782 |
| Iarmhéid deiridh | | | 1,578,701 | 1,649,546 |

Tá sóchmhainní airgeadais de €25 san áireamh san iarmhéid chuntas caipitil. Féach nóta 11 le haghaidh níos mó eolais.

## 6. Aoisliúntas

Bronntar teidil aoisliúntais ar an bhfoireann faoi scéim aoisliúntais shochair shainithe a bunaíodh faoi Alt 8 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990. Is faoina chonradh fónaimh a chuirtear teidil an Phríomh-Fheidhmeannaigh ar fáil. Aistrítear ranníocaíochtaí, lena n-áirítear ranníocaíochtaí na mball foirne a roghnaigh socruithe maidir le sochair chleithiúnaigh a dhéanamh, chuig ciste faoi bhainistíocht sheachtrach. Socraítear ranníocaíocht na Gníomhaireachta trí chomhairle ó achtúire neamhspleách agus tá sé socraithe faoi láthair ag 25% den phárolla. B'ionann ranníocaíochtaí na Gníomhaireachta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006 agus €9,092,947 (2005: €4,170,970) chuig an scéim shochair shainithe. Áiríodh leis an tsuim €9,092,947 seo ranníocaíocht €7.5 milliún a cheadaigh an tAire Airgeadais.

Déantar foráil do dhliteanais a thagann chun cinn faoin scéim shochair shainithe faoi na socruithe thuas, ach amháin i gcás teidil a eascraíonn ó sheirbhís bhaill áirithe d'fhoireann GBCN a earcaíodh as réimsí eile den earnáil phoiblí. Ar an 7 Aibreán 1997 d'ainmnigh an tAire Airgeadais Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta mar eagraíocht cheadaithe chun críche Scéim na hEarnála Poiblí (Aistriú Seirbhíse). Foráltar de bharr an ainmniúcháin sin do, inter alia, ranníocaíochtaí a dhéanamh as an Státchiste, de réir agus nuair a bhíonn sochair dlite le híoc sa ghnáthbhealach, maidir le tréimhsí fónaimh roimhe seo ag iarstátseirbhísigh atá fostaithe ag an nGníomhaireacht. Níl aon soláthar déanta do mhaoiniú na híocaíochta ar theidil dá leithéid.

Rinne an Ghníomhaireacht ranníocaíochtaí €340,239 (2005: €222,781) freisin le Cuntais Choigiltis Scoir Phearsanta (CCSP) do roinnt fostaithe nach baill den scéim shochair shainithe iad in 2006

## 7. Sochair Scoir CTA17

**(a) Scéim Phinsin**

Bunaíodh an luacháil ar an scéim shochair shainithe chun críche nochtadh CTA17 ar shonraí a chuir Riarthóir na Scéime ar fáil. Tá sé leasaithe ag achtúire neamhspleách i bhfianaise choinníollacha CTA17 d'fhonn na dliteanais ar dháta an Chláir Chomhardaithe a mheas. Luaitear sócmhainní na scéime ar luach an mhargaidh ar dháta an Chláir Chomhardaithe.

Seo a leanas na boinn tuisceana airgeadais ar ríomhadh na dliteanais scoir faoi CTA 17 dá réir:

| | Ar 31/12/2006 | Ar 31/12/2005 |
|---|---|---|
| Ráta lascaine | 4.60% | 4.25% |
| Ráta boilscithe | 2.25% | 2.25% |
| Arduithe tuarastail | 4.25% | 4.25% |
| Arduithe pinsin | 2.25% / 4.25% | 2.25% / 4.25% |

**(b) Luach an Mhargaidh ar an Scéim Phinsin**

B'ionann luach an mhargaidh ar shócmhainní na scéime pinsin, an ráta measta maidir le toradh agus dliteanais na scéime agus:

| | An 31 Nollaig 2006 | | An 31 Nollaig 2005 | |
|---|---|---|---|---|
| | Toradh Measta | Luach an Mhargaidh €'000 | Toradh Measta | Luach an Mhargaidh €'000 |
| Gnáthscaireanna | 6.90% | 25,533 | 6.60% | 17,664 |
| Bannaí | 3.90% | 1,472 | 3.10% | 1,428 |
| Maoin Talún | 5.90% | 1,258 | 5.60% | 1,049 |
| Eile | 4.00% | 7,981 | 2.00% | 3,457 |
| Iomlán luach an mhargaidh ar na sócmhainní | | 36,244 | | 23,598 |
| Luach reatha dhliteannais na scéime pinsin | | (39,166) | | (35,997) |
| Farasbarr/(easnamh) sa scéim phinsin | | (2,922) | | (12,399) |
| Sócmhainn/(Dliteanas) pinsin glan) | | (2,922) | | (12,399) |

# Fiachas Náisiúnta na hÉireann *(ar lean)*

## 7. Sochair Scoir CTA17 (ar lean)

**(c) Athrú san Fharasbarr/(Easnamh) i rith na bliana.**

| | 2006 €'000 | 2005 €'000 |
|---|---|---|
| Barrachas/(Easnamh) ag tús na bliana | (12,399) | (12,888) |
| Costas fónaimh reatha | (1,376) | (1,020) |
| Ranníocaíochtaí | 9,093 | 4,171 |
| Costais airgeadais eile (Nóta 7(e)) | (205) | (324) |
| Gnóthachán/(caillteanas) achtúireach | 1,965 | (2,338) |
| Farasbarr/(Easnamh) ag deireadh na bliana | (2,922) | (12,399) |

**(d) Stair na nGnóthachan agus na gCaillteanas**

| | 2006 €'000 | 2005 €'000 |
|---|---|---|
| Difríocht idir an toradh iarbhír agus an toradh measta ar shócmhainní na scéime | 1,895 | 1,887 |
| Arna lua mar % de shócmhainní na scéime | 5.2% | 8.0% |
| Gnóthachán nó caillteanas ó thaithí ar dhliteanais na scéime | (221) | (1,054) |
| Arna lua mar % de shócmhainní na scéime | -0.6% | -2.9% |
| Iomlán na nGnóthachán agus na gCaillteanas Achtúireacha | 1,965 | (2,341) |
| Arna lua mar % de dhliteanais na scéime | 5.0% | -6.5% |

**(e) Anailís ar an Muirear Pinsin agus Ranníocaíochtaí leis an Scéim**

| | | |
|---|---|---|
| Costas Fónaimh Reatha | | 1,376,000 |
| Ús ar dhliteanais na Scéime | 1,596,000 | |
| Toradh measta ar shócmhainní na scéime | (1,391,000) | |
| Costais Airgeadais eile | | 205,000 |
| Ioncam agus Caiteachas Muirear na bliana (Nóta 1) | | 1,581,000 |
| Farasbarr na ranníocaíochtaí seachas an Muirear Pinsin | | 7,511,947 |
| Iomlán Ranníocaíochtaí an Fhostóra le Scéim Shochair Shainithe 2006 | | 9,092,947 |

**(f) Sócmhainn maoinithe iarchurtha do phinsin**

Áiríonn GBCN sócmhainn maidir leis an easnamh sa scéim shochair shainithe de réir roinnt imeachtaí san am a caitheadh. I measc na n-imeachtaí sin tá an bonn reachtúil le bunú na scéimeanna aoisliúntais agus an polasaí agus an cleachtas atá i réim faoi láthair maidir le maoiniú ar phinsin na seirbhíse poiblí. Níl aon fhianaise ag GBCN a thabharfadh le fios nach leanfaidh an polasaí maoinithe sin ag fónamh do shuimeanna dá shórt de réir an chleachtais reatha. B'ionann sócmhainn iarchurtha an tsochair shainithe do phinsin ar an 31 Nollaig 2006 agus €2.9m (2005: €12.4m)

## 8. Ioncam an Phríomh-Chiste

(a) Is figiúr fabhraithe é seo san áit ar airgead a tarraingíodh anuas as an bPríomh-Chiste é Costais GBCN a luaitear sa Ráiteas faoin bhFónamh ar an bhFiachas. Réitítear idir na figiúirí sin mar seo a leanas:

| | 2006<br>€ | 2005<br>€ |
|---|---|---|
| Ioncam an Phríomh-Chiste Ioncam de réir an Ráitis faoin bhFónamh ar an bhFiachas | 29,776,678 | 21,926,648 |
| Athrú i bhFéichiúnaithe an Phríomh-Chiste (nóta 3) | 1,082,411 | 292,784 |
| Farasbarr Ranníocaíochtaí leis an scéim Phinsin seachas an Muirear Pinsin - Nóta 7(e) | (7,511,947) | (2,827,000) |
| Ioncam ón bPríomh-Chiste de réir an Chuntas Ioncaim agus Caiteachais | 23,347,142 | 19,392,432 |

Ní áirítear táillí Boird na Gníomhaireachta Náisiúnta Forbartha Airgeadais de €51,333 in Ioncam an Phríomh-Chiste Ioncam de €29,776,678.

(b) Seo a leanas an tsuim iomlán a aithnítear a bheith inaisghabhála ón bPríomh-Chiste:

| | 2006<br>€ | 2005<br>€ |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe | 1,915,625 | 833,214 |
| Maoiniú Pinsin Iarchurtha | 2,922,000 | 12,399,000 |
| | 4,837,625 | 13,232,214 |

## 9. Ioncaim Eile

| | An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006<br>€ | An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2005<br>€ |
|---|---|---|
| Ioncaim faoi chumhdach sóchmhainne | 620,214 | 449,406 |
| Sainchomhairliúchán agus ioncaim eile | 404,250 | 187,867 |
| | 1,024,464 | 637,273 |

Is é atá i gceist le hIoncaim Urrúis faoi Chumhdach Sócmhainne GBCN ná ioncam a fhaigheann an ghníomhaireacht ina ról faoin Acht um Urrúis faoi Chumhdach Sócmhainne, 2001

## 10. Costais GBCN mar Bhainisteoir

€5.8 milliún (2005 €4.4 milliún) na costais a thabhaigh an GBCN mar Bhainisteoir ar an gCúlchiste Náisiúnta Pinsin. €3.1 milliún (2005: €2.8 milliún) na costais a thabhaigh an GBCN chun a cuid feidhmeanna a chomhlíonadh maidir leis an nGníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais. Tá na costais seo san áireamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

## 11. Sóchmhainní Airgeadais

Chuaigh an Ghníomhaireacht isteach i TARGET i 1999, córas socraíochta fíor-ama a riaraíonn IRIS Teo. Úsáidtear an córas chun bearta euro a shocrú tré Chóras Eorpach na mBanc Ceannais. Mar choinníoll ballraíochta, bhí sé de riachtanas ar an Ghníomhaireacht 20 gnáth-sciar IR£1 (€1.27) a cheannach ag pair.

# Ráitis Airgeadais an Chiste um Banc Taisce an Phoist

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006


| | |
|---|---|
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 60 |
| Polasaithe Cuntasaíochta | 61 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 62 |
| Clár Comhardaithe | 63 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 64-66 |




# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá ráitis airgeadais Chiste Bhainc Taisce an Phoist don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006 iniúchta agam faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta de na Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, agus na nótaí gaolmhara.

**Freagrachtaí Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi seach**

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an Ghníomhaireacht na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta na Gníomhaireachta leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí na Gníomhaireachta.

Is é m'fhreagrachtsa ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

**An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis**

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrudú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí an Chiste, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

**Tuairim**

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí Chiste Bhainc Taisce an Phoist ag 31 Nollaig 2006 agus ar a ioncam agus chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an gGníomhaireacht. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.



**John Purcell**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

28 Meitheamh 2007

# Polasaithe Cuntasaíochta

## Buneolas

Déanann an tAire Airgeadais ráthaíocht ar aisíocaíocht agus ar fhónamh don airgead a infheistíonn taisceoirí i mBanc Taisce an Phoist. Tarchuireann An Post glantoradh na hinfheistíochta sin chuig an nGníomhaireacht. Ní cuid den Státchiste é an Ciste um Banc Taisce an Phoist. Seo a leanas príomhchuspóirí an chiste: -

- infheistíocht a dhéanamh ar an airgead a chuireann taisceoirí ar fáil, agus
- gníomhú mar idirghabhálaí trínar féidir leis an nGníomhaireacht idirbhearta tráinseála, cealaithe, díolacháin agus athcheannacháin a dhéanamh chomh maith le trádáil ar mhargaí tánaisteacha, agus
- ciste a chur ar fáil faoi na Seirbhísí Lárnacha Cisteáin do chomhlachtaí stáit sonraithe.

Seo a leanas polasaithe cuntasaíochta insuntais de chuid an chiste:-

## Airgeadra Tuairisceáin

Is é an EURO an t-airgeadra tuairisceáin agus is í an tsiombail € is sainchomhartha dó.

## Bonn Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhraithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

## Infheistíochtaí

Luaitear infheistíochtaí ar a gcostas.

.

# Cuntas Ioncaim Agus Caiteachais

An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2006

| | Nótai | 2006 € | 2005 € |
|---|---|---|---|
| Ioncam Infheistíochta | 1 | 40,384,190 | 39,893,670 |
| | | | |
| Ús íoctha agus iníoctha | 2 | 15,459,699 | 13,308,555 |
| Costais eile | 3 | 25,000,000 | 27,823,439 |
| | | 40,459,699 | 41,131,994 |
| | | | |
| | | (75,509) | (1,238,324) |
| Iarmhéid ag tús na bliana | | 9,703,922 | 10,942,246 |
| Iarmhéid ag deireadh na bliana | | 9,628,413 | 9,703,922 |



**Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

26 Meitheamh 2007

Is cuid shlán de na ráitis airgid seo na Nótaí ar leathanaigh 64 go dtí 66.

# Clár Comhardaithe

31 Nollaig 2006

| | Nótai | 2006 € | 2005 € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | |
| Réamhíocaíochtaí | 4 | 1,161,931,688 | 1,337,243,352 |
| Infheistíochtaí i mBannaí | 5 | 73,659,785 | 86,200,499 |
| Féichiúnaithe | 7 | 4,406,483 | 3,285,273 |
| Iasachtaí Lárchiste | | 35,077,827 | 58,794,484 |
| Páipéar Tráchtála | 10 | 252,806,018 | 2,054,355 |
| Airgead Tirim | | 33,223,034 | 11,817,742 |
| | | 1,561,104,835 | 1,499,395,705 |
| **Dliteanais** | | | |
| Taiscí Bhanc Taisce an Phoist | 8 | 1,542,742,671 | 1,485,843,020 |
| Creidiúnaithe | 9 | 8,733,751 | 3,848,763 |
| Cúlchistí Fabhraithe | | 9,628,413 | 9,703,922 |
| | | 1,561,104,835 | 1,499,395,705 |



**Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

26 Meitheamh 2007

Is cuid shlán de na ráitis airgid seo na Nótaí ar leathanaigh 64 go dtí 66.

# Fiachas Náisiúnta na hÉireann

## 1. Ioncam Infheistíochta

| | 2006 € | 2005 € |
|---|---|---|
| Ús a fuarthas agus atá infhaighte | 43,441,032 | 38,170,278 |
| Brabús/(Caillteanas) ar infheistíochtaí a dhíol | (3,056,842) | 1,723,392 |
| | 40,384,190 | 39,893,670 |

## 2. Ús Íoctha agus Iníoctha

| | 2006 € | 2005 € |
|---|---|---|
| Ús a íocadh agus a cuireadh chun sochair taisceoirí Bhanc Taisce an Phoist | 15,459,699 | 13,308,555 |
| | 15,459,699 | 13,308,555 |

## 3. Costais Eile

| | 2006 € | 2005 € |
|---|---|---|
| Costais bhainistíochta | 25,000,000 | 27,823,439 |
| | 25,000,000 | 27,823,439 |

Íoctar costais bhainistíochta le An Post i ndáil le riarachán Bhanc Taisce an Phoist. Tá idirbheartaíocht ar siúl ag GBCN leis an bPost maidir le socrú nua faoi tháillí agus cinneadh an táille a laghdú go huasmhéid €25 milliúin go dtí go mbeadh toradh ar an idirbheartaíocht sin.

## 4. Réamhíocaíochtaí

| | 2006 € | 2005 € |
|---|---|---|
| Réamhíocaíochtaí leis an Státchiste | 1,160,350,569 | 1,335,165,927 |
| Réamhíocaíochtaí leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | 1,581,119 | 2,077,425 |
| | 1,161,931,688 | 1,337,243,352 |

Léiriú iad na réamhíocaíochtaí ar chistí Modhanna agus Meáin a tugadh ar iasacht don Státchiste agus don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

## 5. Infheistíochtaí

| Bannaí | 2006 € | 2005 € |
|---|---|---|
| Ar a gcostas | 73,659,785 | 86,200,499 |
| Ar luach an mhargaidh | 73,659,739 | 84,627,300 |

**Sceideal de Shealúchais Infheistíochta:**

| Ainmiúil € | Stoc | Costas € |
|---|---|---|
| 74,530 | 4.25% Banna Státchiste, 2007 | 75,719 |
| 296,276 | 6% Banna Státchiste, 2008 | 312,004 |
| 24,590 | 8.25% Stoc Caipitil, 2008 | 28,600 |
| 91,013 | 3.25% Banna Státchiste 2009 | 91,326 |
| 3,288,485 | 4% Banna Státchiste, 2010 | 3,325,006 |
| 43,015 | 8.5% Stoc Caipitil, 2010 | 55,216 |
| 26,000 | 8.75% Stoc Caipitil, 2012 | 33,257 |
| 15,282,647 | 5% Banna Státchiste, 2013 | 16,432,046 |
| 83,460 | 8.25% Banna Státchiste, 2015 | 112,387 |
| 29,380,840 | 4.6% Banna Státchiste, 2016 | 31,265,159 |
| 21,000,000 | 4.5% Banna Státchiste, 2020 | 21,929,065 |
| 69,590,856 | | 73,659,785 |

## 6. Comhaontuithe Díolacháin agus Athcheannacháin

Déantar comhaontuithe Díolacháin agus Athcheannach a fheidhmiú idir an Ciste um Banc Taisce an Phoist agus príomhdhéileálaithe mhargadh na mbannaí. Léirítear an t-ioncam a bhaineann leis sin nó an costas úis a eascraíonn ó na hidirbhearta sin san ioncam infheistíochta sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

## 7. Féichiúnaithe

| | 2006 € | 2005 € |
|---|---|---|
| Díbhinní agus Ús Infhaighte | 4,406,483 | 3,285,273 |
| Socraíochtaí Bannaí amuigh | – | – |
| Iarmhéideanna in airgead tirim i seilbh An Post | – | – |
| | 4,406,483 | 3,285,27 |

# Fiachas Náisiúnta na hÉireann *(ar lean)*

## 8. Taiscí Bhanc Taisce an Phoist

| | 2006<br>€ | 2005<br>€ |
|---|---|---|
| Taiscí ó Bhanc Taisce an Phoist | 1,542,742,671 | 1,485,843,020 |
| | 1,542,742,671 | 1,485,843,020 |

Áirítear leis na taiscí €326,976,301 (2005: €364,057,968) maidir leis na Cuntais Dreasachta Coigiltis Speisialta (CDCS). Bíonn cáin scoir de 23% ar an ús a shaothraítear dlite i gcás CDCS nuair a thagann sé in aibíocht tar éis 5 bliana agus 30 lá ó dheireadh na míosa inar íoc an taisceoir an chéad íocaíocht isteach sa chuntas CDCS. Tá oll-ús carntha de €12,709,100 (2005: €10,768,151) san áireamh leis na taiscí CDCS a mbeidh cáin ar ráta 23% dlite ar thoradh na hinfheistíochta orthu, i.e. ar an ús tuillte, ar dháta aibíochta an CDCS. Sa chás go ndéanann taisceoir astarraingt luath roimh an dáta aibíochta ainmnithe (5 bhliana agus 30 lá) beidh cáin ar ráta 23% dlite ar shuim iomlán an na príomhshuime agus an úis.

In Aibreán 2006 aistríodh €1,374,895 (2005: €881,610) as an gCiste um Banc Taisce an Phoist go dtí Ciste na gCuntas Díomhaoin faoi Acht na gCuntas Díomhaoin 2001. Ar an 31 Nollaig 2006 tar éis athoibriú cuntas de €480,722 (2005: €521,562) agus ús (glan ar Cháin Choinneála ar Ús Cuntas Taisce) caipitlithe de €25,643, bhí iarmhéid €27,182,919 (2005: €26,263,102) dlite do Thaisceoirí as Ciste na gCuntas Díomhaoin. Níl an dliteanas sin maidir le Ciste na gCuntas Díomhaoin san áireamh leis an bhfigiúr €1,542,742,671 (2005: €1,485,843,020) na ndliteanas maidir le Taiscí ó Bhanc Taise an Phoist.

## 9. Creidiúnaithe

| | 2006<br>€ | 2005<br>€ |
|---|---|---|
| Cistí glan dlite faoi Chomhaontuithe Díolacháin agus Athcheannacháin | 3,103,062 | 1,208,528 |
| Socraíochtaí maidir le Bannaí amuigh | 5,417,386 | – |
| Cáin Choinneála ar Ús Cuntas Taisce (DIRT) dlite do An Post | 141,669 | 505,664 |
| Fuílligh airgid dlite do An Post | 71,634 | 2,134,571 |
| | 8,733,751 | 3,848,763 |

## 10. Páipéar Tráchtála

| | 2006<br>€ | 2005<br>€ |
|---|---|---|
| Páipéar Tráchtála GAT | 236,806,018 | 2,054,355 |
| Billí Idirghabhála Tráchtearraí Talmhaíochta | 16,000,000 | – |
| | 252,806,018 | 2,054,355 |

Cheannaigh Ciste Bhanc Taisce an Phoist Páipéar Tráchtála fadtéarmach a d'eisigh an Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe (GAT), chomh maith le Bille Idirghabhála Tráchtearraí Talmhaíochta a d'eisigh an tAire Talmhaíocht agus Bia mar infheistíochtaí

# Ráitis Airgeadais an Cuntais Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006



# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá an cuntas ar leathanaigh 69 agus 70 scrúdaithe agam. Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad agus a bhí ag teastáil uaim faighte agam.

Is é mo thuairim go dtugann an cuntas, a chomhaontaíonn leis na taifid chuntasaíochta arna gcoinneáil ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i leith na gníomhaíochta seo, léargas ceart ar idirbhearta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006 agus ar an iarmhéid ar an dáta sin.

**John Purcell**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

28 Meitheamh 2007

# Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla

(An tAcht Airgeadais, 1950 Alt 22 (Uimh. 18 de 1950 arna leasú))

| Cuntas ar Fháltais agus Íocaíochtaí | | | An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006 € |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2006 | | | 215,402 |
| **Fáltais** | | | |
| Suimeanna a fuarthas ón bPríomh-Chiste faoin Acht Airgeadais 1950, Alt 22 arna leasú: | | | |
| - Ús | 1,368,301,275 | | |
| - Ciste Fiachmhúchta | 470,285,954 | | 1,838,587,229 |
| Suimeanna a fuarthas faoin Acht Airgeadais 1988 [A 67 (8)] | | | 459,121,129 |
| Ús taisce a fuarthas | | | 111,184,365 |
| Ús eile a fuarthas | | | 67,717 |
| | | | 2,409,175,842 |
| **Íocaíochtaí** | | | |
| Suimeanna i bhfeidhm maidir le fuascailt an Fhiachais Náisiúnta: | | | |
| Bannaí Rialtais na hÉireann arna liostú ar Stocmhalartán na hÉireann | | 27,513,524 | |
| Miontaiscí | | 9,263,471 | |
| Nótaí A69 | | 433,508,959 | 470,285,954 |
| Suimeanna i bhfeidhm maidir le fónamh don ús ar an bhFiachas Náisiúnta (nóta 2) | | | 1,448,499,150 |
| Suimeanna i bhfeidhm maidir le dliteanais faoin Acht Airgeadais 1970, [A 54 (7)] | | | 489,556,726 |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2006 | | | 834,012 |
| | | | 2,409,175,842 |

**Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

26 Meitheamh 2007

# Nótaí leis an gCuntas

## 1. Bunaíodh an cuntas seo faoi Alt 22 an Achta Airgeadais 1950.

### Blianachtaí

Déantar foráil san Acht Airgeadais gach bliain do bhlianachtaí a íoctar isteach sa Chuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla as an ioncam reatha arna ghearradh ar an bPríomh-Chiste. Is féidir suim shocraithe chur i leith an fhónaimh (íocaíochtaí úis) don fhiachas poiblí. Ní mór an fuílleach a chur i leith aisíocaíochtaí príomhshuime.

### Iasachtaí Bhainistíocht Airgid

Is féidir leis an Aire Airgeadais idirbhearta a dhéanamh de chineál gnáthbhaincéireachta faoi alt 54 den Acht Airgeadais, 1970 (arna leasú ag alt 118, an tAcht Airgeadais 1983, alt 67, an tAcht Airgeadais, 1988 agus alt 15 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990.)

Áirítear ar idirbhearta de chineál gnáthbhaincéireachta gníomhartha bainistíochta punainn nach mbaineann le hiasachtaí príomhshuime m.sh. réamh-mhargaí malairte, babhtáil agus ús ar thaiscí. Ní foláir fáltais ó idirbhearta den saghas sin, ach amháin idirbhearta in airgeadra nach bhfuil cuntas imréitigh airgeadra eachtraigh bunaithe ina leith faoi Alt 139 den Acht Airgeadais 1993, a thabhairt isteach sa Chuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla. Is féidir suimeanna dá leithéid a úsáid chun íocaíochtaí agus aisíocaíochtaí a dhéanamh maidir le gnáth-idirbhearta baincéireachta nó chun ús agus costais maidir leis an bhfiachas poiblí a íoc. Coinníonn an Ghníomhaireacht iarmhéid iarbhír an chuntais ag leibhéal a bhíonn faoi réir threoirlínte a eisíonn an tAire Airgeadais faoi alt 4(4) den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990.

## 2. Suimeanna i bhfeidhm ag fónamh don ús ar an bhFiachas Náisiúnta:

| | An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006 |
|---|---|
| 3.25% Banna Státchiste 2009 | 165,202,305 |
| 4% Banna Státchiste 2010 | 40,231,418 |
| 5% Banna Státchiste 2013 | 300,926,566 |
| 4.6% Banna Státchiste 2016 | 268,618,482 |
| 4.5% Banna Státchiste 2020 | 278,062,439 |
| 4.25% Banna Státchiste 2007 | 60.000.000 |
| Ús Miontaiscí | 315,260,065 |
| Iasachtaí Bhainistíocht Airgid | 14,401,919 |
| Iasachtaí Euro Eile | 19,461 |
| Eisiúintí Shiocair Babhtála* | 5,776,495 |
| Iomlán | 1,448,499,150 |

* Iasachtaí nó bannaí iad na hEisiúintí Shiocair Babhtála a eisítear in airgeadra eachtrach agus a ndéantar an sreabhadh airgid uathu a mhalartú go dtí airgeadra eile le bearta babhtála struchtúrtha idir airgeadraí

# Ráitis Airgeadais Chuntas Luath-Ús na nIasachtaí Náisiúnta

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006



# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá an cuntas ar leathanach 72 scrúdaithe agam. Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad agus a bhí ag teastáil uaim faighte agam.

Is é mo thuairim go dtugann an cuntas, a chomhaontaíonn leis na taifid chuntasaíochta arna gcoinneáil ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i leith na gníomhaíochta seo, léargas ceart ar idirbhearta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006 agus ar an iarmhéid ar an dáta sin.

**John Purcell**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

28 Meitheamh 2007

# Cuntas Luath-Ús na nIasachtaí Náisiúnta

| Cuntas ar Fháltais agus Íocaíochtaí | An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006 € |
|---|---|
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2006 | 49,734,671 |
| Ús fabhraithe a fuarthas mar gheall ar Iasachtaí Náisiúnta | |
| - Tráinsí agus Ceantanna | 10,554,158 |
| Ús fabhraithe a íocadh mar gheall ar Iasachtaí Náisiúnta | (51,438,900) |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2006 | |
| - Airgead Tirim le Banc Ceannais na hÉireann | 8,849,929 |

## Nóta leis an gCuntas

Eisíonn nó cealaíonn an Ghníomhaireacht ó am go ham sciaranna de Bhannaí reatha Rialtas na hÉireann. Déantar sin trí dhíolachán nó trí cheannachán ag an gCiste um Banc Taisce an Phoist agus socraíocht ina dhiaidh sin leis an Státchiste. Tugtar san áireamh le gné an úis fhabhraithe den tsuim socraíochta i gcás gach idirbheart banna go mbíonn díbhinn iomlán le híoc leis an úinéir cláraithe sa chás go mbítear i seilbh bhanna ar an dáta ex-díbhinne. Is é cuspóir atá leis an gcuntas seo go gcúiteodh an Ciste um Banc Taisce an Phoist an Státchiste as gné neamhthuillte na díbhinne a d'eascródh as tráinseáil bhannaí cum-díbhinne nó as cealú bhannaí ex-díbhinne. Úsáidtear na suimeanna sin ina dhiaidh sin chun na costais a bhíonn ar an Státchiste ag fónamh dó seo a thabhairt isteach.

**Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

26 Meitheamh 2007



# Ráitis Airgeadais Chuntas na nIasachtaí Náisiúnta (Réitithe)

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá an cuntas ar leathanaigh 75 agus 76 scrúdaithe agam. Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad agus a bhí ag teastáil uaim faighte agam.

Is é mo thuairim go dtugann an cuntas, a chomhaontaíonn leis na taifid chuntasaíochta arna gcoinneáil ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i leith na gníomhaíochta seo, léargas ceart ar idirbhearta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006 agus ar an iarmhéid ar an dáta sin.



**John Purcell**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

28 Meitheamh 2007

# Cuntas na nIasachtaí Náisiúnta (Réitithe)

| Cuntas ar Fháltais agus Íocaíochtaí | Note | An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006 € |
|---|---|---|
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2006 | | 5,047,324 |
| Fáltais ón Státchiste | 1 | 8,025,620 |
| Fáltais as Cuntas Fionraí an Bhainc Cheannais | | 130,327 |
| Íocaíochtaí le Cuntas Fionraí an Bhainc Cheannais | | (154,004) |
| Íocaíochtaí maidir le fuascailt Iasachtaí Náisiúnta | 2 | (9,233,322) |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2006 | | |
| - Airgead Tirim le Banc Ceannais na hÉireann | | 3,815,945 |

**Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

26 Meitheamh 2007

Is cuid shlán de na ráitis airgid seo na Nótaí ar leathanach 76.

# Nótaí leis an gCuntas

## 1. Cuspóir an Chuntais

Nuair a bhíonn sé dlite Iasacht Náisiúnta a fhuascail, bíonn an méid iomlán amuigh le híoc le sealbhóirí iasachta. Aistrítear aon suim nár éilíodh faoin dáta fuascailte isteach sa chuntas seo le híocaíocht ón Státchiste. Tá fuíllígh sa chuntas seo chomh maith maidir le híocaíochtaí fuascailte nár sóinseáladh a bhíodh i seilbh an Bhainc Cheannais agus na Roinne Airgeadais ina nGníomhairí Íocaíochta dóibh agus a aistríodh chuig Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Déantar soláthar ón gcuntas d'aon éileamh a dhéantar ina dhiaidh seo.

## 2. Iasachtaí Náisiúnta a fuasclaíodh i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2006

| | € |
|---|---:|
| 4.25% Iasacht Náisiúnta 1973/78 | 635 |
| 5.25% Iasacht Forbartha Náisiúnta 79-84 | 1,270 |
| 6% Stoc Státchiste 1980-85 | 1,401 |
| 7.5% Iasacht Náisiúnta 1981-86 | 219 |
| 9.75% Iasacht Náisiúnta 1984-89 | 4,023 |
| 6% Stoc Státchiste 1985/90 | 508 |
| 6.75% Iasacht Náisiúnta 1986/91 | 635 |
| 7% Iasacht Náisiúnta 1987/92 | 4,508 |
| 7.5% Stoc Forbartha 88/93 | 1,143 |
| 9.25% Iasacht Náisiúnta 89/94 | 2,793 |
| 9.5% Banna Comhshóite 1995 | 1,319 |
| 12% Stoc Comhshóite 1995 | 140 |
| 9.75% Iasacht Náisiúnta 1991/1996 | 2,540 |
| 9.75% Iasacht Forbartha Náisiúnta 92/97 | 3,445 |
| 14.5% Stoc Airgeadais 1998/00 | 91,147 |
| 6.25% Banna Státchiste 1999 | 5,702 |
| 6.5% Stoc Státchiste 00/05 | 21,181 |
| 11.75% Stoc Caipitil 2000 | 1,270 |
| 9.25% Stoc Caipitil 2003 | 57,874 |
| 14.75% Stoc Forbartha 2002/04 | 5,929 |
| 6.25% Banna Státchiste 2004 | 1,191,004 |
| 12.5% Stoc Caipitil 2005 | 189,086 |
| 8% Banna Státchiste 2006 | 5,789,103 |
| 9% Stoc Caipitil 2006 | 1,856,447 |
| | 9,233,322 |

# Ráitis Airgeadais an Chuntas Ghníomhaireacht Bainistíochta An Chisteáin Náisiúnta (Díbhinní nár Éilíodh)

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006



# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá an cuntas ar leathanaigh 78 agus 79 scrúdaithe agam. Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad agus a bhí ag teastáil uaim faighte agam.

Is é mo thuairim go dtugann an cuntas, a chomhaontaíonn leis na taifid chuntasaíochta arna gcoinneáil ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i leith na gníomhaíochta seo, léargas ceart ar idirbhearta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006 agus ar an iarmhéid ar an dáta sin.

**John Purcell**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

28 Meitheamh 2007

# Cuntas Ghníomhaireacht Bainistíochta An Chisteáin Náisiúnta (Díbhinní Nár hÉilíodh)

| **Cuntas ar Fháltais agus Íocaíochtaí** | **Note** | An bhliain dar críoch **31 Nollaig 2006** € |
|---|---|---|
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2006 | | 2,086,999 |
| Fáltais ó dhíbhinní neamhéilithe | | 24,551 |
| Íocaíocht mar gheall ar dhíbhinní neamhéilithe | 2 | (383,942) |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2006 | | |
| - Airgead Tirim le Banc Ceannais na hÉireann | 1 | 1,727,608 |

**Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

26 Meitheamh 2007

# Nótaí leis an gCuntas

## 1. Cuspóir an Chuntais

Nuair atá díbhinn dlite ar dhliteanas Iasachta, íocann Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta an tsuim iomlán atá dlite leis an nGníomhaire Íocaíochta agus eisítear ina dhiaidh sin leis na sealbhóirí cláraithe é. Léiriú iarmhéid an chuntais seo ar dhíbhinní ar iasachtaí atá tagtha chun aibíochta, nach bhfuil éilithe ag na sealbhóirí cláraithe agus a chuir an Gníomhaire Íocaíochta ar ais go dtí Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Bíonn fuílleach an chuntais ar fáil chun fónamh d'éilimh ar na díbhinní seo a thiocfadh san am atá ag teacht. Coimeádann an Gníomhaire Íocaíochta cúlchnap, thar ceann Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, a úsáideann sé chun fónamh d'éilimh faoi mar a thagann siad chun cinn i rith na bliana.

## 2. Díbhinní Neamhéilithe a íocadh i rith na bliana

| | |
|---|---|
| Bannaí Rialtas na hÉireann arna gclárú le Banc Ceannais na hÉireann | 323,202 |
| Bannaí eachtracha faoi riarachán an Ghníomhaire Íocaíochta | 60,740 |
| | 383,942 |

# Ráitis Airgeadais an Chuntaiss Infheistíochta Airgead Taisce

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006



## Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá an cuntas ar leathanach 82 scrúdaithe agam. Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad agus a bhí ag teastáil uaim faighte agam.

Is é mo thuairim go dtugann an cuntas, a chomhaontaíonn leis na taifid chuntasaíochta arna gcoinneáil ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i leith na gníomhaíochta seo, léargas ceart ar idirbhearta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006 agus ar an iarmhéid ag an dáta sin.

**John Purcell**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

28 Meitheamh 2007

## Cuntas Infheistíochta Airgead Taisce

| Cuntas ar Fháltais agus Íocaíochtaí | An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006 € |
|---|---|
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2006 | 1,074,349,000 |
| Airleacain Mhodhanna agus Mheán arna n-íoc leis an Státchiste | 14,550,944,000 |
| Airleacain Mhodhanna agus Mheán arna n-aisíoc ón Státchiste | (14,833,189,000) |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2006 | |
| - Airleacain Mhodhanna agus Mheán leis an Státchiste | 792,104,000 |

### Nóta leis an gCuntas

Taifeadtar sa chuntas seo na hiasachtaí agus na haisíocaíochtaí ar chistí farasbairr arna gcoimeád i gCuntas Soláthair an Phámháistir Ginearálta.

**Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

26 Meitheamh 2007



# Ráitis Airgeadais an Chuntais um Stoc A Ghlactar Mar Íocaíocht ar Cháin Oidhreachta agus Dleachtanna Báis

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006

## Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá an cuntas ar leathanaigh 85 agus 86 scrúdaithe agam. Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad agus a bhí ag teastáil uaim faighte agam.

Is é mo thuairim go dtugann an cuntas, a chomhaontaíonn leis na taifid chuntasaíochta arna gcoinneáil ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i leith na gníomhaíochta seo, léargas ceart ar idirbhearta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006 agus ar an iarmhéid ar an dáta sin.

**John Purcell**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

28 Meitheamh 2007

# Cuntas um Stoc A Ghlactar Mar Íocaíocht ar Cháin Oidhreachta agus Dleachtanna Báis

| Cuntas ar Fháltais agus Íocaíochtaí | | An bhliain dar críoch **31 Nollaig 2006** € |
|---|---|---|
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2006 | | NÁID |
| Fáltais | | |
| Ús a fuarthas ar shealúchas stoic | NÁID | |
| Fáltais ó fhuascailt stoic | NÁID | |
| Íocaíochtaí | | |
| Íocadh leis na Coimisinéirí Ioncaim as luach an stoic a aistríodh go dtí an tAire Airgeadais | | |
| - Ainmiúil | NÁID | |
| - Ús | NÁID | |
| Aisíocaíocht leis an Státchiste | | NÁID |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2006 | | NÁID |
| **Cuntas Stoic** | | |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2006 | | NÁID |
| Athrú na bliana | | |
| Méid ainmiúil stoic a aistríodh go dtí an tAire Airgeadais | NÁID | |
| Méid ainmiúil stoic a fuasclaíodh | NÁID | |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2006 | | NÁID |
| | | NÁID |



**Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

26 Meitheamh 2007

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## 1. Cuspóir an Chuntais

Is feithicil an cuntas seo a bunaíodh faoin Acht Airgeadais 1954, arna leasú ag an Acht um Cháin Fháltas Caipitiúil 1976, chun plé le Bannaí Rialtais ainmnithe áirithe a ghlacann na Coimisinéirí Ioncaim ar an aghaidhluach in ionad dleachtanna báis. Faigheann na Coimisinéirí Ioncaim Bannaí Rialtais na hÉireann agus aistríonn siad chuig an Aire Airgeadais iad. Cuirtear ar ceal ansin iad agus tugtar an fáltas (ar luach an mhargaidh) san áireamh. Déantar aon gannchion idir sin agus a bhfuil dlite do na Coimisinéirí Ioncaim (ar an aghaidhluach) a shásamh as an Státchiste agus íoctar na Coimisinéirí Ioncaim in iomláine.

## 2. Cuntas Stoic

Déantar taifead sa chuntas stoic ar idirbhearta ar an luach cothrom ainmniúil. Aon fhuílleach a bhíonn sa chuntas seo, baineann sé le bannaí i seilbh an Aire Airgeadais chun dliteanas cánach maidir leis na Coimisinéirí Ioncaim a scaoileadh nach bhfuil díolta fós ag an Aire.

# Ráitis Airgeadais an Chúlchiste Mionthaiscí Airgid

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006



# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá an cuntas ar leathanach 88 scrúdaithe agam. Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad agus a bhí ag teastáil uaim faighte agam.

Is é mo thuairim go dtugann an cuntas, a chomhaontaíonn leis na taifid chuntasaíochta arna gcoinneáil ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i leith na gníomhaíochta seo, léargas ceart ar idirbhearta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006 agus ar an iarmhéid ar an dáta sin.

**John Purcell**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

28 Meitheamh 2007

# An Cúlchiste Miontaiscí Airgid

| Cuntas ar Fháltais agus Íocaíochtaí | An bhliain dar críoch **31 Nollaig 2006** € |
|---|---|
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2006 | 824,560,884 |
| Fuarthas/ (íocadh) ó/ (leis) an Státchiste | (242,818,144) |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2006** | **581,742,740** |
| Ús fabhraithe measta ar an 31 Nollaig 2006 | 1,038,472,954 |

Foráladh le halt 160 den Acht Airgeadais 1994 do chiste a bhunú ar a dtugtar an Cúlchiste Miontaiscí. Foráladh d'íoc €76 milliún isteach sa chiste i 1994 agus do na suimeanna sin, dá mba ann dóibh, gach bliain ina dhiaidh sin a shocródh an tAire Airgeadais. Sa chás in aon bhliain fhéilire ar bith go sáraíonn íocaíocht úis ar shoinseáil miontaiscí 11 faoin gcéad den ús fabhraithe ar choigilteas den chineál sin ag deireadh na bliana féilire díreach roimhe sin, is féidir acmhainní an chiste a chur i leith shásamh oiread de na híocaíochtaí úis sin agus a sháraíonn, mar chéatadán den ús fabhraithe iomlán sin thuas, 11 faoin gcéad. B'ionann an costas úis iarmhír don bhliain 2006 agus 31.02 faoin gcéad den ús fabhraithe ar an 31 Nollaig 2005 - €1,549m.

Aistrítear fuílleach an Chiste go dtí an Státchiste mar airleacain mhodhanna agus mheán inaisíoctha. Níor íoc an Státchiste aon ús ar airleacain dá leithéid.

**Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

26 Meitheamh 2007



# Ráitis Airgeadais na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006


| | |
|---|---|
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 90 |
| Polasaithe Cuntasaíochta | 91 |
| Cuntas Ráitis na nÉileamh | 92 |
| Clár Comhardaithe | 93 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 94-95 |

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Éilimh Stáit don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006 iniúchta agam faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta de na Beartais Chuntasaíochta, Cuntas Ráiteas na nÉileamh, an Clár Comhardaithe, agus na nótaí gaolmhara.

### Freagrachtaí Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an Ghníomhaireacht na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta na Gníomhaireachta leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí na Gníomhaireachta.

Is é m'fhreagrachtsa ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

### An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrudú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí na Gníomhaireachta Éilimh Stáit, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

### Tuairim

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí na Gníomhaireachta Éilimh Stáit ag 31 Nollaig 2006 agus ar a idirbhearta don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an nGníomhaireacht. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

**John Purcell**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

28 Meitheamh 2007

# Polasaithe Cuntasaíochta

## Buneolas

Faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2000, rinneadh an bhainistíocht maidir le héilimh i gcoinne an Stáit mar gheall ar dhíobháil phearsanta agus dhamáiste do mhaoin agus leis na rioscaí ba bhun leis sin a tharmligean don GBCN. Nuair a bhítear ag comhlíonadh na bhfeidhmeanna sin, Gníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (GÉS) a thugtar ar an GBCN.

Leagtar dhá aidhm amach don GÉS faoin Acht:

- Bainistíocht a dhéanamh maidir le héilimh d'fhonn cinntiú go gcoinnítear dliteanas an Stáit agus costais dlí agus eile a bhainfeadh leis ag an leibhéal is ísle is féidir; agus

- Seirbhísí comhairle maidir le riosca a chur ar fáil d'Údaráis Stáit d'fhonn laghdú le himeacht ama ar a mhinicí agus a dhéantar éilimh agus ar a ghéire agus a bhíonn siad.

I mí Feabhra 2003, rinneadh an bhainistíocht ar éilimh maidir le faillí chlinicíochta agus rioscaí a bhaineann leis faoin Scéim Slánaíochta Clinicíochta a tharmligean thairmligean don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát. Bunaíodh an Scéim chun cuíchóiriú a dhéanamh maidir le socruithe slánaíochta leighis do bhoird sláinte, d'ospidéil agus do gníomhaireachtaí eile sláinte. Faoin Scéim, glacann an Stát freagracht iomlán slánaíocht in aghaidh éileamh maidir le faillí chlinicíochta agus leis an mbainistíocht orthu.

Seo a leanas na polasaithe cuntasaíochta den suntas atá curtha i bhfeidhm: -

## Airgeadra Tuairisceáin

Is é an EURO an t-airgeadra tuairisceáin agus is í an tsiombail € is sainchomhartha dó.

## Bonn Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhraithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Baineann feidhmeanna na Gníomhaireachta leis an mbainistíocht ar éilimh thar ceann Údaráis Stáit ar a bhfuil dliteanas maidir le héilimh agus óna ndéanann an Ghníomhaireacht aisghabháil ar shuimeanna aon dhámhachtana agus aon chostas a bhaineann leo. Is mar gheall ar idirbhearta na Gníomhaireachta amháin a thuairiscítear sna ráitis airgeadais agus dá bhrí sin, ní luaitear suim ar bith maidir le luach na n-éileamh a bheadh ag seasamh amach.

## Caiteachas

Luaitear caiteachas ar dhámhachtainí agus costais maidir le héilimh a shocrú ar cheadú deimhnithe a fháil nó ar shocrú deimhnithe éilimh dá shórt. Luaitear lóisteáil leis an gcúirt mar chaiteachas thar cheann Údaráis Stáit ar dháta na lóisteála.

## Suimeanna Infhaighte ó Údaráis Stáit

Luaitear suimeanna a bheith infhaighte ó Údaráis Stáit ag teacht leis an lua ar chaiteachas a bhaineann leis.

Dliteanais Theagmhasacha Údarás Stáit

Ní luaitear suim ar bith sna cuntais seo maidir le luach teagmhasach aon éileamh a bheadh ag seasamh amach maidir le húdaráis stáit ós ag déanamh bainistíochta ar na héilimh thar ceann na n-údarás sin amháin a bhíonn an Ghníomhaireacht.

# Cuntas Ráitis na nÉileamh

An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2006

| | Nótai | 2006 € | 2005 € |
|---|---|---|---|
| Faighte agus infhaighte ó Údaráis Stáit maidir le héilimh agus costais | 1 | 22,550,753 | 10,452,767 |
| Costais a gabhadh ar ais ó Éilitheoirí | | 249,385 | 26,359 |
| | | 22,800,138 | 10,479,126 |
| Íoctha agus iníoctha maidir le Dámhachtainí | | 12,395,025 | 6,282,235 |
| Lóisteáil leis an gCúirt agus Íocaíochtaí Tairisceana | 2 | 168,319 | 53,753 |
| Costais eile | 3 | 9,987,809 | 4,143,138 |
| Aisíoc costais gnóthaithe le húdaráis Stáit | | 248,985 | – |
| | | 22,800,138 | 10,479,126 |



**Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin N**áisiúnta**

**26 Meitheamh 2007**

Is cuid shlán de na ráitis airgeadais seo na nótaí ar leathanaigh 94 go dtí 95.

# Clár Comhardaithe

Ar an 31 Nollaig 2006

| | Nótai | 2006 € | 2005 € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | |
| Féichiúnaithe | 4 | 1,598,189 | 1,702,044 |
| Airgead tirim | | 637,288 | 551,969 |
| | | 2,235,477 | 2,254,013 |
| Dliteanais | | | |
| Iasachtaí ón gCiste um Banc Taisce an Phoist | 5 | 1,581,119 | 2,077,425 |
| Creidiúnaithe | 6 | 654,358 | 176,588 |
| | | 2,235,477 | 2,254,013 |

**Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin N**áisiúnta**

**26 Meitheamh 2007**

Is cuid shlán de na ráitis airgeadais seo na nótaí ar leathanaigh 94 go dtí 95.

# Fiachas Náisiúnta na hÉireann

## 1. Ioncam

| | 2006 € | 2005 € |
|---|---|---|
| Fuarthas ó Údaráis Stáit | 20,959,997 | 8,758,493 |
| Infhaighte ó Údaráis Stáit | 1,590,756 | 1,694,274 |
| | 22,550,753 | 10,452,767 |

## 2. Lóisteáil leis an gCúirt/Íocaíochta Tairisceana

Féadann an Ghníomhaireacht, mar chosantóir, íocaíochtaí a dhéanamh leis an gcúirt (lóisteáil) nó tairiscint íocaíochta a dhéanamh (forthairiscint) i gcaingean maidir le damáistí. Má dhiúltóinn an gearánaí glacadh leis féadann an Ghníomhaireacht, mar chosantóir, íocaíochtaí a dhéanamh leis an gcúirt (lóisteáil) nó tairiscint íocaíochta a dhéanamh (forthairiscint) i gcaingean maidir le damáistí. Má dhiúltóinn an gearánaí glacadh le méid na lóisteála nó na tairisceana mar réiteach ar an éileamh, téann an cás ar aghaidh chun a thriail. Sa chás go n-éiríonn leis an ngearánaí lena éileamh sa chúirt ach nach mbronntar dámhachtain air is mó ná an lóisteáil nó an tairiscint, tá an cosantóir i dteideal a chostais i gcoinne an ghearánaí ó dháta na lóisteála nó na tairisceana.

## 3. Costais eile

| | 2006 € | 2005 € |
|---|---|---|
| **Costais na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát** | | |
| – Táillí dlí | 3,956,812 | 2,263,488 |
| – Táillí míochaine | 403,148 | 245,384 |
| – Táillí innealtóireachta | 103,229 | 92,809 |
| – Táillí eile | 222,568 | 132,582 |
| – Costais Riaracháin GBCN a gabhadh ar ais | 400 | 10,523 |
| | 4,686,157 | 2,744,786 |
| **Costais an Ghearánaí** | | |
| – Táillí Dlí | 5,287,710 | 1,385,367 |
| – Táillí saineolaithe eile | – | 7,972 |
| – Costais taistil | 5,683 | 1,270 |
| | 5,293,393 | 1,394,609 |
| **Costais Fhinnéithe** | 8,259 | 3,743 |
| | 9,987,809 | 4,143,138 |

## 4. Féichiúnaithe

| | 2006 € | 2005 € |
|---|---|---|
| Infhaighte ó Údaráis Stáit | 1,590,756 | 1,694,274 |
| Eile | 7,433 | 7,770 |
| | 1,598,189 | 1,702,044 |

## 5. Iasachtaí ó Bhanc Taisce an Phoist

Faoi Alt 16 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2000, is féidir leis an Aire Airgeadais airleacain a thógáil ó Chiste Bhanc Taisce an Phoist chun suimeanna maidir le costais, táillí agus costais maidir le seirbhísí lucht gairme agus saineolaithe comhairle eile, suim aon dámhachtaine nó socraithe atá le híoc le gearánaí i ndáil le héileamh tarmligthe, agus suim an úis (má thagann sin i gceist) atá le híoc air.

## 6. Creidiúnaithe

| | 2006 € | 2005 € |
|---|---|---|
| Iníoctha maidir le dámhachtana | 358,812 | – |
| Iníoctha maidir le costais | 117,484 | 4,801 |
| Cáin Shiarchoinneálach Sheirbhísí Gairme dlite do na Coimisinéirí Ioncaim | 80,063 | 31,002 |
| Suim dlite do chuntas Riaracháin GBCN | 1,164 | 131,167 |
| Suim dlite do údaráis Stáit | 86,275 | – |
| Eile | 10,560 | 9,618 |
| | 654,358 | 176,588 |

## 7. Costais Riaracháin

Gearrtar costais riaracháin na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stáit ar fad ar chuntas Riaracháin Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus íoctar as an bPríomh-Chiste iad.

Féadann Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát costais riaracháin a dtéann sí iontu a aisghabháil ó ghearánaithe a dteipeann ar a ngearán. Sa chás go n-aisghabhtar costais, aistrítear iad go dtí cuntas Riaracháin Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta.

# Ráitis Airgeadais Chiste na gCuntas Díomhaoin

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006


| | |
|---|---|
| Ráiteas faoi Fhreagracht na Gníomhaireachta | 98 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 99 |
| Polasaithe Cuntasaíochta | 100 |
| Cuntas Infheistíochta agus Eisíocaíochta | 101 |
| Cuntas Cúlchiste | 102 |
| Clár Comhardaithe | 103 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 104-108 |

## Ráiteas faoi Fhreagracht na Gníomhaireachta

Tá dlite ar an nGníomhaireacht faoi réir Acht na gCuntas Díomhaoin, 2001 ("an Príomh-Acht") arna leasú le hAcht na gCuntas Díomhaoin (Leasú) 2005 agus an tAcht um Polasaithe Árachais Saoil Neamhéilithe, 2003 ráitis airgeadais a ullmhú maidir le hoibriúchán gach bliana airgeadais.

- Dlitear ar an nGníomhaireacht agus na ráitis sin á n-ullmhú:
- polasaithe cuntasaíochta cuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach, stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh murarbh mhíchuí sin;
- aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as gach cuntas ceart agus coitianta a choimeád, san fhoirm atá cheadaíonn an tAire, ar an airgead ar fad a fuarthas nó a caitheadh agus as taifid chuntasaíochta a choimeád lena nochtófaí le cruinneas réasúnta ag tráth ar bith riocht airgeadais an Chiste.

Tá an Ghníomhaireacht freagrach chomh maith as sócmhainní atá faoina rialú a chosaint agus dá réir sin as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus míréireachtaí eile a thabhairt faoi deara agus a chosc.

**Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

26 Meitheamh 2007

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá ráitis airgeadais Chiste na gCuntas Díomhaoin don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006 iniúchta agam faoin Acht um Chiste na gCuntas Díomhaoin 2001.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta de na Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas Infheistíochta agus Íocaíochtaí Amach, An Cúlchuntas, an Clár Comhardaithe, agus na nótaí gaolmhara.

### Freagrachtaí Ghníomhaireachta Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta um Chiste na gCuntas Díomhaoin 2001, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an Ghníomhaireacht na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta na Gníomhaireachta leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí na Gníomhaireachta.

Is é m'fhreagrachtsa ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

## An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrudú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí an Chiste, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

## Tuairim

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí Chiste na gCuntas Díomhaoin ag 31 Nollaig 2006 agus ar a idirbhearta don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an nGníomhaireacht. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

**John Purcell**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

28 Meitheamh 2007

# Polasaithe Cuntasaíochta

## Buneolas

Foráltar le hAcht na gCuntas Díomhaoin, 2001, arna leasú ag Acht na gCuntas Díomhaoin (Leasú) 2005, do scéim chun cistí díomhaoin i mbainc, i gcumainn fhoirgniochta agus in An Post a aistriú faoi churam an Stait, agus ag an am céanna déantar ráthaíocht ar an gceart na cistí sin a aisghabháil. Foráltar freisin do scéim a thabhairt isteach maidir le cistí nach dócha go n-aisghabhfar iad a íoc amach chun críche carthanachta nó leas an phobail.

Foráladh leis an Acht um Polasaithe Árachais Saoil Neamhéilithe, 2003 d'aistriú pholasaithe árachais saoil neamhéilithe go dtí an Stát agus leasaíodh Acht na gCuntas Díomhaoin, 2001 de réir mar ba ghá chun polasaithe árachais saoil a thabhairt isteach faoin reachtaíocht chomh maith.

Tá Cuntas Cúlchiste, as a n-íoctar cistí a aisghabhtar agus costais éagsúla, agus Cuntas Infheistíochta agus Eisíocaíochtaí, as a ndéantar infheistíochta agus eisíocaíocht, ag baint le Ciste na gCuntas Díomhaoin.

Tá de fhreagracht ar Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an Ghníomhaireacht), faoi altanna 17 agus 18 an Phríomh-Achta, Ciste na gCuntas Díomhaoin a bhunú, a bhainistiú agus a rialú agus tá gach cumhacht aige (cumhacht táillí, iníoctha as an gCiste, a ghearradh maidir le bainistíocht agus rialú an Chiste san áireamh) is gá chun na feidhmeanna a chomhlíonadh. Tá siad seo a leanas i measc na bhfeidhmeanna sin:

- eisíocaíochtaí a dhéanamh de réir na treorach ón mBord Eisíocaíochtaí
- an Cuntas Cúlchiste a choimeád
- na táillí, costais agus speansais a thabhaíonn an Ghníomhaireacht agus an Bord Eisíocaíochtaí a ghlanadh
- luach saothaoir, táillí agus costais na gcigirí údaraithe a ghlanadh
- aisíoc airgid a aistríodh go dtí an Ciste
- an plean infheistíochta bliantúil a ullmhú, i bhfianaise an phlean eisíocaíochta agus aon treoir a thabharfadh an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
- infheistíocht ar aon airgead a sheasann chun sochair an Chiste nach bhfuil, san am i láthair, de dhíth chun críche dliteanais an Chiste a shásamh
- cuntais chuí a choimeád ar an airgead a fhaigheann agus a chaitheann an Ghníomhaireacht
- cuntais bhliantúla a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus cóip de na cuntais arna iniúchadh a chur i láthair an Aire Airgeadais agus an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

De réir mar a fhoráltar dó faoi Acht na gCuntas Díomhaoin (Leasú) 2005, rinne an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta Bord na gCuntas Díomhaoin a bhunú ar an 4 Eanáir 2006. Tagann an Bord nua in áit Bhord Eisíocaíochtaí Chiste na gCuntas Díomhaoin a scaoileadh ar an dáta céanna. Cé gur ról monatóireachta agus comhairle den chuid is mó atá ag Bord na gCuntas Díomhaoin, tá de chumhacht aige chomh maith treoir a thabhairt don Ghníomhaireacht eisíocaíochtaí a dhéanamh as Ciste na gCuntas Díomhaoin de thoradh as iarratais ar dheontais a cheadaigh iar-Bhord Eisíocaíochtaí Chiste na gCuntas Díomhaoin sular scaoileadh é (alt 11(3) d'Acht na gCuntas Díomhaoin (Leasú) 2005 an tagairt).

Seo a leanas na polasaithe cuntasaíochta den suntas atá i bhfeidhm: -

### Airgeadra Tuairisceáin
Is é an EURO an t-airgeadra tuairisceáin agus is í an tsiombail € is sainchomhartha dó.

### Tréimhse Tuairisceáin
Is í an bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2006 an tréimhse tuairisceáin.

### Bonn Cuntasaíochta
Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhruithe faoi choinbhinsiún na gcostas stairiúil.

# Cuntas Infheistíochta agus Eisíocaíochta

An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2006

| | Nótai | 2006<br>€ | 2005<br>€ |
|---|---|---|---|
| Ús ar infheistíochtaí | | 5,723,671 | 3,863,581 |
| Airgead a aistríodh go dtí an Ciste maidir le cuntais dhíomhaoine agus polasaithe árachais saoil neamhéilithe | 1 | 80,149,281 | 40,815,461 |
| Suim a aistríodh go dtí an Cuntas Cúlchiste | 2 | (54,612,640) | (36,215,548) |
| Eisíocaíochtaí | 3 | (33,250,000) | (14,400,000) |
| | | (1,989,688) | (5,936,506) |
| Iarmhéid ag tús na tréimhse | | 174,067,113 | 180,003,619 |
| Iarmhéid ag deireadh na tréimhse | | 172,077,425 | 174,067,113 |



**Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

26 Meitheamh 2007

Is cuid shlán de na ráitis airgeadais seo na nótaí ar leathanaigh 104 go dtí 108.

# Cuntas Cúlchiste

An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2006

| | Nótai | 2006 € | 2005 € |
|---|---|---|---|
| Aistriú ón gCuntas Infheistíochta agus Eisíocaíochtaí | 2 | 54,612,640 | 36,215,548 |
| Ús ar infheistíochtaí | | 959,586 | 632,150 |
| Aisíoc airgid a aistríodh go dtí an Ciste | 1 | (44,736,631) | (22,916,079) |
| Ús ar aisíoc airgid a aistríodh go dtí an Ciste | 1 | (307,351) | (434,431) |
| Costais eile | 4 | (1,603,729) | (1,678,125) |
| Athrú don bhliain | | 8,924,515 | 11,819,063 |
| Iarmhéid ag tús na tréimhse | | 30,342,404 | 18,523,341 |
| Iarmhéid ag deireadh na tréimhse | | 39,266,919 | 30,342,404 |

**Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

26 Meitheamh 2007

Is cuid shlán de na ráitis airgeadais seo na nótaí ar leathanaigh 104 go dtí 108.

# Clár Comhardaithe

Ar an 31 Nollaig 2006

| | Nótai | 2006 € | 2005 € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | |
| **Sócmhainní Airgeadais** | | | |
| – Infheistíochtaí ar a gcostas | 9 | 169,500,000 | 171,500,000 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| – Airgead tirim | 5 | 41,141,789 | 32,549,683 |
| – Féichiúnaithe | | 845,398 | 364,462 |
| **Dliteanais** | | | |
| – Creidiúnaithe | | (142,843) | (4,628) |
| Glan-sócmhainní | 6 | 211,344,344 | 204,409,517 |
| **Arna léiriú le:** | | | |
| Cuntais Infheistíochta agus Eisíocaíochtaí | | 172,077,425 | 174,067,113 |
| Cuntas Cúlchiste | | 39,266,919 | 30,342,404 |
| | | 211,344,344 | 204,409,517 |

**Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

26 Meitheamh 2007

Is cuid shlán de na ráitis airgeadais seo na nótaí ar leathanaigh 104 go dtí 108.

# Fiachas Náisiúnta na hÉireann

## 1. Suimeanna a aistríodh agus a aisghabhadh maidir le cuntais dhíomhaoine agus polasaithe árachais neamhéilithe

**Bainc – Cuntais Dhíomhaoine**

| Institiúid | Iarmhéid Tosaigh a 1/1/06 € | Aistríodh € | Aisghabhadh € | Iarmhéid Deiridh 31/12/06 € | Ús a Íocadh € |
|---|---|---|---|---|---|
| ABN AMRO | 356 | – | – | 356 | – |
| ACC Bank plc | 3,875,773 | 664,964 | 481,998 | 4,058,739 | 2,026 |
| Allied Irish Bank plc | 36,028,665 | 2,840,898 | 377,317 | 38,492,246 | 302 |
| AIB Finance Limited | 948,919 | 364,692 | 27,489 | 1,286,122 | 140 |
| Anglo Irish Bank Corporation plc | 298,779 | 16,044 | 507 | 314,316 | – |
| Barclays Bank plc | 321,192 | 261 | – | 321,453 | – |
| BNP Paribas | 67,487 | – | – | 67,487 | – |
| Bank of America | 154,778 | – | – | 154,778 | – |
| Bank of Ireland | 32,720,728 | 4,139,343 | 718,886 | 36,141,185 | 349 |
| Bank of Ireland Treasury & International Banking | 1,890,207 | 202,939 | 5,041 | 2,088,105 | – |
| Bank of Scotland (Ireland) | 436,998 | 91,218 | 36,758 | 491,458 | 429 |
| EBS Building Society | 6,051,756 | 7,532,776 | 5,475,586 | 8,108,946 | 24,348 |
| First Active | 4,406,750 | 428,415 | 49,593 | 4,785,572 | 80 |
| ICS Building Society | 1,160,787 | 280,606 | 82,603 | 1,358,790 | 546 |
| InvestecBank (UK) Limited (Irish Branch) | 355,524 | 19,581 | 9,049 | 366,056 | 33 |
| Irish Nationwide Building Society | 2,483,457 | 850,527 | 488,697 | 2,845,287 | 10,077 |
| JP Morgan Ireland plc | 48,897 | – | – | 48,897 | – |
| National Irish Bank Limited | 3,254,270 | 231,910 | 64,044 | 3,422,136 | 165 |
| An Post – National Instalment Schemes | 1,208,497 | 112,417 | 225,582 | 1,095,332 | 72,342 |
| An Post–National Instalment Schemes (Capitalised interest) | 5,019,854 | 270,569 | 920,258 | 4,370,165 | – |
| Permanent TSB | 19,211,883 | 1,937,818 | 543,183 | 20,606,518 | 6,662 |
| An Post – Banc Taisce an Phoist | 26,187,685 | 1,374,895 | 479,425 | 27,083,155 | 1,297 |
| An Post – Bannaí Coigiltis (Ús caipitlithe) | 3,117,572 | 207,185 | 372,114 | 2,952,643 | – |
| An Post – Bannaí Coigiltis | 1,680,434 | 181,242 | 212,034 | 1,649,642 | – |
| An Post – Teastais Choigiltis (Ús caipitlithe) | 32,440,873 | 38,546,764 | 24,594,838 | 46,392,799 | – |
| An Post – STeastais Choigiltis | 5,761,750 | 11,770,925 | 7,318,635 | 10,214,040 | 187,707 |
| Scotiabank (Ireland) Limited | 1,003,127 | 0 | 0 | 1,003,127 | – |
| Ulster Bank Ireland Limited | 7,103,000 | 762,847 | 114,313 | 7,751,534 | 848 |
| WestLB Ireland plc | 71,764 | 8,590 | 308 | 80,046 | – |
| **IOMLÁN** | **197,311,762** | **72,837,426** | **42,598,258** | **227,550,930** | **307,351** |

## 1. Suimeanna a aistríodh agus a aisghabhadh maidir le cuntais dhíomhaoine agus polasaithe árachais neamhéilithe (ar lean)

### Comhlachtaí Árachais – Polasaithe Árachais Neamhéilithe

| Institiúid | Iarmhéid Tosaigh a 1/1/06 € | Aistríodh € | Aisghabhadh € | Iarmhéid Deiridh 31/12/06 € | Ús a Íocadh € |
|---|---|---|---|---|---|
| **Téarma Sonraithe** | | | | | |
| Alba Life | 35,113 | – | – | 35,113 | – |
| Ark Life | 6,349 | – | – | 6,349 | – |
| Caledonian Life | 104,474 | – | 15,513 | 88,961 | – |
| Canada Life Assurance | 63,896 | 78,324 | – | 142,220 | – |
| Canada Life Ireland | 12,856 | 178,340 | – | 191,196 | |
| Eagle Star | 37,474 | 23,537 | – | 61,011 | – |
| Friends First | 530,706 | 99,150 | 21,573 | 608,283 | – |
| Hibernian Life | 529,627 | 222,165 | 36,166 | 715,626 | – |
| Irish Life | 1,488,822 | 519,923 | 190,923 | 1,817,822 | |
| New Ireland | – | 365,066 | 121,690 | 243,376 | – |
| Royal Liver | 2,474,556 | 218,600 | 40,371 | 2,652,785 | – |
| Royal & SunAlliance | 600,608 | 180,644 | 172,687 | 608,565 | – |
| St. James Place | – | 10,649 | – | 10,649 | |
| Scottish Legal Life | 147,484 | 75,487 | – | 222,971 | – |
| Standard Life | 358,113 | 37,457 | 7,225 | 388,345 | – |
| Sun Life Financial of Canada | 73,909 | – | – | 73,909 | – |
| **Gan Téarma Sonraithe** | | | | | |
| Alba Life | 15,033 | – | – | 15,033 | – |
| Caledonian Life | 18,850 | – | – | 18,850 | – |
| Canada Life Assurance | 9,203 | 74,562 | – | 83,765 | – |
| Canada Life Ireland | 1,025,065 | 1,163,390 | 145,910 | 2,042,545 | |
| Eagle Star | 390,654 | 103,407 | 54,485 | 439,576 | – |
| Friends First | 1,196,507 | 96,508 | 154,561 | 1,138,454 | – |
| Hibernian | 1,084,482 | 226,019 | 47,748 | 1,262,753 | – |
| Irish Life | 4,329,502 | 717,061 | 503,153 | 4,543,410 | – |
| New Ireland | 6,432,162 | 2,152,756 | 309,977 | 8,274,941 | – |
| Royal & SunAlliance | 3,358 | – | – | 3,358 | – |
| Royal Liver | 5,689,840 | 490,343 | 70,409 | 6,109,774 | – |
| Scottish Legal Life | 153,111 | – | 3,142 | 149,969 | – |
| Scottish Provident Ireland | 63,291 | 148,996 | 0 | 212,287 | – |
| Standard Life | 834,256 | 103,911 | 236,354 | 701,813 | – |
| Sun Life Financial of Canada | 28,399 | 25,560 | 6,486 | 47,473 | – |
| **IOMLÁN** | **27,737,700** | **7,311,855** | **2,138,373** | **32,911,182** | **–** |
| **MÓRIOMLÁN** | **225,049,462** | **80,149,281** | **44,736,631** | **260,462,112** | **307,351** |

Bhí suimeanna in ainmníocht airgeadraí seachas an Euro i measc na suimeanna a aistríodh go dtí an Ciste. Is é éifeacht a bheadh le hathluacháil ar na cuntais seo ar rátaí malairt dheireadh na bliana laghdú €15,702 a chur ar an tsuim iomlán a aistríodh go dtí an Ciste agus nár aisghabhadh go fóill ó €260,462,112 go dtí €260,477,814.

# Fiachas Náisiúnta na hÉireann *(ar lean)*

## 2. Aistriú go dtí an Cuntas Cúlchiste

Faoi Alt 17 (4) d'Acht na gCuntas Díomhaoin 2001, íocann Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta isteach sa Chuntas Cúlchiste, ó am go ham, suim a shocraíonn an Ghníomhaireachta, le ceadú an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta arna thabhairt le toiliú an Aire Airgeadais, chun críche aisíocaíochtaí a dhéanamh as an gCiste agus táillí agus costais éagsúla na Gníomhaireachta, an Bhoird agus na gcigirí údaraithe a ghlanadh. Dá réir sin, déanann an Ghníomhaireacht aistriú ag tús gach ráithe chun an iarmhéid sa chuntas cúlchiste a choimeád ar an ráta atá ceadaithe faoi láthair de 15% d'iomlán na gcistí díomhaoin a fuair Ciste na gCuntas Díomhaoin agus nár aisghabhadh go fóill. D'fhéadfadh iarmhéid an chuntais Cúlchiste titim faoi bhun 15% i rith na tréimhse eadramhaí idir na dátaí ath-chomhardaithe ráithiúla.

## 3. Eisíocaíochtaí

Rinneadh na heisíocaíochtaí mar seo a leanas as an gCiste i rith na tréimhse.

| | 2006<br>€ | 2005<br>€ |
|---|---|---|
| **Faoi threoir Bhord Eisíocaíochtaí na gCuntas Díomhaoin, (alt 41 d'Acht na gCuntas Díomhaoin 2001)** | | |
| - Pobal (ADM mar a bhíodh, soláthraí seirbhíse agus ghníomhaire Bhord Eisíocaíochtaí na gCuntas Díomhaoin) | 17,000,000 | 8,000,000 |
| **Faoi theoir an Aire Airgeadais** | | |
| An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta (maidir leis an Scéim Sóisialta Tuaithe) | 16,000,000 | 6,400,000 |
| An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta (maidir le tionscadail fofa) | 250,000 | – |
| | 33,250,000 | 14,400,000 |

## 4. Costais eile

| | 2006<br>€ | 2005<br>€ |
|---|---|---|
| Costais an Bhoird Eisíocaíochtaí | | |
| - Táillí Boird | 75,110 | 43,171 |
| - Costais Boird | 4,836 | 1,777 |
| - Táillí an tsoláthraí seirbhíse (Pobal) | 1,270,843 | 1,452,458 |
| - Costais eile | 77,940 | 99,936 |
| Táille na gCigirí | 175,000 | 80,783 |
| | 1,603,729 | 1,678,125 |

Baineann na figiúirí comparáideacha do 2005 le Bord Eisíocaíochtaí na gCuntas Díomhaoin.

## 5. Airgead Tirim

Léiríonn an figiúr seo iarmhéid an airgid ar coimeád i mBanc Ceannais na hÉireann.

## 6. Dliteanas Teagmhasach an Státchiste

Tá éagsúlacht idir figiúr na nglan-sócmhainní agus iomlán na gcistí díomhaoin a fuair Ciste na gCuntas Díomhaoin agus nár aisghabhadh go fóill. Seo a leanas míniú na héagsúlachta sin:

| | € | € |
|---|---|---|
| Glan-sócmhainní | | 211,344,344 |
| Iomlán na gcistí díomhaoin a fuair an Ciste agus nár aisghabhadh go fóill (féach nóta 1) | | (260,462,112) |
| Dliteanas teagmhasach an Státchiste ar an 31/12/2006 | | (49,117,768) |
| | | |
| Arna léiriú le: | | |
| Ús ar infheistíochtaí | 6,683,257 | |
| Ús ar aisíoc airgid a aistríodh go dtí an Ciste (féach nóta 1) | (307,351) | |
| Eisíocaíochtaí (féach nóta 3) | (33,250,000) | |
| Costais eile (féach nóta 4) | (1,603,729) | |
| Farasbarr/(Easnamh) don bhliain | | (28,477,823) |
| Dliteanas teagmhasach an Státchiste ar an 1/1/2006 | | (20,639,945) |
| Dliteanas teagmhasach an Státchiste ar an 31/12/2006 | | (49,117,768) |

Léiriú an figiúr seo ar an dliteanas ionchais a bheadh le sásamh ag an Státchiste sa chás go n-aisghabhfaí gach airgead sna cuntais dhíomhaoine.

Faoi alt 17(7) d'Acht na gCuntas Díomhaoin 2001, sa chás nach leor an t-airgead sa Chuntas Infheistíochta agus Eisíocaíochta chun fónamh don easnamh sa Chuntas Cúlchiste, is féidir suim nach mó ná an t-easnamh a íoc as an bPríomh-Chiste isteach sa Chuntas Cúlchiste. Aisíoctar an t-airgead leis an bPríomh-Chiste, chomh luath agus is féidir, as airgead farasbairr sa Chiste tar éis soláthar d'aon dliteanais nó dliteanais theagmhasacha maidir leis an gCiste.

## 7. Costais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Faoi alt 45 (1)(c) d'Acht na gCuntas Díomhaoin, 2001 tá dlite ar an nGníomhaireacht eolas sonraithe áirithe a thabhairt de thuairisc don Bhord Eisíocaíochta ar a n-áirítear cuntas faoi leith ar tháillí agus costais riaracháin a tharraingítear ar an nGníomhaireacht i bhfeidhmiú an Chiste. Leagtar amach thíos iad:

| | 2006<br>€ | 2005<br>€ |
|---|---|---|
| Riarachán Ginearálta | 150,000 | 150,000 |
| Iomlán | 150,000 | 150,000 |

Meastachán atá anseo agus é mar chuid de na nótaí leis na cuntais amháin, ó tá socraithe ag GBCN gan an tsuim sin a ghearradh ar an mBord Eisíocaíochtaí.

# Fiachas Náisiúnta na hÉireann *(ar lean)*

## 8. Toradh ar an Infheistíocht

Faoi alt 45 (1)(b) d'Acht na gCuntas Díomhaoin, 2001 tá dlite ar an nGníomhaireacht tuairisc a thabhairt don Bhord Eisíocaíochta ar an toradh a bhaineann an Ciste amach ar an infheistíocht. 2.88 % (2005: 2.14%), arna lua de réir na bliana, an toradh ar an gCiste i rith na tréimhse a thagann faoin bplean infheistíochta.

## 9. Sócmhainní Infheistíochta

Is taiscí tráchtála le hinstitiúidí airgeadais iad na Sócmhainní Infheistíochta.



**DESIGN** LOMAN CUSACK DESIGN



**Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta**
Foirgneamh an Chisteáin
Sráid na Canála Móire
Baile Átha Cliath 2
Éire

**Tel** +353 1 664 0800

**Fax** +353 1 664 0890

**www.ntma.ie**

An Leathanach Seo: *Pink moon*

Laistigh den Chlúdach: *Still life with Trumpet*